



# **Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí** **Standards in Public Office Commission**

Imscrúdú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí  
ar Sháruithe Líomhnaithe ar  
na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001,  
agus ar Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001

An Seanadóir Brian Ó Domhnaill  
iarchomhalta de chuid  
Chomhairle Contae Dhún na nGall agus  
Údarás na Gaeltachta

Nollaig 2016

Tuarascáil faoi alt 24 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, arna leasú  
leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, agus arna chur i  
bhfeidhm leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001

*An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí  
18 Sráid Líosain Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2*

*Teileafón: (01) 6395666  
Ríomhphost: [sipo@sipo.ie](mailto:sipo@sipo.ie)  
Suíomh Gréasáin: [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie)  
Twitter: [@SIPOCIreland](https://twitter.com/SIPOCIreland)*

## **Brollach**

Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún), de réir alt 23 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (an tAcht um Eitic), arna leasú leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (an tAcht um Chaighdeáin), imscrúdú chun a chinneadh an ndearna an Seanadóir Brian Ó Domhnaill, iarchomhalta de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Údarás na Gaeltachta, sárú ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic), agus/nó ar Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (an tAcht Rialtais Áitiúil). D'ullmhaigh an Coimisiún, de réir alt 24 den Acht um Eitic, an tuarascáil seo a leanas ar thoradh an imscrúdaithe, dá bhfuil cóipeanna á gcur ar fáil dóibh seo a leanas de réir alt 24(1) den Acht um Eitic agus alt 180(3) den Acht Rialtais Áitiúil:

1. an Seanadóir Ó Domhnaill, an duine is ábhar don imscrúdú;
2. an tUas. Seamus Neely, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún na nGall, agus an Comhairleoir Terence Slowey, Cathaoirleach, Comhairle Contae Dhún na nGall, a ndearna duine dá réamhtheachtaithe, mar a bhí an Comhairleoir Noel McBride, gearán leis an gCoimisiún i gcomhar leis an Uas. Neely agus
3. an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe  
Cathaoirleach

An tUas. Seamus McCarthy  
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tUas. Peter Tyndall  
An tOmbudsman

An tUas. Peter Finnegan  
Cléireach Dháil Éireann

Deirdre Lane Uas.  
Cléireach Sheanad Éireann

An tUas. Jim O'Keeffe  
An Coimisinéir

Nollaig 2016

## **Clár Ábhar**

1. Réamhrá
2. Cúlra
3. Suí Imscrúdaithe an Choimisiúin
4. Na Sáruihte Líomhnaithe
5. Fionnachtana agus Cinntí

## **Aguisíní**

1. Litr chuig an Seanadóir Ó Domhnaill - an 25 Eanáir 2013 – inar cuireadh an Ráiteas maidir leis na Sáruihte Líomhnaithe faoi iamh
2. Sleachta ábhartha ó reachtaíocht, ó ordacháin ón Aire agus ón gCód Iompraíochta do Chomhairleoirí
3. Tras-scríbhinn den Éisteacht Imscrúdaithe – an 9 Bealtaine 2016
4. Aighneachtaí scríofa arna ndéanamh ag abhcóidí don Choimisiún agus ag abhcóidí don Seanadóir Ó Domhnaill

## 1. Réamhrá

- 1.1 Bunaíodh an Coimisiún le halt 21 den Acht um Eitic, arna leasú le halt 2 den Acht um Chaighdeáin, arna thabhairt i bhfeidhm leis an Ordú fán Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (Tosach Feidhme), 2001. Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choimisiún chun críocha an imscrúdaithe seo:

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe (Cathaoirleach)  
An tUas. Séamus McCarthy, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
An tUas. Peter Tyndall, an tOmbudsman  
An tUas. Peter Finnegan, Cléireach Dháil Éireann  
Deirdre Lane Uas., Cléireach Sheanad Éireann  
An tUas. Jim O'Keeffe, iarchomhalta de Dháil Éireann

- 1.2 Mar achoimre, is é ról an Choimisiúin ná maoirseacht a dhéanamh ar oibriú na nAchtanna um Eitic a mhéid a bhaineann siad le sealbhóirí oifige, le hArd-Aighne nach comhalta de Theach den Oireachtas é/í, le comhairleoirí speisialta d'Airí, le stiúrthóirí ainmnithe agus fostaithe ainmnithe de chuid comhlachtaí poiblí sonraithe agus le státseirbhísigh áirithe; treoir agus comhairle a chur ar fáil maidir le hinfeidhmeacht na nAchtanna um Eitic agus imscrúduithe a dhéanamh ar shárúithe féideartha ar na hAchtanna um Eitic agus/nó ar Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil.
- 1.3 Is é atá i bhfeidhm imscrúdaithe an Choimisiúin ná nós imeachta foirmiúil lena dtugtar cumhachtaí reachtúla dá Chathaoirleach, lena n-áirítear an chumhacht chun a éileamh go mbeidh finnétithe i láthair agus chun doiciméid nó ábhar eile a fháil. Ceanglaítear ar an gCoimisiún leis na hAchtanna um Eitic suíonna a reáchtáil chun críche imscrúduithe a dhéanamh. Tá an nós imeachta mionsonraithe arna shocrú ag an gCoimisiún le haghaidh imscrúduithe a dhéanamh ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag <http://www.sipo.gov.ie/ga/Eolas-Fúinn/Polasaithe/An-Nós-Imeachta-Imscrúdaithe>
- 1.4 Tar éis dó imscrúdú a dhéanamh faoi alt 23 den Acht um Eitic chun a chinneadh an ndearnadh sárú ar na hAchtanna um Eitic nó ar Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, ceanglaítear ar an gCoimisiún, de bhun alt 24 den Acht um Eitic agus alt 180 den Acht Rialtais Áitiúil, tuarascáil a ullmhú agus cóip den tuarascáil a thabhairt dóibh seo:
- an duine is ábhar don imscrúdú,
  - duine a rinne gearán,
  - Leas-Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an údaráis, i gcás ina mbaineann tuarascáil leis an gCathaoirleach ar údarás áitiúil,
  - Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an údaráis, i gcás ina mbaineann tuarascáil le comhalta ar bith eile d'údarás áitiúil, agus
  - an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- 1.5 Anuas air sin, foráiltear don méid seo a leanas le halt 24(2) den Acht um Eitic: i gcás ina mbeidh an Coimisiún den tuairim gur féidir go ndearna an duine is ábhar don imscrúdú cion a bhaineann lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna a chomhlíonadh, ullmhóidh sé tuarascáil i scríbhinn i ndáil leis an ní agus déanfaidh sé í a thabhairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

- 1.6 Leagtar amach sa tuarascáil seo, faoi alt 24 den Acht um Eitic, fionnachtana an Choimisiúin mar aon lena chinntí i ndáil leis na nithe seo a leanas:
- (a) an ndearnadh sárú ar Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, agus an bhfuil an sárú ag dul ar aghaidh, nó an ndearnadh “gníomh sonraithe” de réir bhrí na nAchtanna um Eitic,
  - (b) más é an cinneadh nach bhfuil sárú ar Chuid 15 ann nó nach ndearnadh “gníomh sonraithe”, an bhfuil an Coimisiún den tuairim go raibh an gearán suaibhreasach nó cráiteach nó nach raibh aon fhorais réasúnacha leis, agus
  - (c) más é an cinneadh go bhfuil sárú ar Chuid 15 ann nó go ndearnadh “gníomh sonraithe” -
    - (i) más é an cinneadh go bhfuil an sárú nó an gníomh ag dul ar aghaidh, na bearta is gá a dhéanamh d’fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar Cuid 15, agus an tréimhse ama ar laistigh di ba chóir na bearta sin a dhéanamh,
    - (ii) an ndearnadh an sárú nó an gníomh de thaisme, go faillíoch, go meargánta nó d’aon turas,
    - (iii) sna himthosca uile, an sárú tromchúiseach nó mionsárú an sárú, agus
    - (iv) ar ghníomhaigh an duine atá á imscrúdú nó á himscrúdú de mheon macánta agus á chreidiúint go raibh a ghníomh nó a gníomh i gcomhréir le treoirlínte atá foilsithe nó comhairle atá tugtha i scríbhinn ag an gCoimisiún faoi alt 25 den Acht um Eitic.
- 1.7 Ní mór gur deimhin leis an gCoimisiún maidir le caighdeán sibhialta an chruthúnais, i.e. gur deimhin leis de réir chóimheá na dóchúlachta go ndearnadh sárú nó ‘gníomh sonraithe’ agus é ag déanamh cinnidh ina leith.
- 1.8 Tá ailt 168 agus 169 den Acht Rialtais Áitiúil leagtha amach in Aguisín 2. Is é an bhrí le ‘gníomh sonraithe’ ná gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in alt 4(1)(a) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, lena bhforáiltear don méid seo:

*Más rud é go measfaidh duine (“an gearánach”)...go mb’fhéidir go mbeadh gníomh nó neamhghníomh déanta ag duine sonraithe, nó ag duine ar duine bainteach é nó í i ndáil le duine sonraithe, tar éis thosach feidhme alt 2 ar gníomh nó neamhghníomh é de chineál, nó maidir le himthosca an chéanna gur imthosca iad de chineál, a bheidh ar neamhréir le comhlíonadh cúí fheidhmeanna na boifige nó an phoist ag an duine sonraithe, ar oifig í nó post é a bhfuil an duine sonraithe ina dhuine sonraithe nó ina duine sonraithe faoina treoir nó faoina threoir, nó le muinín an phobail i gcoitinne sa chomhlíonadh sin a choinneáil, agus gur ní é a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis,...féadfaidh an gearánach gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún i ndáil leis an ní.”*

## 2. Cúlra

- 2.1 An 29 Bealtaine 2012, fuair an Coimisiún um Chaighdeáin gearán dar dáta an 28 Bealtaine 2012 ón gComhairleoir Noel McBride, an Méara ag an am, Comhairle Contae Dhún na nGall, agus ón Uas. Seamus Neely, Bainisteoir Contae (Príomhfheidhmeannach anois), Comhairle Contae Dhún na nGall, lenar bhain an Seanadóir Brian Ó Domhnaill, iar-Chomhairleoir, Comhairle Contae Dhún na nGall, agus comhalta d'Údarás na Gaeltachta. Ina cháil mar chomhalta den Údarás, d'ainmnigh an tÚdarás sin an Seanadóir Ó Domhnaill chuig Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus d'fhóin sé mar Chathaoirleach ón mbliain 2005 go dtí an bhliain 2008. D'fhreastail an Seanadóir Ó Domhnaill ar chruinnithe agus ar imeachtaí eile ina ról mar Chathaoirleach ar Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall.
- 2.2 Bhain an gearán go príomha le sáruithe líomhnaithe ar Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil maidir le:
- (i) costais taistil agus chothaithe a éileamh ar Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ar Údarás na Gaeltachta i ndáil le freastal ar chomhdháil ag Óstán Fairways, Dún Dealgan, Co. Lú an 9, an 10 agus an 11 Márta 2006 agus i ndáil le freastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn an 10 Márta 2006;
  - (ii) costais taistil agus chothaithe a éileamh ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil le freastal ar Sheimineár Oilúna de chuid an Fhorais Riaracháin i gCarraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, an 26 go dtí an 27 Aibreán 2006 agus costais taistil a éileamh ar Údarás na Gaeltachta i ndáil le freastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, an 27 Aibreán 2006; agus
  - (iii) costais taistil agus chothaithe a éileamh ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil le freastal ar Chomhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlinn, Co. Lú, an 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2006 agus costais taistil agus chothaithe a éileamh ar Údarás na Gaeltachta i ndáil le freastal ar imeacht de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath, Co. Dhún na nGall, an 31 Bealtaine 2006.
- 2.3 Tar éis dó an ní a bhreithniú, cheap an Coimisiún an tUas. Paddy Walsh ó Oifig an Ombudsman mar Oifigeach Fiosrúcháin an 15 Meitheamh 2012 faoi alt 6 den Acht um Chaighdeáin, agus é mar chúram air réamhfiosrúchán a dhéanamh ar an ngearán, tuarascáil ar a fhiosrúchán a ullmhú, aon ráitis a thug na daoine a ndearnadh gearán fúthu agus aon daoine ábhartha eile dó a chur ar fáil i dteannta aon doiciméad ábhartha agus tuairim a thabhairt faoi cé acu ab ann nó nárbh ann d'fhianaise *prima facie* chun an gearán a cheadú. Chuir an tOifigeach Fiosrúcháin an tuarascáil ar a fhiosrúchán agus ráitis agus doiciméid ábhartha faoi bhráid an Choimisiúin an 7 Samhain 2012. Thug sé an tuairim gurbh ann d'fhianaise *prima facie* chun imscrúdú ar an ngearán a cheadú.

- 2.4 Tar éis dó forálacha na nAchtanna um Eitic agus an Achta Rialtais Áitiúil a scrúdú agus tuarascáil an Oifigigh Fiosrúcháin a chur san áireamh, chinn an Coimisiún an 12 Samhain 2012 gur chúí imscrúdú a dhéanamh faoi alt 23 den Acht um Eitic chun a chinneadh ar sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil agus an ndearna sé “gníomh sonraithe” de réir bhí na nAchtanna um Eitic. Tá sonraí faoi na sáruithe líomhnaithe ar áireamh sa chomhfhreagras ón gCoimisiún chuig an Seanadóir Ó Domhnaill dar dáta an 25 Eanáir 2013 - féach Aguisín 1.
- 2.5 Baineann na sáruithe líomhnaithe le hait 168 agus 169 den Acht Rialtais Áitiúil. Tá na hait sin leagtha amach in Aguisín 2. Déantar tagairt sna sáruithe líomhnaithe do ‘ghníomhartha sonraithe’ líomhnaithe a dhéanamh freisin. Is é an bhí le ‘gníomh sonraithe’ ná gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in alt 4(1)(a) den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, lena bhforáiltear don méid seo:

*Más rud é go measfaidh duine (“an gearánach”)...go mb’fhéidir go mbeadh gníomh nó neamhghníomh déanta ag duine sonraithe, nó ag duine ar duine bainteach é nó í i ndáil le duine sonraithe, tar éis thosach feidhme alt 2 ar gníomh nó neamhghníomh é de chineál, nó maidir le himthosca an chéanna gur imthosca iad de chineál, a bheidh ar neamhréir le comblíonadh cuí fheidhmeanna na hoifige nó an phoist ag an duine sonraithe, ar oifig í nó post é a bhfuil an duine sonraithe ina dhuine sonraithe nó ina duine sonraithe faoina treoír nó faoina threoír, nó le muinín an phobail i gcoitinne sa chomblíonadh sin a choinneáil, agus gur ní é a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis,...féadfaidh an gearánach gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún i ndáil leis an ní.”*

Tá téacs iomlán alt 4 leagtha amach in Aguisín 2.

- 2.6 Tá fáil in Aguisín 2 freisin ar shleachta ábhartha eile ó reachtaíocht, ó ordacháin arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil maidir leis na rialacha do chostais agus ón gCód Iompraíochta do Chomhairleoirí.



### 3. Suí Imscrúdaithe an Choimisiúin

- 3.1 Bhí rún ag an gCoimisiún suí an 11 Márta 2013 chun fianaise ó bhéal a éisteacht i dtaca lena imscrúdú. D'iarr an Seanadóir tuilleadh ama chun ullmhú don fhiosrúchán. Freastalaíodh ar an iarratas sin le cur ar atráth go dtí an 8 Aibreán 2013.
- 3.2 Chuir an Seanadóir in iúl don Choimisiún le litir dar dáta an 26 Márta 2013 gur athraigh sé a aturnaetha. Chuir na haturnaetha nua don Seanadóir in iúl go n-éileofaí cruthúnas foirmiúil ar na gnéithe uile de na líomhaintí in aghaidh an tSeanadóira a mbreithneodh an Coimisiún iad.
- 3.3 Chuir na haturnaetha nua don Seanadóir in iúl freisin go raibh fonn air anois a chuid gnó leis an gCoimisiún a dhéanamh i nGaeilge, lena n-áirítear an éisteacht phoiblí ó bhéal a bhí socraithe ag an am don 8 Aibreán 2013. Ón uair a cuireadh é sin in iúl i leith, is i nGaeilge atá an teagmháil ar fad atá déanta ag an gCoimisiún leis an Seanadóir. Ón mbliain 2011 go dtí an uair sin, ba i mBéarla amháin a bhí an comhfhreagras ar fad a seoladh idir an Seanadóir agus an t-údarás áitiúil agus an Coimisiún.
- 3.4 Mar thoradh ar na ceanglais a bhí ann le finnétithe a ghlaoch agus ateangairí a chur ar fáil, cuireadh an éisteacht ar atráth an athuair go dtí an 10 Meitheamh 2013. Rinneadh socruithe le go mbeadh saoráidí aistriúcháin ar fáil agus finnétithe i láthair ar an lá sin.
- 3.5 Scríobh na haturnaetha don Seanadóir ina dhiaidh sin á áitiú nach raibh an t-údarás ag an gCoimisiún na gearáin a rinne Méara agus Bainisteoir Contae Dhún na nGall a imscrúdú, á rá gurbh ionann iad agus tarchur ar ghearáin anaithnid. D'áitigh an Seanadóir freisin gur cheart an éisteacht imscrúdaithe a bheith seolta ag painéal de chuid an Choimisiúin a bheadh in ann nithe a éisteacht i nGaeilge gan ateangairí a úsáid. Dhiúltaigh an Coimisiún do na háitithe sin.
- 3.6 Cuireadh in iúl don Seanadóir Ó Domhnaill roimhe sin go ndearnadh bearta cuí chun an éisteacht a éascú trí Ghaeilge agus go mbeadh an éisteacht ar siúl an 10 Meitheamh 2013. An 6 Meitheamh 2013, rinne an Seanadóir iarratas leis an Ard-Chúirt ar chead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar an imscrúdú agus cuireadh éisteacht an Choimisiúin siar. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt i mí Eanáir 2014 do na nithe a mhaígh an Seanadóir Ó Domhnaill. Rinne an Seanadóir Ó Domhnaill achomharc chuig an gCúirt Uachtarach i mí Aibreáin 2014 in aghaidh na breithe a thug an Ard-Chúirt. I mí na Samhna 2014, d'ordaigh an Príomh-Bhreitheamh go ndéanfadh an Chúirt Achomhairc achomharc an tSeanadóira Uí Dhomhnaill a éisteacht agus a chinneadh. Dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc i mí Iúil 2015 d'achomharc an tSeanadóira Uí Dhomhnaill.
- 3.7 Shocraigh an Coimisiún a éisteacht imscrúdaithe don 9 Bealtaine 2016. Choinnigh an Seanadóir a sheasamh maidir leis an ngá a bhí ann le cruthúnas foirmiúil a fháil ar na gnéithe uile de na líomhaintí go dtí dáta na héisteachta. Bhí sé riachtanach, dá bharr sin, go mbeadh finnétithe ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ó Údarás na Gaeltachta i láthair. Níor mhaígh an Seanadóir am ar bith roimh an éisteacht nó lena linn go raibh an fhianaise a tugadh ar aird míchruinn ar bhealach ar bith nó nárbh eisean údar a chuid doiciméad. Cé gurb eisean a

cheistigh na doiciméid, níor ardaigh an Seanadóir aon saincheist a bhain leo le linn éisteacht an Choimisiúin.

- 3.8 Láithrigh an tUas. Seamus Ó Tuathail SC agus an tUas. Daithí Mac Cárthaigh BL (faoi stiúir ag an Uas. Seán Ó Canainn, Aturnae) don Seanadóir Ó Domhnaill ag an suí. Rinne an tUas. Luán ó Braonáin SC agus Siobhán Ní Chúlacháin BL Uas. ionadaíocht don Choimisiún (faoi stiúir ag an Uas. Peter Law ó A & L Goodbody Solicitors). Tá tras-scríbhinn na héisteachta imscrúdaithe ar fáil in Aguisín 3.
- 3.9 Ag deireadh na héisteachta, comhaontaíodh, mar go raibh sé mall sa lá, go ndéanadh na habhcóidí don Choimisiún agus don Seanadóir Ó Domhnaill aighneachtaí scríofa tráth nach déanaí ná an 20 Meitheamh 2016. Tá na haighneachtaí sin ar fáil in Aguisín 4.

#### 4. Na Sáruihe Líomhnaithe

- 4.1 Ba iad na ceisteanna a bhí le cinneadh ag an gCoimisiún ná an ndearna an Seanadóir Ó Domhnaill sárú ar an Acht Rialtais Áitiúil agus an ndearna sé sraith “gníomhartha sonraithe” mar atá leagtha amach sna naoi sárú líomhnaithe sa Ráiteas maidir leis na Sáruihe Líomhnaithe.
- 4.2 Baineann na sáruihe líomhnaithe le costais taistil agus chothaithe a éileamh ar Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ar Údarás na Gaeltachta.
- 4.3 Maidir le gach ceann de na héilimh ar aisíoc costais a chuir an Seanadóir Ó Domhnaill faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall, tionscnaíodh iad trí fhoirm éilimh scríofa a chomhlánú, ar foirm í ina ndearna sé na dearbhuithe seo a leanas, i measc nithe eile:
- “(c) This claim is made strictly in accordance with the Local Government (Expenses of Local Authority Members) Regulations 1993 and directions thereunder.*
- (d) The statements and particulars furnished herein are complete and accurate in all respects.*
- (e) No other payment has been made to me or is payable to me in respect of the time(s), journey(s) or other matters set out herein.*
- (f) I have not made, and will not make, any other claims for payment in respect of the time(s) journey(s) or other matters set out herein.”*
- 4.4 D’eisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil Ordacháin i gCiorclán Uimh. LG. 49/2 dar dáta an 17 Nollaig 1993 ina leagtar amach na mionrialacha maidir le héilimh chostais taistil agus chothaithe ag comhaltaí d’údaráis áitiúla. Tá na sleachta ábhartha leagtha amach in Aguisín 2.
- 4.5 Bhí sé riachtanach freisin foirm scríofa a chomhlánú le haghaidh costais a éileamh ar Údarás na Gaeltachta.
- 4.6 Tá comhaltaí Boird d’Údarás na Gaeltachta i dteideal liúntais taistil agus chothaithe a éileamh ar aon dul leis na rialacha is infheidhme maidir le státseirbhísigh. Íoctar na liúntais sin le comhaltaí Boird ag na rátaí státseirbhíse is airde. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil liúntais chothaithe iníoctha le comhaltaí Boird i leith neamhláithreachtaí is mó ná (a) cúig huaire agus (b) deich n-uaire de réir rialacha státseirbhíse, cé go bhfuil liúntais chothaithe iníoctha le comhairleoirí i leith neamhláithreachtaí is mó ná (a) trí huaire agus (b) seacht n-uaire de réir Chiorclán Uimh. LG 49/2.
- 4.7 Is féidir breathnú ar na naoi sárú líomhnaithe mar thrí ghrúpa a chuimsíonn trí shárú an ceann.

**Líomhaintí 1, 4 agus 7 Comhdháil Chumann Comhairlí Contae is Cathrach, Dún Dealgan/cruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall**

- 4.8 Ina cháil mar chomhalta de Chomhairle Contae Dhún na nGall, d'fhreastail an Seanadóir Ó Domhnaill ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Comhairlí Contae is Cathrach 2006 ag Óstán Fairways, Dún Dealgan, Co. Lú an 9, an 10 agus an 11 Márta 2006. D'fhan sé é féin ón gcomhdháil an 10 Márta 2006 chun freastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn.
- 4.9 An 20 Márta 2006, chuir an Seanadóir Ó Domhnaill a éileamh ar liúntais taistil agus chothaithe faoi bhráid na Comhairle mar a leanas –
- Déardaoin an 9 Márta 1.00pm - d'fhág sé a bhaile ar an bhFál Carrach chun dul chuig Dún Dealgan
- Dé Sathairn an 11 Márta 4.30pm - bhain sé a bhaile amach ar an bhFál Carrach
- 4.10 An 24 Deireadh Fómhair 2006, chuir an Seanadóir Ó Domhnaill a éileamh ar liúntais taistil agus chothaithe faoi bhráid Údarás na Gaeltachta mar a leanas –
- Dé hAoine an 10 Márta 3.30pm – d'fhág sé a bhaile chun freastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn
- 9.00pm – bhain sé a bhaile amach
- 4.11 Ba mar a leanas a bhí na híocaíochtaí a rinneadh leis i dtaca lena éilimh ar liúntais taistil agus chothaithe ar an gComhairle agus ar Údarás na Gaeltachta:

**An íocaíocht ó Chomhairle Contae Dhún na nGall**

136 mhíle x 2 =	€348.43
2 fhanacht thar oíche =	€276.82
1 x 3 huairé =	€16.32
<b>Iomlán =</b>	<b>€641.57</b>

Ina fhoirm éilimh, mhaígh an Seanadóir Ó Domhnaill gurb ionann an fad go Dún Dealgan agus 179 míle. Ríomh an Chomhairle gurb é 136 mhíle an fad agus d'íoc sí an t-éileamh ar an mbonn sin. Glacann an Seanadóir Ó Domhnaill leis gurb é sin an fad ceart.

Rinne an Chomhairle íocaíocht €641.57 leis i leith a éilimh. D'íoc sí táille comhdhála €190.00 go díreach le heagraithe na comhdhála freisin. Níl an táille comhdhála ina cuid de na sárúithe líomhnaithe ar bhreithnigh an Coimisiún iad san imscrúdú seo.

**An íocaíocht ó Údarás na Gaeltachta**

62 mhíle =	€76.95
1 x 5 huairé =	€16.32
<b>Iomlán =</b>	<b>€93.27</b>

- 4.12 Is é an tsaincheist ná gur íoc an Chomhairle liúntais taistil agus chothaithe leis an Seanadóir Ó Domhnaill i dtaca lena fhreastal ar an gcomhdháil i nDún Dealgan ón 9 go dtí an 11 Márta

2006 agus gur íoc Údarás na Gaeltachta na liúntais sin leis freisin as freastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar cheann amháin de na laethanta ar lena linn a luadh gur fhreastail sé ar an gcomhdháil i nDún Dealgan.

- 4.13 Foráiltear don méid seo, i measc nithe eile, leis na hOrdacháin ón Aire ina leagtar amach na rialacha do chomhairleoirí atá ag éileamh costais taistil agus chothaithe: ní íocfaidh údarás áitiúil níos mó ná liúntas taistil amháin le comhalta i leith an turais chéanna agus ní íocfaidh sé aon liúntas taistil le comhalta i leith aon turais nó cuid de thuras a bhfuil liúntas íoctha ag, nó iníoctha ag údarás poiblí eile, nó atá á éileamh ó údarás poiblí eile - Ciorclán LG. 49/2, mír 6 – Aguisín 2.
- 4.14 San fhianaise uaidh, dúirt an Seanadóir Ó Domhnaill go ndearna sé roinnt botún agus é ag comhlánú a fhoirmeacha éilimh ar chostais. Bhí na botúin mar a leanas –
- a) bhí sé maíte aige gurb é 179 míle an fad idir a bhaile agus Dún Dealgan; ghlac sé leis gur ceart a bhí an cinneadh ón gComhairle costais taistil a íoc as 136 mhíle an turas agus dúirt sé: *“the claim of 179 miles was a genuine error”*; agus
- b) Anuas air sin, mhaígh sé i mír 1.1 den litir a sheol sé an 21 Márta 2012 chuig Méara agus Bainisteoir Contae Chomhairle Contae Dhún na nGall nach raibh i gceist go bunúsach le freastal ar an seisiún tráthnóna den chomhdháil i nDún Dealgan an 10 Márta 2006 ach cuid roghnach den chomhdháil agus seisiún caitheamh aimsire agus gurbh é ceann de na roghanna a bhí ar fáil sa seisiún sin do rannpháirtithe na comhdhála ná galf a imirt. Chuige sin, dúirt an tUas. Liam Kenny, Stiúrthóir, Cumann Comhairlí Contae is Cathrach:

*“The Friday afternoon programme comprised mainstream conference presentations including: “Building communities in city, suburb and county” -- Mr Nicky Brennan, President elect, GAA and “Rolling out the Roads Agenda” -- Mr. Fred Barry, CEO, National Roads Authority. Golf was not a timetabled feature of the programme -- however the contact details of a conference participant interested in arranging a golf game were given on the conference leaflet.”*

Sna freagraí a thug sé don Oifigeach Fiosrúcháin, dúirt an Seanadóir Ó Domhnaill:

*“I simply made a mistake in my recollection and fully accept your clarification. You will no doubt have noted in this regard that the letter referred to was written over six years following the conference.”*

- 4.15 Ag tabhairt míniú dó ar cén fáth ar fhan sé ar an bhFál Carrach tar éis an chruinnithe de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall an 27 Aibreán 2006 in ionad filleadh go díreach ar Dhún Dealgan, thug an Seanadóir an fhianaise seo:
- a) Fuair sé seisiún cóireála fisiteiripe 45 nóiméad ó fhear atá lonnaithe ar an bhFál Carrach ag 9.30pm an oíche sin. Níor luaigh sé é sin i míniúcháin a thug sé roimhe sin ar a ghníomhartha. Dúirt sé gur ní pearsanta é sin agus nár bhain sé lena chuid oibre mar chomhairleoir ná mar chomhalta d’Údarás na Gaeltachta agus

- b) Anuas air sin, dúirt sé go mbainfeadh na nithe a mbeadh air déileáil leo le teachtaireachtaí teileafóin a fuarthas ina oifig mar aon le litreacha sa phost, etc. Dúirt sé gur bhain roinnt de na ceisteanna le cúrsaí leighis agus, dá bhrí sin, bhí air déileáil leo mar bheart práinne. Dúirt sé gurb amhlaidh i gcontae ar nós Dhún na nGall go bhfuil an t-ospidéal réigiúnach ann ag déileáil le 145,000 duine agus go bhfuil daoine ag fanacht le hobráidí agus dúirt sé go mbeadh sé ag déileáil lena lán daoine (sna himthosca sin).
- c) D'fhág sé an Fál Carrach ag thart ar 10.30pm agus d'fhill sé ar an gcomhdháil i nDún Dealgan.

### **Liomhaintí 2, 5 agus 8 Seisiún Oiliúna i gCarraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin**

- 4.16 D'fhreastail an Seanadóir Ó Domhnaill ar Sheimineár Oiliúna de chuid an Fhorais Riaracháin i gCarraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, an 26 go dtí an 27 Aibreán 2006. D'fhreastail sé ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn le linn na tréimhse a chlúdaítear leis an éileamh seo.
- 4.17 An 13 Meitheamh 2006, chuir an Seanadóir Ó Domhnaill éileamh ar liúntas taistil agus cothaithe faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall ina raibh an fhaisnéis seo a leanas –
- |                           |        |  |
|---------------------------|--------|--|
| Dé Céadaoin an 26 Aibreán | 5.00pm | - d'fhág sé a bhaile ar an bhFál Carrach chun dul chuig Carraig Mhachaire Rois |
| Déardaoin an 27 Aibreán   | 8.00pm | - bhain sé a bhaile amach i Leitir Ceanainn                                    |
- 4.18 An 24 Deireadh Fómhair 2006, chuir an Seanadóir Ó Domhnaill a éileamh ar liúntais taistil agus chothaithe faoi bhráid Údarás na Gaeltachta mar a leanas –
- |                         |        |  |
|-------------------------|--------|--|
| Déardaoin an 27 Aibreán | 5.00pm | d'fhág sé a bhaile chun freastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn |
|                         | 8.00pm | - bhain sé a bhaile amach  |
- 4.19 Ba mar a leanas a bhí na híocaíochtaí a rinneadh leis i dtaca lena éilimh ar liúntais taistil agus chothaithe ar an gComhairle agus ar Údarás na Gaeltachta:

#### **An íocaíocht ó Chomhairle Contae Dhún na nGall**

123 mhíle x 2 =	€315.13
1 fhanacht thar oíche =	€138.41
1 x 3 huaire =	€16.32
<b>Iomlán =</b>	<b>€469.86</b>

Ina fhoirm éilimh, mhaígh an Seanadóir Ó Domhnaill gurb ionann an fad go Carraig Mhachaire Rois agus 163 mhíle. Ríomh an Chomhairle gurb é 123 mhíle an fad agus d'íoc sí an t-éileamh ar an mbonn sin. Glacann an Seanadóir Ó Domhnaill leis gurb é sin an fad ceart.

Rinne an Chomhairle íocaíocht €469.86 leis i leith a éilimh. D'íoc sí táille seimineáir €190 go díreach le heagraithe an tseimineáir freisin. Níl an táille seimineáir ina cuid de na sárúithe líomhnaithe ar bhreithnigh an Coimisiún iad san imscrúdú seo.

**An íocaíocht ó Údarás na Gaeltachta**

62 mhíle = €76.95

Ní raibh an Seanadóir Ó Domhnaill i dteideal íocaíocht liúntas cothaithe a fháil ó Údarás na Gaeltachta sa chás seo mar gur lú ná cúig huairé a neamhláithreacht.

- 4.20 Is é an tsaincheist ná gur íoc an Chomhairle liúntais taistil leis an Seanadóir Ó Domhnaill i dtaca lena fhreastal ar an seimineár oiliúna i gCarraig Mhachaire Rois **ón 26 go dtí an 27 Aibreán 2006** agus gur íoc Údarás na Gaeltachta na liúntais sin leis freisin as freastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn ar cheann amháin de na laethanta ar lena linn a luadh gur fhreastail sé ar an seimineár i gCarraig Mhachaire Rois.
- 4.21 Foráiltear don méid seo, i measc nithe eile, leis na hOrdacháin ón Aire ina leagtar amach na rialacha do chomhairleoirí atá ag éileamh costais taistil agus cothaithe: ní íocfaidh údarás áitiúil níos mó ná liúntas taistil amháin le comhalta i leith an turais chéanna agus ní íocfaidh sé aon liúntas taistil le comhalta i leith aon turais nó cuid de thuras a bhfuil liúntas íoctha ag, nó iníoctha ag údarás poiblí eile, nó atá á éileamh ó údarás poiblí eile - Ciorclán LG. 49/2, mír 6 – Aguisín 2.
- 4.22 San fhianaise uaidh, dúirt an Seanadóir Ó Domhnaill go ndearna sé roinnt botún agus é ag comhlánú a fhoirmeacha éilimh ar chostais. Bhí na botúin mar a leanas –
- scríobh sé go raibh an cruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar siúl an 24 Aibreán agus ní an 27 Aibreán;
  - scríobh sé gurb é 8pm an t-am ar fhíll sé abhaile ó Charraig Mhachaire Rois an 27 Aibreán - ba é 3pm an t-am ceart;
  - mhaígh sé gurb é 163 mhíle an fad idir a bhaile agus Carraig Mhachaire Rois; ghlac sé leis gur ceart a bhí an cinneadh ón gComhairle costais taistil a íoc as 123 mhíle an turas agus dúirt sé gur tugadh an figiúr bunaidh de 163 mhíle trí bhotún.

**Líomhaintí 3, 6 agus 9 Comhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlín, Co. Lú**

- 4.23 D'fhreastail an Seanadóir Ó Domhnaill ar Chomhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlín, Co. Lú, ón 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2006. D'fhan sé é féin ón gcomhdháil an 31 Bealtaine 2006 chun freastal ar imeacht de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath, Co. Dhún na nGall.
- 4.24 An 13 Meitheamh 2006, chuir an Seanadóir Ó Domhnaill éileamh (dar dáta an 13 Aibreán 2006) ar liúntas taistil agus cothaithe faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall ina raibh an fhaisnéis seo a leanas –

Dé Máirt an 30 Bealtaine            3.00pm - d'fhág sé a bhaile ar an bhFál Carrach chun  
dul chuig Cairlinn  
Dé hAoine an 2 Meitheamh        2.00pm - bhain sé a bhaile amach

- 4.25 An 24 Deireadh Fómhair 2006, chuir an Seanadóir Ó Domhnaill a éileamh ar liúntais taistil agus chothaithe faoi bhráid Údarás na Gaeltachta mar a leanas –

Dé Céadaoin an 31 Bealtaine - d'fhág sé a bhaile chun freastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn  
- bhain sé a bhaile amach  
[TABHAIR FAOI DEARA: níor tugadh na hamanna ar fhág sé a bhaile nó ar bhain sé a bhaile amach]

- 4.26 Ba mar a leanas a bhí na híocaíochtaí a rinneadh leis i dtaca lena éilimh ar liúntais taistil agus chothaithe ar an gComhairle agus ar Údarás na Gaeltachta:

**An íocaíocht ó Chomhairle Contae Dhún na nGall**

142 mhíle x 2 =	€363.80
2 fhanacht thar oíche (30 + 31) =	€276.82
1 x 7 n-uaire =	€40.01
<b>Iomlán =</b>	<b>€680.63</b>

Ina fhoirm éilimh, mhaígh an Seanadóir Ó Domhnaill gurb ionann an fad go Cairlinn agus 176 mhíle. Ríomh an Chomhairle gurb é 142 mhíle an fad agus d'íoc sí an t-éileamh ar an mbonn sin. Glacann an Seanadóir Ó Domhnaill leis gurb é sin an fad ceart.

Rinne an Chomhairle íocaíocht €680.63 leis i leith a éilimh. D'íoc sí táille comhdhála €150 go díreach le heagraithe na comhdhála freisin. Níl an táille comhdhála ina cuid de na sáruithe íomhnaithe ar bhreithnigh an Coimisiún iad san imscrúdú seo.

**An íocaíocht ó Údarás na Gaeltachta**

54 mhíle =	€67.00
1 x 5 huairé =	€16.32
<b>Iomlán</b>	<b>€83.32</b>

- 4.27 Is é an tsaincheist ná gur íoc an Chomhairle liúntais taistil agus chothaithe leis an Seanadóir Ó Domhnaill i dtaca lena fhreastal ar an gcomhdháil i gCairlinn **ón 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2006** agus gur íoc Údarás na Gaeltachta na liúntais sin leis freisin as freastal ar imeacht de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath ar cheann amháin de na laethanta ar lena linn a luadh gur fhreastail sé ar an gcomhdháil i gCairlinn.
- 4.28 Foráiltear don méid seo, i measc nithe eile, leis na hOrdacháin ón Aire ina leagtar amach na rialacha do chomhairleoirí atá ag éileamh costais taistil agus chothaithe: ní íocfaidh údarás áitiúil níos mó ná liúntas taistil amháin le comhalta i leith an turais chéanna agus ní íocfaidh sé aon liúntas taistil le comhalta i leith aon turais nó cuid de thuras a bhfuil liúntas íoctha ag, nó iníoctha ag údarás poiblí eile, nó atá á éileamh ó údarás poiblí eile - Ciorclán LG. 49/2, mír 6 – Aguisín 2.



4.29 Ina fhianaise, dúirt an Seanadóir Ó Domhnaill go ndearna sé roinnt botúin agus é ag comhlánú a fhoirmeacha éilimh ar chostais. Bhí na botúin mar a leanas –

- a) san fhianaise a thug sé d'éisteacht an Choimisiúin an 9 Bealtaine 2016, dúirt sé go ndearna sé botúin i dtaca le héileamh ar chostais taistil a chur isteach i mí Dheireadh Fómhair 2006 maidir le lá (31 Bealtaine 2006) ar ina leith a chuir sé éileamh ar chostais taistil faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall cheana féin.
- b) mhaígh sé gurb é 176 mhíle an fad idir a bhaile agus Cairlinn; d'íoc an Chomhairle costais taistil as 142 mhíle.

4.30 Is iad na comhaltaí den Chomhairle a dhéanann cinntí ar fhreastal Comhairleoirí ar chomhdhála thar ceann an údaráis áitiúil. Chuir an Seanadóir Ó Domhnaill in iúl don Oifigeach Fiosrúcháin gur ag an gcruinniú roimhe de ghnáth a socraítí dátaí cruinne na gcruinnithe de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus b'eol don Seanadóir Ó Domhnaill, dá bhrí sin, go raibh sé le freastal ar an gcomhdháil i gCairlinn ón 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2006 tráth a raibh an cruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall á shocrú don 31 Bealtaine 2006. Nuair a d'fhiafraigh an tOifigeach Fiosrúcháin de cén fáth nár tharraing sé é féin amach as an gcomhdháil i nDún Dealgan agus nach ndearna sé iarracht an cruinniú a shocrú do lá eile, dúirt sé:

*“It would have been inappropriate and indeed unfair in my view upon the other members and directors of the Sports Partnership, to seek to have the meeting re-scheduled. I made the decision on the Friday morning 10th March to attend. This was a decision which I made in the best interests of all I serve. As already detailed, the decision to attend the DSP meeting meant that I incurred additional travel costs for which I was not recompensed. I made the decision, however, for what I perceived to be the best interests of all of those I served.”*

4.31 Tá sé soiléir ón bhfianaise a thug an Seanadóir Ó Domhnaill gur rífhairsing agus rífhadálach ar bhonn rialta a bhíodh a cheangaltais pholaitiúla agus a cheangaltais eile. Ba é an toradh a bhí ar a ghníomhartha ná gur thug sé tús áite dá thogthóirí áitiúla chun déileáil lena gcuid riachtanas agus iarrataí. Bhí sé an-eolach ar na ceangaltais sin. Bhí na héilimh ama chomh mór sin gurbh eol dó nuair a bhí sé ag freastal ar na comhdhála sin gur dhóigh go mbeadh air a fhreastal a ghiorrú nó cur isteach air le go mbeadh sé in ann déileáil lena cheangaltais teaghlaigh, ghnó agus pholaitiúla. Chuaigh sé sin, dá réir, i bhfeidhm ar a theidlíocht i leith costais taistil agus chothaithe a éileamh.

4.32 Mar gheall ar an tréimhse ama idir na turais ar tugadh fúthu agus cur isteach a éileamh ar chostais chuig Údarás na Gaeltachta, bhí féidearthacht ann go ndéanfaí botúin. D'admhaigh sé na botúin sin agus mhaígh sé gur bhotúin ionraice iad.

4.33 Tugann an Coimisiún dá aire gurb amhlaidh, i gcás na dtrí éileamh go léir ar chostais taistil a chuir an Seanadóir Ó Domhnaill faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall, gur lena leas féin a bhí na botúin a rinne sé nuair a bhí an fad idir a bhaile agus a cheann scríbe á mheas aige agus go gcuirfeadh an Chomhairle íocaíochtaí costais gan údar ar fáil dó dá nglacadh sí leis na héilimh mar a bhí siad. Luaigh an Seanadóir Ó Domhnaill san fhianaise uaidh gur bhotúin ionraice iad gach ceann de na botúin sin. Dúirt sé:

*“generally... I would have put in an approximate distance..., and the Council would always, you know they would always do the AA route finder for the members and put in the correct distance.”*

4.34 An scrúdú ar éilimh an tSeanadóir Uí Dhomhnaill a rinne Comhairle Contae Dhún na nGall ar an gcéad dul síos, a rinne Oifigeach Fiosrúcháin an Choimisiúin ina dhiaidh sin agus a rinneadh sa deireadh le linn imscrúdú an Choimisiúin, rinneadh iad méid suntasach ama tar éis na huairé a thit na himeachtaí amach ar dtús. Chuir an Seanadóir Ó Domhnaill mionchuntais ar a ghníomhartha ar fáil don Chomhairle, don Oifigeach Fiosrúcháin agus don Choimisiún. Mar sin féin, nuair a cuireadh ceist air san éisteacht imscrúdaithe faoina chuimhne ar chúrsaí agus faoina chumas chun a rá gur míchruinn a bhí amanna áirithe, dúirt sé:

*“Bhuel bhí orm dul tríd seo chomb mion agus a thiofáidh liom mar go raibh m’ainm amuigh ansin agus bhí agam le cuimhne de chineál éigin a chur air seo agus a bheith ag smaoineamh agus ag labhairt le daoine eile agus ag labhairt le mo theaghlach rud a rinne mé. Ag labhairt le mo rúnaí san oifig, ag labhairt le hachan duine a thiofáidh liom. Fiú ag labhairt le mo thraenálaí/cóitseálaí chomb mall le aréir...”*

4.35 Thug an Seanadóir Ó Domhnaill an fhianaise seo a leanas don Choimisiún:

- D’ainneoin na fíricí gur shínigh sé foirmeacha éilimh ar chostais taistil agus chothaithe agus gur chuir sé faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall iad, ar foirmeacha iad inar luadh *“This claim is made in accordance with the Local Government (Expenses of Local Authorities Members) Regulations 1993 and directions thereunder”*, dúirt sé nach raibh na rialacháin ná na hordacháin léite aige agus nárbh fhéidir leis a chuimhneamh an bhfuair sé cóip de na rialacháin nó nach bhfuair.
- Bhí dialann aige chun a choinní a thaifeadadh agus ba dhócha go mbeadh taifead inti go raibh sé ag comhdháil i nDún Dealgan an 9, an 10 agus an 11 Márta 2006 agus go raibh sé i Leitir Ceanainn an 10 Márta 2006. Luaigh sé go raibh sé den tuairim gur thar ceann dhá eagraíocht dhifriúla a bhí sé ag freastal orthu, rud a bhí, dar leis, *“an rud is fearr thar ceann phobal Dhún na nGall”*.
- Chuir sé éileamh ar chothú don 10 Márta 2006 faoi bhráid Údarás na Gaeltachta, tar éis dó íocaíocht a fháil ó Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith an dáta sin. Cheap sé go raibh sé i dteideal dhá íocaíocht cothaithe agus dúirt sé go raibh sé den tuairim ionraic go raibh sé ag iarraidh an dá thrá a fhreastal.
- Cheap sé go raibh sé ag déanamh an chirt trí fhreastal ar na cruinnithe.
- I litir dar dáta an 15 Nollaig 2011 chuig an Uas. Liam Ward, Comhairle Contae Dhún na nGall, dúirt sé: *“I attended the conference in Dundalk on 9th, 10th and 11th March 2006. I left the conference at lunchtime Friday the 10th to travel to Letterkenny as I had a meeting of the Donegal Sports Partnership of which I was and remain a Board member. This meeting finished at approximately 8 p.m. and at this point in the knowledge that the conference events would be finished on my return, I decided to travel to my home in Falcarragh and picked up my mail for Thursday and Friday.”*
- Thug sé an fhianaise seo don éisteacht imscrúdaithe an 9 Bealtaine 2016, áfach: *“[go] bhfuair mé ón gcomhdháil go dtí m’oifig agus mo bhaile agus ar ais ansin go dtí an cruinniú i Leitir Ceanainn an tráthnóna sin mar go raibh am agam é sin a dhéanamh.”*
- Dheimhnigh an Seanadóir nuair a bhí sé á chroscheistiú go raibh sé eolach ar na

rialacha lena rialáítear éilimh chostais. Dheimhnigh sé gur choinnigh sé dialann agus gur líonadh isteach é go comhaimseartha mar thaifead ar a fhreastal ar imeachtaí éagsúla. Nuair a bhí sé á chroscheistiú faoi imeachtaí an 10 Márta 2006, ghlac an Seanadóir leis go ndearna sé dhá íocaíocht cothaithe a éileamh agus a fháil agus dúirt sé: *“I mo thuairim-se bhí na hócáidí sin bhí difear dubh agus bán idir an dá ócáid. Bhí mé ag déanamh freastail thar ceann dhá eagrais. Ag comhlíonadh i mo thuairim-se an rud is fearr thar ceann phobal Dhún na nGall. C. An gciallaíonn sé go mbraitheann tú go bhfuil sé de cheart agat dhá íocaíocht cothabhála a fháil má tá obair á déanamh agat thar son an dá eagrais? F. Sin ceist don Choimisiún is dóig. ... Creidim go raibh mé i dteideal na híocaíochtaí cothabhála sin. Mar nach raibh éileamh ar bith déanta agam chuig an Údarás ar éileamh íocaíochta den chineál céanna.”* D’aontaigh sé, áfach, gur sheiceáil sé a dhialann tráth ar chuir sé a éileamh faoi bhráid Údarás na Gaeltachta agus go bhfaca sé gur íocadh líuntas cothaithe leis cheana féin i ndáil leis an lá lenar bhain.

### ***An Cód Iompraíochta do Chomhairleoirí***

- 4.36 Leis an Ordú fán Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Tosach Feidhme), 2004 (I.R. Uimh 217 de 2004), tosaíodh, le héifeacht ón 21 Bealtaine 2004, forálacha áirithe den Acht Rialtais Áitiúil lena mbaineann cóid iompraíochta. Tar éis an t-ordú sin a dhéanamh, d’fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil Cód Iompraíochta i mí an Mheithimh 2004 de bhun alt 169(1) den Acht Rialtais Áitiúil chun treoir a thabhairt do chomhaltaí údarás áitiúil. Forálacha den Acht lena mbaineann ceanglas go dtabharfaí fógra do chomhaltaí lena dtarraingeofaí a n-aird ar an gCód agus ar an dualgas atá orthu aird a bheith acu air agus treoir a ghlacadh uaidh agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna, tosaíodh iad le héifeacht ón 1 Eanáir 2005 faoi I.R. Uimh. 217 de 2004.

Foráiltear don méid seo le halt 169(3)(a) den Acht:

*“Beidh aird ag gach comhalta ar an gcód iompair iomchuí, agus glacfaidh sé nó sí treoir uaidh, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a fheidhmiú.”*

Foráiltear don méid seo le halt 169(4)(a)(i):

*“A luaithe is indéanta tar éis duine a thogbadh nó a chombhthoghadh ina chomhalta nó ina comhalta d’údarás áitiúil, tabharfaidh an cláráitheoir eitice do gach comhalta den sórt sin cóip den Chód Iompair Náisiúnta do Chomhaltaí Údarás Áitiúil.”*

Foráiltear don méid seo le halt 169(4)(a)(ii):

*“Tarraingoidh an fógra a eiseoidh an cláráitheoir eitice faoi alt 174 aird an chomhalta ar an gcód iompair agus ar fho-alt (3)(a).”*

- 4.37 Bhí ar gach comhalta údarás áitiúil dearbhú bliantúil um leasanna is gá a fhógairt a chur ar fáil don Chláraitheoir Eitice i bhfoirm ar chuir an Cláráitheoir Eitice í ar fáil dó/di mar aon le fógra lena dtarraingíodh aird an chomhalta ar an gCód Iompraíochta (alt 169(4)(a)(ii)) agus ar an gceanglas a bhí ar gach comhalta aird a bheith aige/aici ar an gCód Iompraíochta agus

treoir a ghlacadh uaidh (alt 169(3)(a)). Le héifeacht ón 1 Eanáir 2005, rinneadh leasú le hairteagal 10 de na Rialacháin fán Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Cuid 15), 2004 (I.R. Uimh. 770 de 2004), ar an bhfoirm dearbhaithe a bhí le comhlánú ag comhaltaí údarás áitiúil ionas go gcuirfí an gealltanais seo a leanas ar áireamh inti:

*“I hereby undertake to have regard to and be guided by the Code of Conduct for Councillors in the exercise of my functions. (The Code of Conduct for Councillors was issued by the Minister under section 169 of the Local Government Act 2001.)”*

- 4.38 Bainneann an Cód Iompraíochta le hábhar san imscrúdú seo mar go bhfuil sé líomhnaithe gur theip ar an Seanadóir Ó Domhnaill cloí le, nó seasamh le, prionsabail áirithe atá istigh ann. Foráiltear don méid seo le míreanna 8.1 agus 8.2 go háirithe:

*“8.1 Ní mór do chombairleoirí an uile aire réasúnta a thabhairt do mhaoin, acmhainní agus chistí an údaráis áitiúil, agus gan úsáid a bhaint astu, nó cead a thabhairt go mbainfí úsáid astu, chun críocha neamhúdaraithe nó críocha neamhoifigiúla. Ní mór dóibh na rialacha a rialaíonn próisis déanta éileamh agus íocaíochtaí de chineál ar bith a chomhlíonadh go hiomlán agus ag gach tráth. Áirítear íocaíocht ionadaíochta, liúntas bliantúil, liúntas an chathaoirligh nó liúntas eile, freastal ar chomhbháil nó taisteal eile sa mhéid sin.*

*8.2 Ceadáitear leis an Acht go n-údarófaí go bhfreastalódh duine ar chomhbháil sa chás go bhfuil an chombairle sásta go bhfuil bunús maith leis an bhfreastal sin i bhfianaise a mhéid is a bhainfidh sé leis an údarás agus leis an bpobal áitiúil, agus trí thagairt don chostas agus do na sochair is dócha a gheofar dá bharr. Tá sé d’fhreagracht phearsanta ar gach duine a chinntiú go bhfreastalaíonn sé nó sí i gceart ar an gcomhbháil lena linn agus go dtuairisceoidh siad ar ais chuig an gcombairle de réir an Achta.”*

### ***Aighneachtaí scríofa***

- 4.39 Ina n-aighneacht scríofa thar a cheann, luaigh na hionadaithe dlíthiúla don Seanadóir Ó Domhnaill an tuarascáil ón gCoimisiún ar a imscrúdú ar shárúithe líomhnaithe ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, agus ar Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna ndéanamh ag an iar-Chombhairleoir Dessie Larkin, Comhairle Contae Dhún na nGall agus Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (Nollaig 2014). Luann siad mír 5.3 den tuarascáil go háirithe:

*In relation to alleged contraventions 4 to 6, whilst the Code of Conduct for Councillors and Section 142(5)(f) of the Local Government Act require a councillor attending a conference to submit a report to the local authority, Donegal County Council in a letter dated 9 August 2013 informed the Inquiry Officer that it was not “a compulsory practice” of the Council at that time to enforce the requirement and Councillor Larkin had not submitted reports in respect of the conferences. The letter stated that revised arrangements were introduced in March 2010 following the raising of the matter by the Local Government Auditor during the 2008 audit. The Commission concludes that in any given case, it is a matter in the first instance for the Council to assess whether there was proper attendance for the duration of a conference by a councillor as required by paragraph 8.2 of the Code and to enforce compliance with the obligation to report back to the Council in accordance with the Act. Against this background, the Commission is of the opinion that it would be inequitable to*

*adjudicate on Councillor Larkin in relation to his partial attendance at a conference when the regime for assessing a councillor's attendance and reporting thereon was not operated by the Council until 2010. In these circumstances, the alleged contraventions 4 to 6 are not established against Councillor Larkin.*

4.40 Luaitear san aighneacht, i measc nithe eile:

*“Ag éirí as cinneadh agus dlí-eolaíocht an Choimisiúin seo i gcás Larkin, bhí an Seanadóir Ó Dombnaill saor le himeacht ar feadh tamaill ó chombhdháil Dhún Dealgan chun freastal ar chruinniú de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall thar ceann an Údaráis má shíl sé go raibh an rogha sin fóinteach don phobal a raibh sé mar ionadaí orthu, rud a rinne sé.”*

4.41 Luaitear san aighneacht freisin, i measc nithe eile:

*“Níl éileamb dúbailte i gceist anseo ach dá éileamb éagsúla ar dhá chomhlacht phoiblí éagsúla as turasanna éagsúla ar laethanta éagsúla agus de bhun Cinneadh an Choimisiúin i gcás Larkin, bhí lán-chead ag an Seanadóir Ó Dombnaill an turas óna oifig ar an bhFál Carrach/Gort a' Choirce chuig Leitir Ceanainn agus ar ais arís ar an 10 Márta a dbéanamb.”*

4.42 Luaitear san aighneacht freisin, i measc nithe eile, i dtaca le héilimh an tSeanadóir i ndáil lena fhreastal ar an Seimineár Oilíúna de chuid an Fhorais Riaracháin i gCarraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, ón 26 go dtí an 27 Aibreán 2006 agus lena fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn an 27 Aibreán 2006:

*“Eascraíonn an sárú líombnaithe anseo as botún macánta ar an bhfoirm éileamb chuig an gComhairle Chontae”*

## 5. Fionnachtana agus Cinntí

- 5.1 Faoi mar a leag an Coimisiún amach ina thuarascáil ar an imscrúdú ar sháruithe líomhnaithe ag an gComhairleoir Pádraig Doherty, Comhairle Contae Dhún na nGall (Meitheamh 2014), is é an prionsabal ginearálta taobh thiar de chostais taistil agus chothaithe a íoc ná a aithint go bhfuiltear i dteideal íocaíocht a fháil i leith costais nach féidir a sheachaint le linn feidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh. Measann an Coimisiún gur gá do chomhairleoirí dícheall agus cúram a thaispeáint nuair a bhíonn éilimh á ndéanamh acu, cibé acu a bhaineann na héilimh sin le costais taistil nó le liúntais chothaithe. Tá gné iontaoibhe ann d'éilimh den sórt sin a dhéanamh. Bíonn cúram ar leith ag teastáil nuair a bhíonn éilimh á ndéanamh chuig gníomhaireachtaí difriúla Stáit. I bprionsabal, is ní tromchúiseach é costais agus liúntais chothaithe a éileamh i gceart agus is ní é nach mór do chomhairleoirí a chomhlíonadh, go háirithe chun iontaoibh agus muinín an phobail a choinneáil agus a mhéadú as an rialtas áitiúil. Maidir leis sin, ní ar an méid atá i gceist amháin a mheastar tromchúis an ábhair.
- 5.2 Bhí aird ag an gCoimisiún ar an bhfianaise a cuireadh ina láthair i bhfoirm doiciméad agus ráiteas agus ag an éisteacht. Bhí aird aige freisin ar na haighneachtaí scríofa a rinneadh chuige. Tá na haighneachtaí sin ar áireamh in Aguisín 4.
- 5.3 Maidir le sáruithe líomhnaithe 1, 4 agus 7, cinneann an Coimisiún nach raibh an Seanadóir Ó Domhnaill i dteideal, faoi Chuid II, mír 6 de na hOrdacháin ón Aire atá i gCiorclán LG. 49/2, costais a éileamh agus a fháil mar a rinne sé ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ó Údarás na Gaeltachta araon i ndáil lena fhreastal ar chomhdháil bhliantúil Chumann Comhairlí Contae is Cathrach i nDún Dealgan an 9, an 10 agus an 11 Márta 2006 agus ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn an 10 Márta 2006.
- 5.4 Maidir le sáruithe líomhnaithe 2, 5 agus 8, cinneann an Coimisiún nach raibh an Seanadóir Ó Domhnaill i dteideal, faoi Chuid II, mír 6 de na hOrdacháin ón Aire atá i gCiorclán LG. 49/2 costais a éileamh agus a fháil mar a rinne sé ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ó Údarás na Gaeltachta araon i ndáil lena fhreastal ar Sheimineár Oiliúna de chuid an Fhorais Riaracháin i gCarraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, an 26 go dtí an 27 Aibreán 2006 agus ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 27 Aibreán 2006.
- 5.5 Maidir le sáruithe líomhnaithe 3, 6 agus 9, cinneann an Coimisiún nach raibh an Seanadóir Ó Domhnaill i dteideal, faoi Chuid II, mír 6 de na hOrdacháin ón Aire atá i gCiorclán LG. 49/2 costais a éileamh agus a fháil mar a rinne sé ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ó Údarás na Gaeltachta araon i ndáil lena fhreastal ar Chomhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlinn, Contae Lú, an 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2006 agus ar imeacht de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath, Contae Dhún na nGall, an 31 Bealtaine 2006.
- 5.6 Ní ghlacann an Coimisiún leis an aighneacht a rinneadh thar ceann an tSeanóra Uí Dhomhnaill go raibh sé, mar gheall ar an gcinneadh ón gCoimisiún ina thuarascáil ar an imscrúdú ar an gComhairleoir Dessie Larkin, i dteideal é féin a fhanacht ó chomhdháil Dhún Dealgan go sealadach nó ar shlí eile ionas go bhféadfadh sé freastal, thar ceann Údarás na Gaeltachta, ar imeacht de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, fiú amháin sa chás

go raibh sé ag déanamh amhlaidh, mar a mhaígh sé, ar an mbonn go mbeadh an rogha sin ní ba thairbhiúla dá thoghthóirí. Ní ghlacann an Coimisiún leis go raibh sé de cheart ag an Seanadóir roghnú a dhéanamh ar a mhéid a d'fhreastalódh sé ar chomhdháil, rud ar le cinneadh ó na comhaltaí tofa a cuireadh chuici é chun ionadaíocht a dhéanamh don chomhairle contae. Níorbh ionann na firicí agus na sáruithe do chás Larkin agus don chás seo. Níl sé inchomparáide leis an gcás seo agus ní féidir brath air mar fhasach.

- 5.7 Ní ghlacann an Coimisiún leis an aighneacht nárbh éilimh chostais dhúbailte iad na héilimh a chuir an Seanadóir Ó Domhnaill faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Údarás na Gaeltachta, agus é ag maíomh gur dhá éileamh ar leith iad a cuireadh faoi bhráid dhá chomhlacht phoiblí dhifriúla agus a d'eascair as dátaí difriúla.
- 5.8 Ní ghlacann an Coimisiún leis na dearbhuithe ón Seanadóir ná leis na dearbhuithe a rinneadh thar a cheann gur bhotúin ionraice nó theagmhasacha a bhí san fhaisnéis mhícheart a bhí tugtha ar a bhfoirmeacha éilimh. Agus é ag teacht ar an gcinneadh sin, bhí aird ag an gCoimisiún ar an bpatrún taobh thiar den fhaisnéis mhícheart sin agus ar an bhfíric gur lena leas féin ó thaobh airgeadais de a bhí an botún líomhnaithe i ngach cás. Measann an Coimisiún gur ghníomhaigh an Seanadóir Ó Domhnaill ar bhealach chun an toradh airgeadais is mó is féidir a bhaint amach. Ní ghlacann an Coimisiún leis an bhfianaise ón Seanadóir, lena féachadh le cuntais ní ba luaithe uaidh a cheartú. Tugann na hadmhálacha éagsúla ón Seanadóir maidir lena bhotúin le fios go raibh a fhianaise míshásúil agus go raibh creidiúnacht in easnamh uirthi.
- 5.9 Mar áis tagartha, tá na sáruithe a líomhnaíodh in aghaidh an tSeanadóir Uí Dhomhnaill leagtha amach ceann ar cheann anseo, agus na fionnachtana agus na cinntí ón gCoimisiún leagtha amach ina ndiaidh.
1. Gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, de dheasca gur theip air na caighdeáin chuí a choinneáil ó thaobh na macántachta, na hiompraíochta agus an chúraim do leas an phobail agus é ag comhall a fheidhmeanna mar chomhalta de Chomhairle Contae Dhún na nGall sa mhéid gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil lena fhreastal ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Comhairlí Contae is Cathrach 2006 ag Óstán Fairways, Dún Dealgan, Contae Lú, an 9, an 10 agus an 11 Márta 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil lena fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 10 Márta 2006, de shárú ar mhíreanna 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na hOrdacháin arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil faoi airteagal 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993), arna ndéanamh de bhun alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

*Is deimhin leis an gCoimisiún, bunaithe ar an bhfianaise os a chomhair, gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, ar an mbealach atá líomhnaithe. Is deimhin leis an gCoimisiún de réir chóimbeá na dócbúlachta gur d'aon turas a rinneadh an sárú agus gur ní tromchúiseach sna cúinsí go léir é.*

2. Gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, de dheasca gur theip air na caighdeáin chuí a choinneáil ó thaobh na macántachta, na hiompraíochta agus an chúraim do leas an phobail agus é ag comhall a fheidhmeanna mar chomhalta de Chomhairle Contae Dhún na nGall sa mhéid gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil lena fhreastal ar Sheimineár Oiliúna de chuid an Fhorais Riaracháin i gCarraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, an 26 go dtí an 27 Aibreán 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh sé costais taistil ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil lena fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 27 Aibreán 2006, de shárú ar mhíreanna 6, 18 agus 22 de Chuid II de na hOrdacháin arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil faoi airteagal 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1991 (I.R. Uimh. 391 de 1993), arna ndéanamh de bhun alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

*Is deimhin leis an gCoimisiún, bunaithe ar an bhfianaise os a chombair, gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, ar an mbealach atá líombnaithe. Is deimhin leis an gCoimisiún de réir chóimbeá na dóchúlachta gur d'aon turas a rinneadh an sárú agus gur ní tromchúiseach sna cúinsí go léir é.*

3. Gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, de dheasca gur theip air na caighdeáin chuí a choinneáil ó thaobh na macántachta, na hiompraíochta agus an chúraim do leas an phobail agus é ag comhall a fheidhmeanna mar chomhalta de Chomhairle Contae Dhún na nGall sa mhéid gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil lena fhreastal ar Chomhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlinn, Contae Lú, an 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil lena fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath, Contae Dhún na nGall, an 31 Bealtaine 2006, de shárú ar mhíreanna 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na hOrdacháin arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil faoi airteagal 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993), arna ndéanamh de bhun alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

*Is deimhin leis an gCoimisiún, bunaithe ar an bhfianaise os a chombair, gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, ar an mbealach atá líombnaithe. Is deimhin leis an gCoimisiún de réir chóimbeá na dóchúlachta gur d'aon turas a rinneadh an sárú agus gur ní tromchúiseach sna cúinsí go léir é.*

4. Gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 169(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus gur thug sé neamhaird ar fhorálacha mhíreanna 2.1, 2.2, 2.3 agus 8.1 den Chód Iompraíochta do Chomhairleoirí (Meitheamh 2004) sa mhéid gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil lena fhreastal ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Chomhairlí Contae is Cathrach 2006 ag Óstán Fairways, Dún Dealgan, Contae Lú, an 9, an 10 agus an 11 Márta 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse



céanna i ndáil lena fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 10 Márta 2006, de shárú ar mhíreanna 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na hOrdacháin arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil faoi airteagal 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993), arna ndéanamh de bhun alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

*Is deimhin leis an gCoimisiún, bunaithe ar an bhfianaise os a chombair, gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 169(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus gur thug sé neamhaird ar fhorálacha mhíreanna 2.1, 2.2, 2.3 agus 8.1 den Chód Iompraíochta do Chomhairleoirí ar an mbealach atá líombnaithe. Is deimhin leis an gCoimisiún de réir chóimbeá na dóchúlachta gur d'aon turas a rinneadh na sárúithe agus gur ní tromchúiseach sna cúinsí go léir iad.*

5. Gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 169(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus gur thug sé neamhaird ar fhorálacha mhíreanna 2.1, 2.2, 2.3 agus 8.1 den Chód Iompraíochta do Chomhairleoirí (Meitheamh 2004) sa mhéid gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil lena fhreastal ar Sheimineár Oiliúna de chuid an Fhorais Riaracháin i gCarraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, an 26 go dtí an 27 Aibreán 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh sé costais taistil ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil lena fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 27 Aibreán 2006, de shárú ar mhíreanna 6, 18 agus 22 de Chuid II de na hOrdacháin arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil faoi airteagal 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993), arna ndéanamh de bhun alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

*Is deimhin leis an gCoimisiún, bunaithe ar an bhfianaise os a chombair, gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 169(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus gur thug sé neamhaird ar fhorálacha mhíreanna 2.1, 2.2, 2.3 agus 8.1 den Chód Iompraíochta do Chomhairleoirí ar an mbealach atá líombnaithe. Is deimhin leis an gCoimisiún de réir chóimbeá na dóchúlachta gur d'aon turas a rinneadh na sárúithe agus gur ní tromchúiseach sna cúinsí go léir iad.*

6. Gur sháraigh an Seanadóir Ó Domhnaill alt 169(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus gur thug sé neamhaird ar fhorálacha mhíreanna 2.1, 2.2, 2.3 agus 8.1 den Chód Iompraíochta do Chomhairleoirí (Meitheamh 2004) sa mhéid gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil lena fhreastal ar Chomhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlinn, Contae Lú, an 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil lena fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath, Contae Dhún na nGall, an 31 Bealtaine 2006, de shárú ar mhíreanna 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na hOrdacháin arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil faoi airteagal 12 de na Rialacháin

Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993), arna ndéanamh de bhun alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

*Is deimhin leis an gCoimisiún, bunaithe ar an bhfianaise os a chombair, gur sháraigh an Seanadóir Ó Dombnaill alt 169(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus gur thug sé neamhaird ar fhorálacha mhíreanna 2.1, 2.2, 2.3 agus 8.1 den Chód Iompraíochta do Chomhairleoirí ar an mbealach atá líomhnaithe. Is deimhin leis an gCoimisiún de réir chóimbeá na dóchúlachta gur d'aon turas a rinneadh na sárúithe agus gur ní tromchúiseach sna cúinsí go léir iad.*

7. Ós “duine sonraithe” é de réir bhrí alt 4(6) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, go ndearna an Seanadóir Ó Dombnaill “gníomh sonraithe” de réir bhrí alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (arna chur isteach le Sceideal 1 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001), nó sraith dá leithéid de ghníomhartha, sa mhéid gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil lena fhreastal ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Comhairlí Contae is Cathrach 2006 ag Óstán Fairways, Dún Dealgan, Contae Lú, an 9, an 10 agus an 11 Márta 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil lena fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 10 Márta 2006, de shárú ar mhíreanna 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na hOrdacháin arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil faoi airteagal 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993), arna ndéanamh de bhun alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, agus/nó bhí a leithéid d’iompar, nó cúinsí an iompair sin, ar neamhréir le comhall ceart fheidhmeanna chomhalta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus comhalta Údarás na Gaeltachta aige agus/nó le muinín an phobail i gcoitinne a choinneáil as a leithéid d’fheidhmiú, ar ní é a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis.

*Is deimhin leis an gCoimisiún, bunaithe ar an bhfianaise os a chombair, go ndearna an Seanadóir Ó Dombnaill “gníomh sonraithe” ar an mbealach atá líomhnaithe. Is deimhin leis an gCoimisiún de réir chóimbeá na dóchúlachta gur d'aon turas a rinneadh an “gníomh sonraithe” agus gur ní tromchúiseach sna cúinsí go léir é.*

8. Ós “duine sonraithe” é de réir bhrí alt 4(6) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, go ndearna an Seanadóir Ó Dombnaill “gníomh sonraithe” de réir bhrí alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (arna chur isteach le Sceideal 1 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001), nó sraith dá leithéid de ghníomhartha, sa mhéid gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil lena fhreastal ar Sheimineár Oiliúna de chuid an Fhorais Riaracháin i gCarraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, an 26 go dtí an 27 Aibreán 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil lena fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 27 Aibreán 2006, de shárú ar mhíreanna 6, 18 agus 22 de Chuid II de na hOrdacháin arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil faoi airteagal 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993

(I.R. Uimh. 391 de 1993), arna ndéanamh de bhun alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus/nó bhí a leithéid d'iompar, nó cúinsí an iompair sin, ar neamhréir le comhall ceart fheidhmeanna chomhalta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus comhalta Údarás na Gaeltachta aige agus/nó le muinín an phobail i gcoitinne a choinneáil as a leithéid d'fheidhmiú, ar ní é a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis.

*Is deimhin leis an gCoimisiún, bunaithe ar an bhfianaise os a chombair, go ndearna an Seanadóir Ó Domhnaill “gníomh sonraithe” ar an mbealach atá liombnaithe. Is deimhin leis an gCoimisiún de réir chóimbeá na dóchúlachta gur d'aon turas a rinneadh an “gníomh sonraithe” agus gur ní tromchúiseach sna cúinsí go léir é.*

9. Ós “duine sonraithe” é de réir bhrí alt 4(6) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, go ndearna an Seanadóir Ó Domhnaill “gníomh sonraithe” de réir bhrí alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (arna chur isteach le Sceideal 1 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001), nó sraith dá leithéid de ghníomhartha, sa mhéid gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i ndáil lena fhreastal ar Chomhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlín, Contae Lú, an 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil lena fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath, Contae Dhún na nGall, an 31 Bealtaine 2006, de shárú ar mhíreanna 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na hOrdacháin arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil faoi airteagal 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993), arna ndéanamh de bhun alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, agus/nó bhí a leithéid d'iompar, nó cúinsí an iompair sin, ar neamhréir le comhall ceart fheidhmeanna chomhalta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus comhalta Údarás na Gaeltachta aige agus/nó le muinín an phobail i gcoitinne a choinneáil as a leithéid d'fheidhmiú, ar ní é a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis.

*Is deimhin leis an gCoimisiún, bunaithe ar an bhfianaise os a chombair, go ndearna an Seanadóir Ó Domhnaill “gníomh sonraithe” ar an mbealach atá liombnaithe. Is deimhin leis an gCoimisiún de réir chóimbeá na dóchúlachta gur d'aon turas a rinneadh an “gníomh sonraithe” agus gur ní tromchúiseach sna cúinsí go léir é.*

- 5.10 Le halt 24 den Acht um Eitic, ceanglaítear ar an gCoimisiún a chinneadh an ndearnadh an sárú nó an gníomh sonraithe de thaisme, go faillíoch, go meargánta nó d'aon turas. Measann an Coimisiún gur le gníomh a rinneadh d'aon turas a bhaineann an tromchúis is mó (agus, dá réir sin, gur le gníomhartha a rinneadh de thaisme a bhaineann an tromchúis is lú). Déantar cinneadh den sórt sin sa chás go ndearnadh gníomh go comhfhiosach d'fhonn toradh ar leith a bhaint amach. Agus cinneadh á dhéanamh aige ar an mbealach inar ghníomhaigh an Seanadóir Ó Domhnaill, bhí aird ag an gCoimisiún ar chineál na sárúithe agus na ngníomhartha atá i gceist agus ar an gcóras trína ndearnadh na sárúithe agus na gníomhartha sin. Bhí aird aige freisin ar na mínithe a tugadh don Choimisiún maidir leo sin agus ar an meon a bhí ag an Seanadóir Ó Domhnaill i leith a iompair ag an am sin. Agus aird aige ar an bhfianaise a tugadh, is é tátal an Choimisiúin gurbh ag an leibhéal ab airde a bhí gach ceann de na sárúithe agus na gníomhartha agus gur d'aon turas a rinne an Seanadóir Ó Domhnaill iad.

- 5.11 Agus é ag teacht ar na cinní uaidh maidir le sárúithe líomhnaithe 1 go 9 – ba iad sin, gur d'aon turas a rinneadh na sárúithe agus an “gníomh sonraithe” agus gur nithe tromchúiseacha sna cúinsí go léir iad, bhí aird ag an gCoimisiún ar na mínithe difriúla a thug an Seanadóir Ó Domhnaill ar a ghníomhartha ina leith sin ag céimeanna éagsúla den scrúdú ar an ní seo laistigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ag an gCoimisiún araon.
- 5.12 De bharr a gcineáil, cinneann an Coimisiún nach sárúithe leanúnacha iad na sárúithe atá i gceist.
- 5.13 Chinn an Coimisiún nach bhfuil sé in ann a chinneadh gur ghníomhaigh an Seanadóir Ó Domhnaill de mheon macánta maidir leis na sárúithe.
- 5.14 Toisc nach bhfuil aon aisíocaíocht déanta i leith na gcostas ar éiligh an Seanadóir Ó Domhnaill go mícheart iad agus in ainneoin go bhfuil sé ar oscailt dó aisíocaíocht den sórt sin a dhéanamh, is faoi Chomhairle Contae Dhún na nGall agus/nó faoi Údarás na Gaeltachta atá sé na bearta cuí a dhéanamh chun na suimeanna airgid atá i gceist a aisghabháil.

## **Aguisín 1**

**Litir chuig an Seanadóir Ó Domhnaill - an 25 Eanáir 2013 – inar cuireadh an Ráiteas maidir leis na Sáruithe Líomhnaithe faoi iamh**

25 Eanáir 2013

An Seanadóir Brian Ó Domhnaill  
Cill Ulta  
An Fál Carrach  
Co. Dhún na nGall

A Sheanadóir Ó Domhnaill, a chara,

Tagraím do mo litir dar dáta an 16 Samhain 2012 maidir leis an gcinneadh ón gCoimisiún um Chaighdeán imscrúdú a thionscnamh faoi alt 23 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, arna leasú, i ndáil leis an ngearán dar dáta an 28 Bealtaine 2012 a fuarthas ón gComhairleoir Noel McBride, an Méara ag an am sin ar Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus ón Uas. Seamus Neely, Bainisteoir Contae, Comhairle Contae Dhún na nGall.

Beartaíonn an Coimisiún um Chaighdeán teacht le chéile Dé Luain an 11 Márta 2013 ag 11.00 a.m. ina oifigí ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, chun críocha fianaise a easraíonn as an imscrúdú sin a éisteacht. Deimhnigh, trí fhreagra a thabhairt ar an litir seo, go mbeidh tú ar fáil chun freastal os comhair an Choimisiúin ar an dáta sin. Cuir in iúl freisin cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar ionadaíocht dhlíthiúil duit ag an éisteacht.

D'fhonn cabhrú leat an próiseas imscrúdaithe a thuiscint, cuirim Ráiteas maidir le Nósanna Imeachta Beartaithe arna n-ullmhú ag an gCoimisiún faoi iamh. Cuirim cóipeanna de na nithe seo a leanas faoi iamh freisin:

1. Ráiteas maidir leis na Sárúithe Líomhnaithe ar an Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus ar na hAchtanna um Eitic.
2. Tuarascáil dar dáta an 7 Samhain 2012 (lena n-áirítear Aguisíní) ón Uas. Paddy Walsh, an tOifigeach Fiosrúcháin arna cheapadh ag an gCoimisiún chuig an gcás.

Sa Tuarascáil faoi iamh, is mar Aguisíní a thugtar doiciméid áirithe a cuireadh ar fáil don Uas. Walsh le linn dó a fhiosrúithe a dhéanamh agus Ráitis a fuair an tUas. Walsh ó oifigigh de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall, Údarás na Gaeltachta agus an Chumainn Chomhairlí Contae is Cathrach agus ón Méara ar Chomhairle Contae Dhún na nGall ag an am. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún brath ar na doiciméid agus ar na Ráitis sin le linn an imscrúdaithe.

Tá cumhachtaí fairsinge ag an gCoimisiún chun iallach a chur ar dhaoine teacht i láthair chun fianaise a thabhairt dó agus chun doiciméid a fháil. Feictear don Choimisiún, áfach, go bhfuil beagán díospóide fíorasáí nó nach bhfuil aon díospóid fhíorasach ann sna doiciméid agus sna Ráitis sin agus, ionas nach gá don Choimisiún na doiciméid sin a chruthú go foirmiúil agus nach gá dó údair na Ráiteas a ghlaoch chun fianaise ó bhéal a thabhairt ag an éisteacht de réir na Ráiteas, thug Cathaoirleach an Choimisiúin treoir dom iarraidh ort do thoiliú i scríbhinn a thabhairt go dtabharfaí

na doiciméid sin ar aird i bhfianaise gan cruthúnas foirmiúil a bheith ag teastáil agus go mbeadh na Ráitis i scríbhinn inghlactha mar fhianaise ag an gCoimisiún ag an éisteacht. Ar ndóigh, ní chuirfeadh an méid sin cosc ort fianaise a thabhairt thar do cheann féin, aon fhianaise bhreise a mheasann tú a bheith cuí a ghlaoch ná aighneachtaí a dhéanamh chuig an gCoimisiún.

Maidir leis sin, ba cheart duit forálacha alt 32(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, dá dtagraítear i mír 4.6 den Ráiteas maidir le Nósanna Imeachta Beartaithe, a thabhairt faoi deara. Mar atá luaite ansin, déanfaidh an Coimisiún iarracht cloí le haon iarraidh réasúnach arna déanamh agat nó thar do cheann maidir leis an dóigh a bhfeidhmeoidh an Cathaoirleach na cumhachtaí atá aige faoin alt sin chun a áirithiú go bhfreastalóidh finnétithe os comhair an Choimisiúin agus go dtáirgfear doiciméid is mian leat a chur i láthair an Choimisiúin.

Táim ag tnúth le cloisteáil uait maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh tú ar fáil chun freastal ar an éisteacht an 11 Márta 2013, maidir le cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar ionadaíocht dhlíthiúil duit ag an éisteacht agus maidir le cé acu atá nó nach bhfuil tú sásta a chomhaontú go ndéanfaí na doiciméid agus na Ráitis atá ar áireamh sna hAguisíní a ghabhann le Tuarascáil an Oifigigh Fiosrúcháin a ghlacadh isteach san fhianaise gan cruthúnas foirmiúil.

Má theastaíonn uait nó ó d'ionadaí dlíthiúil soiléiriú maidir le haon nithe atá tarraingthe anuas sa litir seo nó maidir le haon cheann de na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Ráiteas maidir le Nósanna Imeachta Beartaithe, ná bíodh aon drogall ort teagmháil a dhéanamh liom.

Is mise le meas,

---

David Waddell  
Rúnaí an Choimisiúin

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995**  
**An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001**  
**An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001**

**(Alt 32(6)(b) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995)**

**An tIar-Chomhairleoir Brian Ó Domhnaill, Comhairle Contae Dhún na nGall**

**RÁITEAS MAIDIR LEIS NA SÁRUITHE LÍOMHNAITHE**

1. Gur sháraigh tú Alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 de dheasca gur theip ort na caighdeáin chuí a choinneáil ó thaobh na macántachta, na hiompraíochta, agus an chúraim do leas an phobail agus tú ag comhall d'fheidhmeanna mar chomhalta de Chomhairle Contae Dhún na nGall toisc gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith d'fhreastail ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Comhairlí Contae is Cathrach 2006 ag Óstán Fairways, Dún Dealgan, Contae Lú an 9, an 10 agus an 11 Márta, 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil le d'fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 10 Márta, 2006, contrártha le hait 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na Treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil de réir Alt 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993) arna ndéanamh de réir Alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

2. Gur sháraigh tú Alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 de dheasca gur theip ort na caighdeáin chuí a choinneáil ó thaobh na macántachta, na hiompraíochta, agus an chúraim do leas an phobail agus tú ag comhall d'fheidhmeanna mar chomhalta de Chomhairle Contae Dhún na nGall toisc gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith d'fhreastail ar sheimineár oiliúna de chuid an Fhorais Riaracháin ar Charraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin an 26 go dtí an 27 Aibreán, 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil le d'fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 27 Aibreán, 2006, contrártha le hait 6, 18 agus 22 de Chuid II de na Treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil de réir Alt 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1991 (I.R. Uimh. 391 de 1993) arna ndéanamh de réir Alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

3. Gur sháraigh tú Alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 de dheasca gur theip ort na caighdeáin chuí a choinneáil ó thaobh na macántachta, na hiompraíochta, agus an chúraim do leas an phobail agus tú ag comhall d'fheidhmeanna mar chomhalta de Chomhairle Contae Dhún na nGall toisc gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith d'fhreastail ar Chomhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlinn, Contae Lú an 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh, 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil le d'fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath, Contae Dhún na nGall, an 31 Bealtaine, 2006, contrártha le hait 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na Treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil de réir Alt 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993) arna ndéanamh de réir Alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.



4. Gur sháraigh tú Alt 169 (3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus gur thug tú neamhaird ar fhorálacha alt 2.1, alt 2.2, alt 2.3 agus alt 8.1 den Chód Cleachtais do Chomhairleoirí (Meitheamh 2004) toisc gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith d'fhreastail ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Comhairlí Contae is Cathrach 2006 ag Óstán Fairways, Dún Dealgan, Contae Lú an 9, an 10 agus an 11 Márta, 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil le d'fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 10 Márta, 2006, contrártha le hailt 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na Treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil de réir Alt 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993) arna ndéanamh de réir Alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

5. Gur sháraigh tú Alt 169 (3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus gur thug tú neamhaird ar fhorálacha alt 2.1, alt 2.2, alt 2.3 agus alt 8.1 den Chód Cleachtais do Chomhairleoirí (Meitheamh 2004) toisc gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith d'fhreastail ar sheimineár oiliúna de chuid an Fhorais Riaracháin ar Charraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin an 26 go dtí an 27 Aibreán, 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil le d'fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 27 Aibreán, 2006, contrártha le hailt 6, 18 agus 22 de Chuid II de na Treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil de réir Alt 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993) arna ndéanamh de réir Alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

6. Gur sháraigh tú Alt 169 (3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus gur thug tú neamhaird ar fhorálacha alt 2.1, alt 2.2, alt 2.3 agus alt 8.1 den Chód Cleachtais do Chomhairleoirí (Meitheamh 2004) toisc gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith d'fhreastail ar Chomhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlinn, Contae Lú an 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh, 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil le d'fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath, Contae Dhún na nGall, an 31 Bealtaine, 2006, contrártha le hailt 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na Treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil de réir Alt 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993) arna ndéanamh de réir Alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

7. Ós *“duine sonraithe”* thú de réir bhrí alt 4(6) den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, go ndearna tú *“gníomb sonraithe”* de réir bhrí alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (arna chur isteach ag Sceideal 1 den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001), nó sraith dá leithéid de ghníomhartha, toisc gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith d'fhreastail ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Comhairlí Contae is Cathrach 2006 ag Óstán Fairways, Dún Dealgan, Contae Lú an 9, an 10 agus an 11 Márta, 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil le d'fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 10 Márta, 2006, contrártha le hailt 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na Treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil de réir Alt 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993) arna ndéanamh de réir Alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, agus bhí a leithéid d'iompar, nó cúinsí an iompair sin, ar neamhréir le comhall ceart fheidhmeanna chomhalta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus comhalta Údarás na Gaeltachta

agat agus/nó le muinín an phobail i gcoitinne a choinneáil as a leithéid d'fheidhmiú agus is ábhar é a bhfuil tábhacht shuntasach phoiblí ag baint leis.

8. Ós *“duine sonraithe”* thú de réir bhrí alt 4(6) den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, go ndearna tú *“gníomb sonraithe”* de réir bhrí alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (arna chur isteach ag Sceideal 1 den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001), nó sraith dá leithéid de ghníomhartha, toisc gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith d'fhreastail ar sheimineár oiliúna de chuid an Fhorais Riaracháin ar Charraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin an 26 go dtí an 27 Aibreán, 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil le d'fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall, an 27 Aibreán, 2006, contrártha le hailt 6, 18 agus 22 de Chuid II de na Treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil de réir Alt 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993) arna ndéanamh de réir Alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus bhí a leithéid d'iompar, nó cúinsí an iompair sin, ar neamhréir le comhall ceart fheidhmeanna chomhalta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus chomhalta Údarás na Gaeltachta agat agus/nó le muinín an phobail i gcoitinne a choinneáil as a leithéid d'fheidhmiú agus is ábhar é a bhfuil tábhacht shuntasach phoiblí ag baint leis.

9. Ós *“duine sonraithe”* thú de réir bhrí alt 4(6) den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, go ndearna tú *“gníomb sonraithe”* de réir bhrí alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (arna chur isteach ag Sceideal 1 den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001), nó sraith dá leithéid de ghníomhartha, toisc gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith d'fhreastail ar Chomhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlinn, Contae Lú an 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh, 2006 agus, dá éis sin, gur éiligh tú costais taistil agus chothaithe ar Údarás na Gaeltachta i leith na tréimhse céanna i ndáil le d'fhreastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath, Contae Dhún na nGall, an 31 Bealtaine, 2006, contrártha le hailt 6, 13, 18 agus 22 de Chuid II de na Treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Comhshaoil de réir Alt 12 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993) arna ndéanamh de réir Alt 51 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, agus bhí a leithéid d'iompar, nó cúinsí an iompair sin, ar neamhréir le comhall ceart fheidhmeanna chomhalta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus chomhalta Údarás na Gaeltachta agat agus/nó le muinín an phobail i gcoitinne a choinneáil as a leithéid d'fheidhmiú agus is ábhar é a bhfuil tábhacht shuntasach phoiblí ag baint leis.

## **Aguisín 2**

**Sleachta ábhartha ó reachtaíocht, ó ordacháin ón Aire agus ón gCód Iompraíochta do Chomhairleoirí**

## **An tAcht Rialtais Áitiúil 2001**

*Dualgas comhaltaí arna gceapadh chuig comhlachtaí eile.*

141.—(1) I gcás ina ndéanfaidh údarás áitiúil comhalta amháin nó níos mó den údarás sin a thoghadh, a cheapadh nó a ainmniú chuig comhlacht eile, cibé acu arna bhunú le reacht nó faoi reacht nó ar shlí eile, beidh sé de dhualgas ar an gcomhalta sin nó ar na comhaltaí sin ionadaíocht a dhéanamh don údarás áitiúil agus tuarascáil a thíolacadh dó faoi ghníomhaíochtaí agus oibriú an chomhlachta sin—

- (a) gach bliain, nó
- (b) aon tráth eile, má iarrtar le rún é nó má iarrann an Cathaoirleach sin a dhéanamh.

(2) Déanfaidh an comhalta nó na comhaltaí lena mbaineann gach tuarascáil lena mbaineann fo-alt (1) a thíolacadh do chruinniú den údarás áitiúil.

(3) Ní cheanglóidh aon ní san alt seo go nochtfaí faisnéis don údarás ar faisnéis í atá faoi rún nó nach bhféadfaí í a nochtadh thairis sin.

(4) Baineann an t-alt seo freisin le haon duine a shealbhaíonn comhaltas de chomhlacht de bhua é nó í a bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach nó ina comhalta eile nó ina comhalta eile d'údarás áitiúil.

*Caiteachais, luach saothair, etc. comhaltaí.*

142 — (5)(f) I gcás ina bhfreastalóidh comhalta de chomhairle thofa ar chruinniú nó ar imeacht de bhua údarú faoin alt seo, cuirfidh sé nó sí achoimre ar na himeachtaí faoi bhráid an chéad ghnáthchruinnithe eile den údarás áitiúil.

*Caighdeáin ionracais.*

168.— Is é dualgas gach comhalta d'údarás áitiúil agus gach fostaí de chuid údaráis áitiúil agus gach comhalta de gach coiste, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhall faoin achtachán seo nó faoi aon achtachán eile, caighdeáin chuí a chothabháil maidir le hionracas, iompar agus aird a thabhairt ar leas an phobail.

*Cóid iompair don tSeirbhís Rialtais Áitiúil.*

169.— (3) (a) Beidh aird ag gach comhalta ar an gcód iompair iomchuí, agus glacfaidh sé nó sí treoir uaidh, le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a fheidhmiú.

## An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001

*Gearáin leis an gCoimisiún.*

4.— (1) Más rud é go measfaidh duine (“an gearánach”)—

(a) go mb’fhéidir go mbeadh gníomh nó neamhghníomh déanta ag duine sonraithe, nó ag duine ar duine bainteach é nó í i ndáil le duine sonraithe, tar éis thosach feidhme *alt 2* ar gníomh nó neamhghníomh é de chineál, nó maidir le himthosca an chéanna gur imthosca iad de chineál, a bheidh ar neamhréir le comhlíonadh cúí fheidhmeanna na hoifige nó an phoist ag an duine sonraithe, ar oifig í nó post é a bhfuil an duine sonraithe ina dhuine sonraithe nó ina duine sonraithe faoina treoir nó faoina threoir, nó le muintín an phobail i gcoitinne sa chomhlíonadh sin a choinneáil, agus gur ní é a gabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis,

(b) go mb’fhéidir go mbeadh foráil den Phríomh-Acht sáraithe ag duine sonraithe, nó

(c) go mb’fhéidir go mbeadh foráil d’Acht 1997 sáraithe ag duine sonraithe,

féadfaidh an gearánach gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún i ndáil leis an ní..

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le gníomh nó le neamhghníomh arna dhéanamh ag duine sonraithe nó ag duine ar duine bainteach é nó í i ndáil le duine sonraithe más rud é—

(a) go mbaineann sé le ní príobháideach agus nach bhfuil baint aige le feidhmeanna na hoifige ná an phoist a bhfuil an duine sonraithe ina dhuine den sórt sin faoina threoir nó faoina treoir, nó

(b) go dtagann sé as neamhinniúlacht nó neamhéifeachtúlacht maidir le feidhm den sórt sin a chomhlíonadh, nó as mainneachtain feidhm den sórt sin a chomhlíonadh, ar thaobh an duine shonraithe.

(3) Is i scríbhinn nó i cibé foirm eile a chinnefidh an tAire a bheidh gearán faoi *fbo-alt (1)*.

(4) Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar oifigeach fiosrúcháin réamhfiosrúchán a dhéanamh i dtaobh aon ghearáin faoi *fbo-alt (1)* a thagann faoi réim *mbír (a)* den fho-alt sin mura measfaidh sé an gearán a bheith suaibhreasach nó cráiteach.

(5) Más rud é, maidir le hábhar gearáin a dhéanfar leis an gCoimisiún nó a tharchuirfear chuige, nach bhfuil sé tromáí go leor, i dtuairim an Choimisiúin, le go mbeadh údar maith ag an gCoimisiún é a imscrúdú, maidir leis an gCoimisiún, dá rogha féin, ní dhéanfaidh sé é a imscrúdú nó déanfaidh sé é a tharchur—

(a) i gcás go mbainfidh sé le duine atá ina chomhalta nó ina comhalta nó, an tráth lena mbaineann an gearán, a bhí ina chomhalta nó ina comhalta, chuig cibé coiste den Teach lena mbaineann is cúí leis,

- (b) i gcás go mbainfidh sé le duine atá ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar stiúrtóireacht ainmnithe nó ar aon stiúrtóireacht, nó a bhí, an tráth réamhráite, ina shealbhóir nó ina sealbhóir den sórt sin, nó atá i seilbh poist ainmnithe nó i seilbh aon phoist, i gcomhlacht poiblí, nó a bhí, an tráth réamhráite, i seilbh poist den sórt sin, chuig ceann an chomhlachta,
- (c) i gcás go mbainfidh sé le duine atá ina chomhairleoir speisialta nó ina comhairleoir speisialta, nó a bhí, an tráth réamhráite ina chomhairleoir nó ina comhairleoir den sórt sin, chuig an sealbhóir oifige a bhfuil nó a raibh sé nó sí ag gníomhú dó nó di mar chomhairleoir speisialta.

(6) (a) I *bhfo-alt (1)*, ciallaíonn “duine sonraithe” duine—

- (i) atá, nó a bhí an tráth lena mbaineann an gearán atá I gceist, ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige nó atá, nó a bhí an tráth lena mbaineann an gearán atá i gceist, ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar oifig an Ard-Aighne ach nach bhfuil nó nach raibh ina chomhalta nó ina comhalta,
  - (ii) atá, nó a bhí an tráth réamhráite, ina chomhairleoir speisialta nó ina comhairleoir speisialta nó a bhí ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar stiúrtóireacht ainmnithe de chuid comhlachta phoiblí, nó a bhí I seilbh poist ainmnithe i gcomhlacht poiblí, nó
  - (iii) a shealbhaíonn, nó a shealbhaigh an tráth réamhráite, stiúrtóireacht nó post fostaíochta i gcomhlacht poiblí, nó atá, nó a bhí an tráth réamhráite, i seilbh an chéanna.
- (b) Gan dochar do ghinearáltacht na habairte “tábhacht shuntasach phoiblí” i *bhfo-alt (1)*, measfaidh an Coimisiún, más cú leis déanamh amhlaidh ag féachaint do na himthosca go léir, chun críocha an fho-ailt sin, go ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí le ní má bhaineann an ní sin le tairbhe a líomhnaítear a bheith faighte ag duine sonraithe nó ag duine ar duine bainteach é nó í i ndáil le duine sonraithe agus, nár lú luach na tairbhe, i dtuairim an Choimisiúin, ná £10,000, nó nach lú ná sin é, nó go mb’fhéidir nár lú ná sin é, nó go rabhthas ag súil leis nó go bhfuiltear ag súil leis nó go mb’fhéidir go mbeifí ag súil leis nár lú ná sin é, nó go dtiocfadh luach nach lú ná £10,000 chun bheith air.

**Ciorclán LG. 49/2 - Ordacháin arna nEisiúint ag an Aire Comhshaoil faoi Airteagal 12 de na Rialacháin Údarás Áitiúil (Costais Comhaltaí Údarás Áitiúil), 1993 (I.R. Uimh. 391 de 1993)**

*Cuid II*

6. Ní íocfaidh údarás áitiúil níos mó na liúntas taistil amháin le comhalta i leith an turais chéanna agus ní íocfaidh sé aon liúntas taistil le comhalta i leith aon turais nó cuid de thuras a bhfuil liúntas íoctha ag, nó iníoctha ag údarás poiblí eile, nó áta á éileamh ó údarás poiblí eile.
13. Ní íocfaidh údarás áitiúil níos mó na aon liúntas costas cothaithe amháin le comhalta i leith na tréimhse céanna neamhláithreachta agus ní íocfaidh sé aon liúntas cothaithe le comhalta i leith aon tréimhse nó cuid de thréimhse a bhfuil liúntas íoctha, iníoctha nó á éileamh ó údarás poiblí eile nó comhlacht eile ina leith.
18. Ní íocfaidh údarás áitiúil aon liúntas costas nó cothaithe nó ní dhéanfaidh sé aon chostas ar chomhalta a aisghabháil i leith aon ní nó aon turas ar leith nó aon chuid de thuras, no tréimhse ama, nó mír chostais a íocadh nó a aisghabháladh, nó áta iníoctha nó in-aisghabháladh ag aon duine eile don chomhalta sin nó a éilíodh ar an gcomhalta sin ó aon duine eile.
22. (1) Ní bheidh comhalta i dteideal turas ar leith nó cuid de thuras, nó tréimhse ama ar leith nó aon ní eile a chur san áireamh chun críocha níos mó na éileamh amháin i leith liúntais chostas taistil nó cothaithe agus ní dhéanfaidh comhalta aon éileamh ar údarás áitiúil i leith aon ní nó aon turais ar leith nó cuid de thuras, nó aon tréimhse ama nó mír costais áta íoctha no aisghabháilte ag, nó áta iníoctha nó in-aisghabhála ag aon údarás áitiúil nó duine eile don chomhalta sin nó a éilíodh ó aon údarás áitiúil nó duine eile ag an gcomhalta sin.

## **Cód Iompraíochta do Chomhairleoirí (sleachta ábhartha)**

### *2. Iompraíocht agus iompar ginearálta*

- 2.1 Bíonn iompraíocht agus iompar ginearálta comhairleoirí agus a ról á chur i ngníomh acu ina slat tomhais thábhachtach lena meastar macántacht, ionracas, neamhchlaontacht agus feidhmíocht an rialtais áitiúil agus lena gcoimeádtar iontaoibh an phobail. Tá sé tábhachtach mar sin go mbíonn na lárluachanna seo mar bhonn is mar thaca ag gach gníomh dá ndéanann comhairleoirí a théann i bhfeidhm ar ghnó údaráis áitiúil. Mar shealbhóirí post tofa, bíonn sé de dhualgas orthu seasamh leis an iontaoibh a chuireann an pobal iontu. Freagracht phearsanta is ea é seo agus ceanglaíonn sé orthu déanamh de réir na gcaighdeán eitice is airde agus a ról á fheidhmiú acu.
- 2.2 Ba chóir do chomhairleoirí seasamh leis an gCód seo agus an méid seo a leanas a dhéanamh agus a ról á chur i ngníomh acu:-
- gníomhú ar bhealach a bhreiseoidh iontaoibh agus muinín an phobail;
  - coimhlíntí leasa a sheachaint agus gan féachaint le tionchar míchuíbhiúil a úsáid choíche;
  - cinntí a dhéanamh bunaithe ar a machnamh ar a mbeidh le leas an phobail agus leis an maitheas phoiblí, agus leis sin amháin;
  - freastal ar a n-údarás áitiúil agus a muintir go díograiseach, go macánta agus go neamhchlaonta;
  - an comhionannas a chur chun cinn agus claonadh a sheachaint;
  - a gcuid feidhmeanna a fheidhmiú ar bhealach stuama dícheallach;
  - caitheamh lena gcomhghleacaithe agus le fostaithe an údaráis áitiúil le cuirtéis agus meas.
- 2.3 Tríd is tríd, ba chóir do chomhairleoirí féachaint lena chinntiú, maidir le gach dá mbaineann lena a gcuid oibre, nach dtarraingíonn a n-iompraíocht droch-cháil ar ionracas a bpost nó an rialtais áitiúil.

### *8. Meas ar acmhainní na combhairle*

- 8.1 Ní mór do chomhairleoirí an uile aire réasúnta a thabhairt do mhaoín, acmhainní agus chistí an údaráis áitiúil, agus gan úsáid a bhaint astu, nó cead a thabhairt go mbainfí úsáid astu, chun críocha neamhúdaraithe nó críocha neamhoifigiúla. Ní mór dóibh na rialacha a rialaíonn próisis déanta éileamh agus íocaíochtaí de chineál ar bith, a chomhlíonadh go hiomlán agus ag gach tráth. Áirítear íocaíocht ionadaíochta, liúntas bliantúil, liúntas an chathaoirligh nó liúntas eile, freastal ar chomhdháil nó taisteal eile, sa mhéid sin.
- 8.2 Ceadáitear leis an Acht go n-údarófaí go bhfreastalódh duine ar chomhdháil sa chás go bhfuil an chomhairle sásta go bhfuil bunús maith leis an bhfreastal sin i bhfianaise a mhéid is a bhainfidh sé leis an údarás agus leis an bpobal áitiúil, agus trí thagairt don chostas agus do na sochair is dócha a gheofar dá bharr. Tá sé d'fhreagracht phearsanta ar gach duine a chinntiú go



bhfreastalaíonn sé nó sí i gceart ar an gcomhdháil lena linn agus go dtuairisceoidh siad ar ais chuig an gcomhairle de réir an Achta.

### **Aguisín 3**

#### **Tras-scríbhinn den Éisteacht Imscrúdaithe – an 9 Bealtaine 2016**

Is é atá sa méid atá faoi iamh ná tras-scríbhinn d'imeachtaí ón éisteacht imscrúdaithe a cuireadh ar siúl an 9 Bealtaine 2016. Tá sí ar áireamh mar Chuid A den Aguisín seo. I gcásanna inarb í an Ghaeilge an teanga inar éisteadh an fhianaise, léiríonn an tras-scríbhinn Bhéarla an teanga a d'úsáid an t-ateangaire a bhí ag aistriú i bhfíor-am ag an éisteacht.

Chomh maith leis sin, rinneadh fianaise a éisteadh i nGaeilge a thras-scríobh sa Ghaeilge bhunaidh ón taifeadadh fuaimne a rinneadh ag an éisteacht. De réir an chomhaontaithe a rinneadh ag an éisteacht, ba ar mhaithe lena húsáid ag an gCoimisiún a rinneadh an tras-scríbhinn seo. Tá sí ar áireamh anseo mar Chuid B den Aguisín seo.

Chuid A - Tras-scríbhinn Bhéarla

STANDARDS IN PUBLIC OFFICE COMMISSION

INQUIRY INTO A COMPLAINT  
CONCERNING SENATOR BRIAN O'DOMHNAILL  
HEARD ON MONDAY, 9th MAY 2016  
AT 18 LOWER LEESON STREET, DUBLIN 2

Gwen Malone Stenography  
Services certify the  
following to be a  
verbatim transcript of  
their stenographic notes  
in the above-named  
action.

---

GWEN MALONE STENOGRAPHY  
SERVICES

## APPEARANCES

For the COMMISSION:

MR. JUSTICE D. O'KEEFFE (CHAIRMAN)  
MS. DEIRDRE LANE (CLERK OF SEANAD ÉIREANN)  
MR. PETER FINNEGAN (CLERK OF DÁIL ÉIREANN)  
MR. PETER TYNDALL (OMBUDSMAN)  
MR. SÉAMUS MCCARTHY (COMPTROLLER & AUDITOR GENERAL)  
MR. JIM O'KEEFFE (FORMER MEMBER OF DÁIL ÉIREANN)

COMMISSION'S LEGAL TEAM: MR. LUÁN Ó BRAONÁIN SC  
MS. SIOBHÁN NÍ CHÚLACHÁIN BL

Instructed by: MR. PETER LAW  
MS. EVA MORRIS  
A&L GOODBODY  
28 NORTH WALL QUAY  
DUBLIN 1

For SENATOR Ó DOMHNAILL: MR. SÉAMUS Ó TUATHAIL SC  
MR. DÁITHÍ MACCÁRTHAIGH BL

Instructed by: MR. SEÁN Ó CANAINN, SOLICITOR  
CASHEL  
GORTAHORK LETTERKENNY  
CO. DONEGAL

**COPYRIGHT:** Transcripts are the work of Gwen Malone Stenography Services and they must not be photocopied or reproduced in any manner or supplied or loaned by an appellant to a respondent or to any other party without written permission of Gwen Malone Stenography Services

## INDEX

OPENING STATEMENT FROM THE CHAIRMAN	5
APPEARANCES	6
SUBMISSION - MR. Ó BRAONÁIN	6
SUBMISSION - MR. Ó TUATHAIL	31
<u>MR. PADDY WALSH</u> - EXAMINED BY MR. Ó BRAONÁIN	35
SHORT ADJOURNMENT	59
<u>LUNCHEON ADJOURNMENT</u>	95
- CROSS BY MR. MacCÁRTHAIGH	107
RULING OF THE COMMISSION	158
SHORT ADJOURNMENT	159
<u>MR. SÉAMUS NEELY</u> - DIRECT BY MR. O BRAONÁIN	160
- CROSS-EXAMINED BY MR. MacCÁRTHAIGH	162
	164
<u>MR. G. BREATHNACH</u> - EXAMINED BY MR. Ó BRAONÁIN	
- CROSS-EXAMINED BY MR. Ó TUATHAIL	165

<u>SENATOR Ó DOMHNAILL</u> - DIRECT BY MR. O TUATHAIL	166
- CROSS BY MR. O BRAONÁIN	182
- QUESTIONED BY THE COMMISSION	210
SHORT ADJOURNMENT	211
ISSUE OF WRITTEN SUBMISSIONS	212

1 THE HEARING COMMENCED AS FOLLOWS ON MONDAY, 9TH MAY  
2 2016

3  
4 **MR. WALSH:** Thank you very much. Just a few  
5 housekeeping issues before we start. If you would all, 09:48  
6 first of all, turn off your mobile phones. Secondly,  
7 in case of an emergency, the emergency exits, there is  
8 one at the back (indicating), the other one is at the  
9 side, down here, if you go out that door and straight  
10 cross, and the other one is, the way you came in, to go 09:48  
11 up the stairs rather than using the lift.

12  
13 So I'll hand you on now to the Chairman of the  
14 Standards in Public Office Commission, Mr. Justice  
15 Daniel O'Keefe. Thank you very much. 09:49

16 **CHAIRMAN:** welcome to everybody. So  
17 I welcome everybody here and we're going to start by  
18 hearing submissions by Mr. Ó Braonáin in relation to  
19 the matters which are before us today. When he has  
20 made his initial opening and submissions, he can call 09:49  
21 whatever witnesses he wishes and they will have the  
22 opportunity to give evidence and to be subject to  
23 re-examination, should it be necessary.

24  
25 In relation to any particular breaks, I think it will 09:49  
**Brian Ó Domhnaill:** Is dóigh an chéad uair a fuair mé i bhfostú i gcúrsaí polaitíochta ná.. bhí baint spóirt agam, bhí mé ag traenáil do na Cluichí Oilimpeacha i Sydney sa bhliain 2000 agus ag an am sin fuair mé gortú agus rith mé fá choinne toghchán an Údaráis i 1999 agus tar éis dom an ollscoil a fhágáil ...

**An tUasal Ó Tuathail:** Labhair go mall le do thoil

**Brian Ó Domhnaill:** Agus sin é an fáth .. an chéad chineál de sprioc a bhí agam mar pholaiteoir ná cúrsaí spóirt agus áiseanna spóirt go háirithe a chur chun cinn agus chonaic mé go raibh an pháirtnéireacht spóirt fite fuaite i bhfostú i gcúrsaí spóirt agus go raibh ról, go raibh ról a thiocthadh liomsa a imirt ins san rud sin agus tá lúcháir go deo orm go dtí an lá seo go raibh mé... go raibh baint agam le Páirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall. Eagras atá ag déanamh sárobair thar ceann cúrsaí spóirt chan amháin i nDún na nGall tá páirtnéireachtaí anois beagnach i ngach contae ar fud na tíre.

**An tUasal Ó Tuathail:** Sea ach go pearsanta, an fíor dom nuair a deirim go bhfuil baint agat go hidirnáisiúnta le comórtaisí nó go raibh baint agat le comórtais idirnáisiúnta sna rásaí siúil?

**Brian Ó Domhnaill:** Is dóigh sula bhfuair mé i bhfostú i gcúrsaí polaitíochta bhí scoláireachtaí agam ó Adidas agus Guinness – rinneadh tagairt do Guinness níos luaith inniu ach bhí mé ag fáil urraíochta le bheith ar an ollscoil agus ag traenáil agus sin suas go dtí 2000. Thit mé amach as an spórt nuair a toghadh mé ar feadh roinnt blianta ó 2003 nó 2004 go dtí gur toghadh mé mar Chomhairleoir Contae. De bhrí go raibh dualgaisí trom le hobair ionadaí poiblí. Ach an coach a bhí agam ag an am - fear uasal ó Dún na nGall, chuir sé brú orm dul ar ais ag traenáil agus thosaigh mé ar ais ag dian-traenáil thart fá lár 2005 agus bhí sprioc mór againn ar ndóigh níl am agam dul isteach ansin inniu ach bhí sprioc spóirt agam a bhain leis an bhliain 2012 agus beimid in ann...

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus is minic le linn na gcúrsaí seo atá á bplé againn inniu, is minic, ba mhinic tú amuigh i mbun traenála agus i mbun aclaíochta

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel is dóigh..ag tús an bhliain sin, 2006, bhí mé ag déanamh thart ar idir 60 agus 90 míle sa tseachtain ag traenáil.

**An tUasal Ó Tuathail:** Sea, bhuel ba mhaith liom anois díriú ar na ceisteanna a hardaíodh anseo inniu ó thaobh do chuid fianaise de agus pléifidh mé chomh maith leis sin don Choimisiún, pléifidh mé leis na gearáin – uimhir a haon (1), uimhir a ceathair (4) agus uimhir a seacht (7). Sin trí cinn a bhaineann le gcomhdháil bhliantúil na gcomhairlí contae agus cathrach. Now, tosaíonn na ceisteanna seo ar an Déardaoin an 9 Márta. An féidir leat a rá, agus is féidir leat breathnú ar na páipéir ansin, an féidir leat a rá go díreach ar an 9 Márta 2006 agus an deichiú lá (10ú) agus an t-aonú lá déag (11ú) bhí tú ag plé le comhdháil bhliantúil na gcomhairlí contae agus cathrach.

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí.

**An tUasal Ó Tuathail:** Ar an Déardaoin an 9 Márta agus luafaidh mé na dátaí seo agus na hamanna seo ar mhaithe le soiléireacht agus le cuidiú le gach éinne agus gan a bheith ag moilleadóireacht ach ar an Déardaoin an 9 Márta cén uair a d'fhág tú ... bhí tú sa bhFál Carrach, glacaim leis? An Fál Carrach, sin an baile agatsa? Cá bhfuil an oifig agat?

**Brian Ó Domhnaill:** Tá an oifig agam i nGort an Choirce agus ó toghadh mé i 1999 bhí oifig beagnach lánaimseartha agam rud a chosnaigh go leor airgid ach bhí rúnaí fostaithe ansin agam. Bhí mé i mo chónaí i gCill Ulta ar ndóigh, sin thart ar míle go leath taobh amuigh de bhealach na Crosbhealaí nó an Fhál Carraigh.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus amanna eile, an raibh cónaí ort i nGort an Choirce?

**Brian Ó Domhnaill:** Ní raibh, bhí mé i gcónaí i mo chónaí i gCill Ultaigh – tá sé i bparóiste Ghort an Choirce ach faoi post sheoladh an Fháil Charraigh agus bhí an oifig agam i gcónaí i nGort an Choirce tá go dtí an lá inniu.

**An tUasal Ó Tuathail:** Bhuel ar thart ar a haon a chlog má tá an ceart agam mura bhfuil certaigh mé ach thart ar a haon a chlog an lá sin d'fhág tú an Fál Carrach le dul go Dún Dealgan.

**Brian Ó Domhnaill:** Tá sin ceart.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus bhí tú ag dul ag freastal ar an gcomhdháil bhliantúil sin ar son an Chomhairle Contae? Now, ar an 10ú lá Márta .. ó sea gabhaim pardún, shroich tú Dún Dealgan glacaim leis ar an 9ú lá? Agus an raibh aon rud ar siúl an tráthnóna sin ag an gcomhdháil sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel, mar chuimhne bhí dinnéar ar siúl an tráthnóna sin agus measaim go raibh óráidí oscailte na comhdhála ar siúl fosta.

**An tUasal Ó Tuathail:** Sea. Agus bhí tú i láthair ag na cúrsaí sin.

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí.

**An tUasal Ó Tuathail:** Ansin an mhaidin dar gcionn, an 10ú Márta 2006, thosaigh cúrsaí .. cén uair ar thosaigh seisiúin na maidine?

**Brian Ó Domhnaill:** Thart ar 10 a chlog.

**An tUasal Ó Tuathail:** 10 a chlog ar maidin. Agus thart ansin, céard a tharla ina dhiaidh sin? Thart ar abair, leathuair tar éis a dó dhéag nó thart ar a haon a chlog?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel thart ar leathuair tar éis a dó dhéag, d'fhág mé an chomhdháil chun sprioc a bhaint amach is é sin freastal a dhéanamh ar chruinniú de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall ach roimhe sin bhí agam le dhul go dtí m'oifig agus mo bhaile le obair a dhéanamh ansin ina raibh rúnaí fostaithe agam mar a deir mé agus bhí doiciméidí áirithe le cruinniú agam agus iad a thabhairt liom agus ansin d'fhill mé arís an tráthnóna sin ar ais go dtí an oifig leis na doiciméidí, cuid acu a bhí sínithe agus bhí foirmeacha iarratais cosúil le deontais tithíochta agus mar sin de le cur amach agus chuir an rúnaí iad sin amach an lá dar gcionn.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus ar ndóigh tá tú ag tiomáint i ngluaisteán?

**Brian Ó Domhnaill:** Tá.

**An tUasal Ó Tuathail:** Yeah. Anois, cad a chaill tú an lá sin? An féidir leat a rá ó thaobh na comhdhála a bhí ag dul ar aghaidh? Sin ar leathanach, bhuel tuigim go raibh Uachtarán...

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael ansin, fear a bhfuil an-mheas agam air agus bhí príomhfheidhmeannach an NRA, Fred Barry... Anois níl aon mótarbhealach agus is beag airgid cuid den am atá ag dul go Dún na nGall ó thaobh na bpríomhbhóithre but bhí... mheas mé féin..bhí cinneadh le déanamh agamsa agus mar chathaoirleach ar Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall, eagraíocht nach amháin atá ag déanamh freastail ar phobal Dhún na nGall ach go háirithe ar an nglún óg, mheas mé go raibh sé, an buntáiste ba mhó a thioctadh liomsa a thabhairt do na cáiníocóirí ná freastal a dhéanamh ar an gcruinniú sin mar chathaoirleach. Agus go mbeadh mé ag déanamh freastal níos fearr mar ionadaí poiblí leis sin a bhaint amach agus sin an rud a rinne mé.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus bhain an tUasal Barry leis an Údarás...

**Brian Ó Domhnaill:** Údarás na mBóithre Náisiúnta, sin é go díreach. Agus mar a deir tú, níl aon mótarbhealach ná níl aon seans go mbeidh mótarbhealach i nDún na nGall i gceann tamaill. An tuigbheáil atá agam ón lá sin bhí sé ag caint faoi straitéisí náisiúnta a bhaineann le bóithre, go háirithe tugann siad téarma i mBéarla "inter-urban connections", níl aon inter-urban ó Dhún na nGall go Baile Átha Cliath agus fiú go dtí an lá seo, níl aon inter-urban againn.

**An tUasal Ó Tuathail:** Sea. Agus an tríú rud a chaill tú ansin ná an dinnéar agus an ceol a lean.

**Brian Ó Domhnaill:** Sin go díreach.



Sin gnáthrudáí ag comhdháil dá leithéid. Ach thug tú an méid sin suas le freastal ar an Institiúid Teicneolaíochta i Leitir Ceanainn, nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é go díreach.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus téann tú go Leitir Ceanainn, conas a théann tú go Leitir Ceanainn as Dún Dealgan? Cad é an bóthar, cad é an treo a ghlacann tú?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel, téann an bóthar tríd Tuaisceart na hÉireann...ó Dhún Dealgan...agus an chéad stop a bhí agam, stop mé sa bhaile agus ansin bhí mé i Leitir Ceanainn an tráthnóna sin. Bhí an cruinniú críochnaithe thart ar a hocht a chlog an tráthnóna sin agus bhí mé ag caint le cuid de mo chomhghleacaithe a bhí ar an DSP mar a thugtar anseo air ar Páirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall agus tar éis sin d'fhill mé ar an mbaile thart faoin 9 a chlog nó mar sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Ceist agam ansin. Dún Dealgan... bhuel, Leitir Ceanainn.. as Dún Dealgan bhí an Fál Carrach, cén fhad a thógann turas mar sin ort?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel, braitheann sé cén uair den lá agus má tá deifir ort is féidir é a dhéanamh taobh istigh de 30 bomaite agus go minic...

**An tUasal Ó Tuathail:** No, no, níl fan nóiméad...tá mé ag caint air, tá tú ag dul go Leitir Ceanainn via an Fál Carrach as Dún Dealgan. Cén fhad a thógfadh turas mar sin? Abair, Dún Dealgan go dtí an Fál Carrach?

**Brian Ó Domhnaill:** Thart fá dhá uair go leath, dhá uair is trí ceathrú.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus ar ais ansin, ar aghaidh go dtí Leitir Ceanainn, cén fhad a thógfadh sin ort?

**Brian Ó Domhnaill:** Idir tríocha agus daichead is a cúig bomaite. Thart air sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** So turas thart ar trí go leath uair?

**Brian Ó Domhnaill:** Thart air sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus ar ndóigh, tharla na rudaí seo deich mbliana ó shin anois, nach fíor?

Deich mbliana ó shin so tá sé deacair...

**An tUasal Ó Tuathail:** Ach tá cuid den cháipéisíocht, tugann sé eolas áirithid níos cruinne dúinn. Agus ag an Institiúid Teicneolaíochta i Leitir Ceanainn bhí an cruinniú ar siúl den Pháirtnéireacht Spóirt agus cén uair ar thosaigh an cruinniú sin? Ar an 10ú lá?

**Brian Ó Domhnaill:** Thosaigh sé beagnach a cúig a chlog tráthnóna. B'fhéidir go raibh sé ceathrú i ndiaidh a cúig ach thart fán cúig a chlog.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus an raibh tusa i do chathaoirleach ar an gcruinniú sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus cén uair ar chríochnaigh an cruinniú sin?

Idir leathuair i ndiaidh a seacht agus a hocht a chlog. Níos cóngaraí don ocht.

**An tUasal Ó Tuathail:** Sea. Agus cad a tharla ina dhiaidh sin? D'imigh tú chun an bhaile ab ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel bhí mé ag caint le cuid... an gnáthnós ag cruinnithe den chineál sin bheinn ag caint le daoine tar éis na gcruinnithe ach is dóigh bhí sin ar siúl agam an tráthnóna sin agus cuid den am fiú nuair atá tú i do chathaoirleach ar choiste mar sin bíonn fadhb ag duine éigin agus caithfidh tú plé a dhéanamh leis agus cáipéisí b'fhéidir cuid den am le síniú agat mar chathaoirleach thar ceann an eagrais. Déarfainn gur fhág mé ceathrú tar éis a hocht, rud éigin mar sin. Ag tabhairt aghaidh ar baile s'agam ar an bhFál Carrach.

**An tUasal Ó Tuathail:** Bhí tú sa bhaile thart ar a 9 a chlog nó mar sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Thart ar a 9 a chlog.

**An tUasal Ó Tuathail:** Anois an lá dar gcionn, an lá deireanach den trí lá seo, yeah bhuel ... tuige an ndeachaigh tú abhaile ag an bhFál Carrach ag an bpointe sin seachas dul díreach ar aghaidh go dtí Dún Dealgan?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel mar a dúirt mé níos luaithe, bhí cáipéisí éagsúla agus litreacha liom. Déanfaidh an rúnaí amach na litreacha, duine ar bith a bhíonn ag plé le cúrsaí polaitíochta, tá sé an-tábhachtach a bheith ag déileáil leis na reps mar a deireann siad agus bhí córas i gcónaí agamsa, bhí Dictaphone i gcónaí agam agus bhí córas agam dá dtiocfadh scairt ar bith isteach chuig an oifig ná duine ar bith teagmháil liomsa bím ag iarraidh freagra a fháil amach chomh luath agus is féidir. Anois, tá mé an-iomaíoch go deo go dtí an lá seo i gcúrsaí polaitíochta ach tá mé an-iomaíoch i gcúrsaí lúthchleasaíochta fosta. Agus iompraím sin fríd agus sin an fáth. Chomh maith leis sin ar an tráthnóna sin agus go leor tráthnónta eile, bhí mé ag fáil cóir leighis, is é sin treatments nó physio treatments ó fear atá lonnaithe ar na Crosbhealaí agus thug seisean seisiún dom an oíche sin agus maireann na seisiúin sin thart ar daichead is a cúig bomaite. Ag tabhairt faoi deara, bhí na comórtais náisiúnta ag teacht aníos, beagnach mí tar éis an lá seo so bhí an traenáil ag éirí níos láidre leis fosta so bhí sin ar bun agam fosta.

**An tUasal Ó Tuathail:** So ansin ar an 11ú Márta thiomáin tú ar ais go Dún Dealgan, cén uair ar thosaigh tú amach le dul go Dún Dealgan an lá sin? An raibh tú ann ag thart ar leathuair tar éis a haon nó mar sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí, d'fhág mé ag thart ar leathuair tar éis a deich agus bhí mé ansin thart ar a haon a chlog, leathuair tar éis a haon b'fhéidir nó roimhe sin. Níl mé cinnte, I mean, b'fhéidir idir a haon a chlog, thart fán am sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus dúradh go minic ar maidin é ach cé gur éiligh tú turas amháin go Dún Dealgan, bhí dhá cheann déanta agat.

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus ní bheadh tú i dteideal an dara ceann, costaisí an dara ceann a lorg ar chaoi ar bith.

**Brian Ó Domhnaill:** Fiú níor lorg mé é.

**An tUasal Ó Tuathail:** Sea. Ach thuig tú na rialacha?

**Brian Ó Domhnaill:** Thuig, go pointe yeah.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus ansin ó thaobh na héilimh a dhéanamh, just leis sin a ghlanadh suas más féidir, d'fhan tú ráithe i leith an Údaráis nach ea, thart ar ráithe, sular chuir tú na mionghnéithe chucu agus bhí moill sé mhí ansin i leith an Údaráis?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus i leith an Chomhairle Contae, naoi lá. Naoi lá. Ach tuigeann tú anois b'fhéidir bhuel má tá rudaí sé mhí óna chéile go mb'fhéidir go rachaidh rudaí in aimhréidh ort ó thaobh cuimhne agus rudaí mar sin nuair atá tú ag líonadh isteach na foirmeacha seo. Tá tú ag plé le dhá údarás ar leith i ndáiríre.

**Brian Ó Domhnaill:** Tá. Bhí an t-éileamh sin sé mhí tar éis don chruinniú tarlú agus sin an gnáthnós a bhí agam ag an am. Chuirinn isteach na héilimh chuig an Údarás b'fhéidir achan trí mhí, achan sé mhí nó roimh deireadh na bliana. Agus is dóigh sin an rud a tharla ins san am sin fosta.

**An tUasal Ó Tuathail:** Meabhraím mo chara dom gur seacht mí. Níl an ord i gceart agamsa. Gabhaim pardún faoi sin. Ní gá dul... tá litir den 15ú lá déag Nollaig 2011 ach ní dóigh liom gur gá dul chuige sin. Leathanach 66 den leabhar gorm mór. Bhí tú thar an litir sin faoi dhó ag an bpointe seo. Ach ar mhaith leat.. Seo an chéad deis agatsa labhairt faoin litir seo. Go háirithe bhí míbhrí dar linne á baint as cuid den tráchttaireacht ansin. An bhfeiceann tú an chéad alt ansin? Deireann tú... Seo litir a scríobh tú chuig Liam Ward. (script in EN)

An bhfuil aon rud le rá agat faoin abairt sin go háirithe?

**Brian Ó Domhnaill:** Níl. Rinne mé freastal ar an gcomhdháil, mar atá leagtha amach ansin, agus rinne mé freastal ar an gcruinniú. Is dóigh b'fhéidir go dtiocfaidh leat míthuiscint a bhaint as an paragraph de bhrí b'fhéidir nach bhfuil sé soiléir go leor go ndeachaigh mé go dtí mo theach cónaithe/oifig roimh an gcruinniú i Leitir Ceanainn. Sin botún ar mo thaobh féin de mura raibh sé sin cruinn agus glacaim leis sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** D'imigh tú ón bhFál Carrach go Leitir Ceanainn, b'shin an soiléiriú a bhí ansin. Agus ansin in alt 3 den litir sin, tá botún i gceist ansin, an bhfuil? Chuir tú síos Carraig Mhachaire Rois ar an 24ú lá, nó ar an 27ú lá ab ea, agus tharla sé ar an 24ú nó vice versa yeah. Is ceist ama atá i gceist, uaireanta an chloig (3:08) trí a chlog in áit a hocht a chlog. Agus tá sin admhaithe agat sa litir 15ú Nollaig 2011?

**Brian Ó Domhnaill:** Tá.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus b'shin an chéad deis a fuair tú is dóigh liom plé leis an gComhairle Contae faoin gceist áirithe sin, na ceisteanna a hardaíodh. Gabhfaidh mé anois ag Gearán Uimhir 258 de réir an bhileog gearán atá os comhair an Choimisiúin. Agus sin an Institiúid Riaracháin Phoiblí – seimineár i gCarraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin. Tharla an ócáid sin an 26/27ú Aibreán 2006 ... bhuel tharla sé an 27ú Aibreán. Ach an raibh tú ag taisteal an 26ú lá?

Bhí.

**An tUasal Ó Tuathail:** Cén uair ar thosaigh an seimineár sin ar an 27ú lá?

**Brian Ó Domhnaill:** Thart ar ceathrú... leathuair tar éis a naoi ar maidin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Sea ar nós an Choimisiúin anseo, tosaíonn siad go luath ar maidin. Agus dá bhrí sin, bhí tú ag taisteal ar an 26ú lá, cén uair a d'fhág tú an Fál Carrach ar an 26ú lá le freastal air?

**Brian Ó Domhnaill:** Thart ar 5 a chlog tráthnóna.

**An tUasal Ó Tuathail:** Sea. Agus tá sé sin pléite ar leathanach 171, ní ghabhfaidh mé aige. 171 den leabhar gorm. Ar an 27ú lá, bhí cruinniú i Leitir Ceanainn, an fíor sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Is fíor sin, cinnte.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus cén uair a d'fhág tú Carraig Mhachaire Rois le dul chuig an gcruinniú sin?

**Brian Ó Domhnaill:** D'fhág mé Carraig Mhachaire Rois thart ar fiche chun a haon, nó thart air sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus cad a chaill tú dá bharr ó thaobh an imeacht a bhí ar siúl i gCarraig Mhachaire Rois, is é sin an Institiúid Riaracháin Phoiblí, bhí seimineár ar siúl acu.

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí an seimineár traenála beagnach críochnaithe. Bhí an mhórchuid de críochnaithe. Tá an clár ansin áit éigin, bhí plé déanta air níos luaithe. Bhí summing up agus bhí lón i gceist. Mheas mé féin, ní duine mór mé fá choinne lón mór ná dinnéar mór ag comhdhálacha go háirithe nuair atá tú ag traenáil agus ag iarraidh b'fhéidir go bhfuil diet áirithe le baint amach agat agus mar sin de. D'fhág mé an chomhdháil agus fuair mé díreach go dtí mo bhaile go dtí an oifig agus sin mar a bhain mé amach an...

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus ar chaill tú an lón agus na ceisteanna agus freagraí...

**Brian Ó Domhnaill:** Chaill mé an lón, sin é.

**An tUasal Ó Tuathail:** Sin an dara huair a chaill tú lón anois ó thosaigh mé leat. Bhain tú an Fál Carrach amach ansin an tráthnóna sin. Thart ar a trí a chlog ab ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Thart ar a trí a chlog.

**An tUasal Ó Tuathail:** Bhí cruinniú i Leitir Ceannainn agat san Institiúid Teicneolaíochta, b'shin Páirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é.

**An tUasal Ó Tuathail:** An raibh tú i do chathaoirleach ar an gcruinniú sin freisin?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus cén uair ar thosaigh an cruinniú sin? Cén uair ar chríochnaigh sé?

**Brian Ó Domhnaill:** Thosaigh an cruinniú arís ar a cúig a chlog, ceathrú i ndiaidh a cúig. Agus chríochnaigh an cruinniú thart fán ocht a chlog. De ghnáth maireann na cruinnithe sin thart fá trí uair an chloig.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus ansin sa bhaile go dtí an Fál Carrach ab ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é go díreach.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus tuige an ndeachaigh tú abhaile ag an bpointe sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Chuaigh mé chun a bhaile, sin trí lá, ceithre lá tar éis na comórtais náisiúnta siúil 20km áit ar bhain mé amach an dara háit i gcúl an Olympian Jamie Costin agus phioc mé suas gortú le linn an rása cé go raibh rása crua ann, phioc mé suas gortú. Bhí agam le cóir leighis a fháil mar go raibh rása mór ag teacht aníos dom i lár mhí Meithimh so bhí mé ag iarraidh a chinntiú go mbeinn in ann tús a chur leis an traenáil crua arís. Agus bhí seisiún agam ar an Fhál Carrach arís. Ag an physio a chuireann an tseirbhís ar fáil. Agus an duine sin an cóitseálaí agam chomh maith so oibríonn sé féin but go minic buaileann sé liomsa nuair atá deis agam. An oíche sin, sin é an t-aon deis a bhí agam agus bhuaíl sé liom thart ar 9:30 nó thart fá sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus ansin an lá dar gcionn ab ea, bhí cruinniú agat i gCiarraí?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus b'shin cruinniú den Údarás?

**Brian Ó Domhnaill:** Cruinniú boird den Údarás.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus cén uair ar tháinig sin le chéile?

**Brian Ó Domhnaill:** Ag an deich a chlog ar maidin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Ar imigh tú an tráthnóna sin síos chuig an gcruinniú?

**Brian Ó Domhnaill:** D'imigh. An gnáthnós i gcónaí a bhí agam, agus fiú an gnáthnós atá agam go fóill, agus mé ag plé le cúrsaí polaitíochta sa tSeanad ná... rinne mé an rud céanna an oíche sin. D'fhág mé an baile thart fán aon déag a chlog ar maidin. Go minic fiú ag teacht go dtí an Seanad anseo faoi láthair, bíonn an Seanad ina shuí Dé Máirt agus bíonn clinicí nó cruinnithe ar siúl agamsa gach oíche Luain. Bíonn sé b'fhéidir cuid den am ag tarraingt ar mheán oíche ag fágáil Dún na nGall oíche Dé Luain, ach an oíche sin d'fhág mé ag a haon déag a chlog agus bhain mé Gaillimh amach agus ar aghaidh ansin ar maidin go dtí an cruinniú a bhí ag dul ar aghaidh i gCo. Chiarraí.

**An tUasal Ó Tuathail:** Rinne tú an t-éileamh ina leith seo chuig an gComhairle Contae an 13 Meitheamh, má tá an ceart agam. 26, 27 Aibreán. Tá an t-éileamh déanta an 13ú Meitheamh 2006?

**Brian Ó Domhnaill:** Tá.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus nach bhfuil cothabháil i gceist ansin? Ní raibh aon dúbailt ann mar a maíodh le cúrsaí taistil. Ach bhí cothabháil i gceist agus luadh é cheana féin. €16.32 a bhí i gceist ansin. D'admhaigh tú go ndearna tú botún ó thaobh an t-am a d'fhill tú, sé sin ní ag a hocht a chlog ach ag a trí a chlog?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é. Botún ionraic a bhí ann.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus cuireadh an cheist seo ar an mBainisteoir, cad iad na céimeanna a ghlac an Chomhairle Contae leis an €16.32 sin a fháil ar ais uait?

**Brian Ó Domhnaill:** Ní raibh aon teagmháil agamsa ón gComhairle i dtaca leis sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus seacht mí ina dhiaidh sin, má tá mé cruinn an uair seo, dhein tú éileamh ar an Údarás, an cuimhin leat sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Tá sin ceart.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus dhá mhí.. is dóigh liom... phléigh muid leis an éileamh sin don Chomhairle Contae. Sin gearán 258 agus tá mé ag iarraidh bogadh ar aghaidh anois go dtí an ceann deireanach ar an liosta. Is é sin gearán 369, sin iad na gearáin atá faoi chaibidil ag an bpointe seo. Baineann sin leis an gcomhdháil turasóireachta mara i gCairlinn i gCo. Lú. Táimid ag caint faoin 30ú lá Bealtaine an 31ú lá Bealtaine agus an chéad lá de mhí an Mheithimh 2006. Anois ó thaobh taistil de, cén lá ar dhein tú an taisteal ón Fál Carrach, cén lá ar thosaigh tú amach le dul go dtí an chomhdháil sin i gCairlinn i gCo. Lú?

**Brian Ó Domhnaill:** Ar an 30ú lá.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus cén t-am sa lá ar thug tú faoin turas sin?

**Brian Ó Domhnaill:** D'fhág mé an baile thart fá leathuair tar éis an trí.

**An tUasal Ó Tuathail:** Le dul go Cairlinn. Cén fhad a bhí sa turas sin, meastú, ó thaobh tiomána de?

**Brian Ó Domhnaill:** Is dóigh thart ar ... thart ar.. trí huaire de bheith ag tiomáint díreach.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus an lá sin, ba chóir dom an cheist a chur ort roimhe seo, ach an 30ú lá Bealtaine i dtús an lae, an raibh tú i nGleann Cholm Cille?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí cruinniú réigiúnach de chuid an Údaráis i nGleann Cholm Cille an lá sin agus rinne mé freastal iomlán ar an gcruinniú sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Sin an CR..

**Brian Ó Domhnaill:** CRAT, Coiste Réigiúnach an Tuaiscirt den Údarás, Bord Réigiúnach.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus ag a trí an chlog tráthnóna ar an 30ú lá de Bhealtaine, bhí tú díreach isteach ó Ghleann Cholm Cille ab ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Thart air sin. Ní ghlacann sé dhá uair an chloig teacht ó Ghleann Cholm Cille go Gort a'Choirce, bheifeá ag caint ar uair go leath so thart ar a trí a chlog, b'fhéidir go raibh sé leathuair i ndiaidh a dó, nílim cinnte ach thart air sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus ansin d'imigh tú ón teach sa bhFál Carrach go dtí an oifig i nGort a'Choirce ab ea? Cén mhéid mílte atá i gceist ansin? Ón teach agatsa sa bhFál Carrach go dtí an oifig i nGort a'Choirce?

**Brian Ó Domhnaill:** Is dóigh míle go leath nó mar sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus thug tú cuairt ar an dá áit an lá sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Beirim i gcónaí, yeah. Bhí m'athair beo ag an am sin agus go minic eisean an duine a bhí ag amharc i ndiaidh an phaiste sa bhaile nuair a bhí mise ar shiúl ag rud ag bith agus bhíodh sé ar an bhfón maidin, lá agus oíche agam. Ar an drochuair fuair sé bás ó shin ach bhí sé beo ag an am sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus an 31ú Bealtaine ansin, tharla an clárú ab ea go luath ar maidin?

**Brian Ó Domhnaill:** Tharla, cinnte.

**An tUasal Ó Tuathail:** Leathuair tar éis a hocht go dtí...

**Brian Ó Domhnaill:** Idir leathuair tar éis a hocht a naoi.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus lean an chomhdháil ar aghaidh ina dhiaidh sin i gCairlinn?

**Brian Ó Domhnaill:** Lean.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus faoi bhealach ansin ar stop tú le haghaidh rud ar bith a dhéanamh, nó bhí tú ag plé le lúthchleasaíocht an uair sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí. Tá tú ag cur ceist orm anois faoin am a d'fhág mé ab ea?

**An tUasal Ó Tuathail:** An lá sin, an 31ú Bealtaine.

**Brian Ó Domhnaill:** D'fhág mé Cairlinn thart ar leathuair tar éis a trí, tuigim. Thart air sin. Bhí seoladh ar an gClochán Liath an oíche sin, seoladh Páirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall, an dara doiciméad straitéiseach don Pháirtnéireacht. Seoladh deas a bhí ann bhíomar ag leagan amach straitéise don Pháirtnéireacht ó 2006 go dtí 2010. Fuair mé ar ndóigh... le bheith réidh fá choinne an seoladh bhí agam le typáil a dhéanamh ar óráid a bhí mé ag tabhairt ag an ócáid sin. Bhí agam le dul chuig m'oifig ar dtús báire, é sin a chríochnú, agus ansin dul ó sin go dtí an Clochán Liath mar go raibh orm féin cúpla focal a rá agus óráid a chur le chéile, so bhí agam leis an réamhobair sin a dhéanamh.

**An tUasal Ó Tuathail:** Cad a chaill tú nuair a d'imigh tú an lá sin? Ní gá dul i bhfad scéil leis ach bhí ceisteanna agus freagraí is dóigh liom a chaill tú agus na hoisrí agus na diúilicíní?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí turas bád agus dinnéar agus Guinness agus rudaí mar sin.

**An tUasal Ó Tuathail:** Ní réitíonn Guinness agus seoladh?

**Brian Ó Domhnaill:** Ní raibh aon suim agamsa bheith ar shiúl ag ithe oisrí agus ag ól Guinness. Bhí níos mó suime agam bheith sa bhaile ag cuidiú le Páirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall an plean oibre agus an modh oibre a bhí á leagan amach againn a sheoladh.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus tharla sin, an cruinniú idir a hocht a chlog go dtí leathuair tar éis a naoi?

**Brian Ó Domhnaill:** Leathuair tar éis a naoi.

**An tUasal Ó Tuathail:** Taisteal amháin a bhí i gceist ar an gceist sin. An bhfuil aon cheist eile? Cén uair a ndeachaigh tú go Gaillimh agus síos go dtí an Daingean? No, níor tharla sin ar an lá sin.

**Brian Ó Domhnaill:** Tar éis an Clochán Liath an tráthnóna sin, chríochnaigh sé ag thart ar leathuair tar éis a naoi. Agus bhí a fhios agam go raibh an ócáid i gCairlinn beagnach thart fán am sin agus chuaigh mé abhaile. Bhí tae agus a leithéid agam agus bhí rud beag obair cóipeála le déanamh agam ar nótaí agus mar sin de do mo rúnaí fá choinne an mhaidin. Rinne mé é sin agus ansin d'fhág mé agus chuaigh mé ar ais go dtí an chomhdháil an oíche sin le bheith réidh fá choinne an chomhdháil an mhaidin dar gcionn.

**An tUasal Ó Tuathail:** Agus abhaile ina dhiaidh sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é.

**An tUasal Ó Tuathail:** Bhuel is dóigh liom nach bhfuil aon cheist eile agam ort so ar mhiste leat ceist ar bith atá ag mo chara ort a fhreagairt le do thoil?

**Brian Ó Domhnaill:** Cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá roinnt ceisteanna agam ort. An bhféadfainn tosú le do thoil leis na doiciméid atá againn ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

**Brian Ó Domhnaill:** Cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Feicfidh tú ansin, tá na foirmeacha éilimh ina measc, agus má théann tú, mar shampla, go bileoigín 4 sa leabhar, feicfidh tú an chéad cheann de na foirmeacha éilimh atá le breathnú air againn. Níorbh é seo an chéad uair gur líon tú amach ceann de na foirmeacha seo, ab ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Ní hea. Bhí mé ar an Chomhairle b'fhéidir bliain agus trí cheathrú fán am sin.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus thuig tú mar sin na rialacha a bhí in áit agus chomh tábhachtach is a bhí siad?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel, cé nach raibh míniú ar bith tugtha is dóigh, thuig mé ... i mo ról mar Chomhairleoir Contae ó toghadh mé an chéad lá agus i mo ról i gcónaí mar bhall den Údarás, rinne mé gach rud, chan amháin ceart, ach rachainn níos faide ná sin. Agus bhí mé i gcónaí ag iarraidh gach rud is féidir a dhéanamh. Nuair a bhí mise tofa an chéad lá, níor thosaigh mise amach i gcúrsaí polaitíochta le hairgead a bhaint amach as. Mar go raibh.. bhí oifig agam, bhí rúnaí fostaithe agam féin, agus nuair a bhí mé tofa ar bhord an Údaráis den chéad uair i 1999, bhí post agam. Bhí mé ag saothrú 25,000 sa bhliain ag obair mar teagascóir i scoil. Thug mé suas an post sin le táille 8,000 ón Údarás a bhaint amach go lánaimseartha. Ní raibh post ar bith eile agam. Bhí suim agam sa rud seo agus sin an tslí is dócha...

**An tUasal Ó Braonáin:** An raibh na rialacha ar eolas agat?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí.



**An tUasal Ó Braonáin:** Sin an cheist a chuir mé ort, d'fhiafraigh mé an raibh na rialacha ar eolas agat mar rinne tú dearbhú nuair a líon tú amach an fhoirm seo – deir sé... Feiceann tú é sin? An raibh siad sin léite agat?

**Brian Ó Domhnaill:** Na rialacha sin?

**An tUasal Ó Braonáin:** Sea, na rialacha sin.

Agus na treoracha.

**Brian Ó Domhnaill:** Ní raibh.

**An tUasal Ó Braonáin:** Cén chaoi a bhféadfá dearbhú a dhéanamh, go raibh an t-éileamh seo ar chostaisí déanta ag cloí leis na rialacha sin mura raibh siad léite agat?

**Brian Ó Domhnaill:** Léite agam inniu?

**An tUasal Ó Braonáin:** Ní dúirt mé inniu. An raibh siad léite agat nuair a rinne tú an dearbhú seo?

**Brian Ó Domhnaill:** Cinnte, bheadh, cinnte. Ní cuimhin liom an raibh na rialacha sin ar fáil ón gComhairle Contae. Chuir mé ceist ar an gComhairle Contae nuair a scríobh mé chuig Liam Ward in 2011. D'iarr mé cóip fá choinne na rialacha sin agus cibé rialacháin eile a bhí i gceist mar nach raibh aon chuimhne agam iad a fháil ón gComhairle Contae roimhe sin. Ach glacaim leis má bhí siad ar fáil roimhe sin ach níl aon chuimhne agam iad a fháil.

**An tUasal Ó Braonáin:** Glacaim leis fiú mura mbeadh an Chomhairle Contae tar éis iad a chur ar fáil duit gurb ortsa a bhí an dualgas ar aon chuma iad a léamh?

**Brian Ó Domhnaill:** Ó, glacaim leis sin.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ní gá dúinn a bheith buartha ar thug an Chomhairle Contae duit iad nó nár thug, is fútsa a bhí sé iad a léamh?

**Brian Ó Domhnaill:** Cinnte, cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus is éard a dúirt tú, agus a dhearbhaigh tú san fhoirm seo, ná gur deineadh an t-éileamh ar an mbonn go raibh sé ag cloí leis na rialacha.

**Brian Ó Domhnaill:** Cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus ansin lean tú ina dhiaidh sin agus dúirt tú ...

Agus thuig tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Thuig, cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus arís ag f dúirt tú: (EN)

Feiceann tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Feicim, cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Bhí sé tábhachtach mar sin go mbeadh a fhios agat nach, ní hamháin, nach raibh éileamh déanta agat, ach nach mbeadh éileamh le déanamh agat maidir leis na hamanna a bhí i gceist?

**Brian Ó Domhnaill:** Cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus glacaim leis gur choimeád tú dialann le cinntiú nach ndéanfá a leithéid, an ndearna tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí dialann agam, cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ar na dátaí ábhartha, glacaim leis go ndearna tú nótaíl ins sa dialann faoi céard a bhí déanta agat, an ndearna tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel, gan dabht.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus glacaim leis mar sin ins sa dialann go mbeadh ní hamháin go raibh tú i nDún Dealgan ach freisin go raibh tú tar éis a bheith ag cruinniú den DSP i Leitir Ceanainn?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel, líon mé isteach an fhoirm seo ar an 20ú lá de mhí Márta agus ansin ar ndóigh an fhoirm don Údarás sé mhí dar gcionn. Nó seacht mí dar gcionn.

**An tUasal Ó Braonáin:** Cén uair a líon tú an dialann?

**Brian Ó Domhnaill:** Bheadh an dialann líonta ag an am, is dócha.

**An tUasal Ó Braonáin:** Mar sin ins sa dialann bheadh dátaí an 9ú lá, an 10ú lá, agus an 11ú de mhí Márta, agus go raibh tú ag comhdháil i nDún Dealgan agus ar na dátaí céanna, bheadh sé ins sa dialann ar an 10ú lá go raibh tú i Leitir Ceanainn.

**Brian Ó Domhnaill:** Bheadh, cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus bhreathnófá ar an dialann sin ar an 20ú lá de mhí Márta, agus bheadh a fhios agat mar sin agus é seo á líonadh amach agat go raibh tú tar éis a bheith ag cruinniú freisin ar an 10ú lá nach raibh bainteach le cúrsaí an Chomhairle Chontae ach a bhí bainteach le cúrsaí Údarás na Gaeltachta?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel an tuigbheáil a bhí agam air sin ná nach raibh aon .. líon mé é seo amach chomh hionraic agus a thiocfaidh liom é sin a dhéanamh agus thug mé freagraí agus glacaim leis na pointí ó (a) go (f) atá déanta agat ach ní raibh aon éileamh eile déanta agamsa don chomhdháil seo ná aon chomhdháil eile. Ní raibh i gceist agam ach seirbhís a chur ar fáil do Údarás na Gaeltachta mar chathaoirleach ar Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall rud nach aon bhaint aige leis an gcomhdháil...

**An tUasal Ó Braonáin:** Níl mé ag teacht trasna ort faoi sin ar chor ar bith.

**Brian Ó Domhnaill:** Á tuigim sin, yeah.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ní faoi sin atá mé ag cur ceisteanna ort. Tá tú tar éis a mhíniú don Choimisiún go raibh dialann agat agus go mbeifeá tar éis nótaíl ins sa dialann céard a bhí á

dhéanamh agat ar na dátaí éagsúla a bhí i gceist. Agus go mbeifeá tar éis a nótáil mar sin ar an 9ú, 10ú, 11ú lá déag go raibh tú ag comhdháil i nDún Dealgan agus freisin go mbeifeá tar éis a nótáil go raibh tú ag déanamh gnó don Údarás ar an 10ú lá de mhí Márta.

**Brian Ó Domhnaill:** Tá sin ceart. Agus chan amháin sin ach thug mé an freagra sin do Liam Ward agus do Bhainisteoir na Contae nuair a chuir mé freagra chuige i scríbhinn ag deimhniú sin fosta.

**An tUasal Ó Braonáin:** Tiofáidh mé ar ais aige sin. Ach faoin 20ú lá de mhí Márta 2006, bhí a fhios agat mar sin, cé go raibh tú tar éis a bheith ag an gcomhdháil seo, go raibh tú tar éis a bheith ag déanamh gnó an Údaráis freisin ar an 10ú lá de mhí Márta.

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus bhí a fhios agat mar sin gur ghá duit a bheith cúramach gan éileamh a dhéanamh ar an Údarás a tháinig trasna ar an éileamh a bhí á dhéanamh agat ar an 20ú lá de mhí Márta leis an gComhairle Contae?

**Brian Ó Domhnaill:** Ní aontaím leat ansin mar i mo shúile-sa ní raibh aon trasnú i gceist.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ach amháin go bhfuair tú dhá íocaíocht cothabhála?

**Brian Ó Domhnaill:** I mo thuairim-se bhí na hócáidí sin bhí difear dubh agus bán idir an dá ócáid. Bhí mé ag déanamh freastail thar ceann dhá eagrais. Ag comhlíonadh i mo thuairim-se an rud is fearr thar ceann phobal Dhún na nGall agus sin é an sprioc a bhain mé amach. Mheas mé...

**An tUasal Ó Braonáin:** An gciallaíonn sé go mbraitheann tú go bhfuil sé de cheart agat dhá íocaíocht cothabhála a fháil má tá obair á déanamh agat thar son an dá eagrais?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin ceist don Choimisiún is dóigh.

**An tUasal Ó Braonáin:** An mbraitheann tú go bhfuil sé de cheart agat dhá íocaíocht cothabhála a fháil ar son aon lá amháin ó dhá eagrais phoiblí?

**Brian Ó Domhnaill:** Cén íocaíocht sonracha a bhfuil i gceist agat ansin?

**An tUasal Ó Braonáin:** An íocaíocht cothabhála. Fuair tú íocaíocht cothabhála don 10ú lá. Fuair tú dhá íocaíocht cothabhála nach bhfuair tú don dá oíche agus don dá lá a chaith tú agus ansin fuair tú íocaíocht bhreise don tríú lá?

**Brian Ó Domhnaill:** Creidim go raibh mé i dteideal na híocaíochtaí cothabhála sin. Mar nach raibh éileamh ar bith déanta agam chuig an Údarás ar éileamh íocaíochta den chineál céanna.

**An tUasal Ó Braonáin:** Tuigim. So nuair a tháinig tú mar sin go dtí an t-éileamh a bhí déanta agat ar an Údarás nuair a tháinig tú chuige ar an gceathrú lá fichead de mhí Deireadh Fómhair rinne tú éileamh ar íocaíocht cothabhála air ansin, nach ndearna?

**Brian Ó Domhnaill:** Cén leathanach, tá brón orm..

**An tUasal Ó Braonáin:** Gabh mo leithscéal, seo é an chéad bileoigín. Leathanach 1.

**Brian Ó Domhnaill:** An 10ú lá.

**An tUasal Ó Braonáin:** An bhfeiceann tú é sin agus tá íocaíocht cothabhála ansin don 10ú lá agus sin an lá céanna lena raibh íocaíocht cothabhála faighte agat cheana féin ón gComhairle Chontae. Nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Sea, sea cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus sin atá mé a rá. An gcreideann tú go raibh sé de cheart agat dhá íocaíocht cothabhála a fháil ón dá eagrás d'aon lá amháin?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel, sén' tuigbheáil a bhí agus atá agam air sin ná gur íocaíocht thar oíche a bhí i gceist ag an gComhairle Contae agus gur íocaíocht chun freastal ar an gcomhairle..ar an gcruinniú a bhí agam ón Údarás, sin an tuigbheáil a bhí agam.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ach nach bhfuil... tá a fhios agat go bhfuil an íocaíocht thar oíche i bhfad níos mó ná an íocaíocht cothabhála don lá?

**Brian Ó Domhnaill:** Tá.

**An tUasal Ó Braonáin:** Sin mar gheall go bhfuil an oíche i gceist agus go bhfuil ort fanacht áit éigin.

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ach chomh maith leis sin, mar gheall go bhfuil roinnt den íocaíocht sin ag dul le tú a íoc as cothabháil i rith an lae freisin?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel, glacaim leis sin ach an chothabháil fríd an lae anseo, bhí an lón agus an dinnéar agus na hoisrí .. b'fhéidir go bhfuil mé measctha suas idir na comhdhálacha. Bhí lón agus gach rud agus dinnéar. Níor dhein mé féin freastal ar an dinnéar an oíche sin. Ach glacaim le do phointe. Glacaim leis.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus nuair a rinne tú d'iarratas ar éileamh ar Údarás na Gaeltachta i mí Deireadh Fómhair, ar bhreathnaigh tú ar an dialann?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhreathnaigh.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus an bhfaca tú ón dialann mar sin go raibh tú tar éis cheana féin a bheith ag comhdháil ar son an Chomhairle Chontae agus ar sheiceáil tú an raibh tú tar éis íocaíocht cothabhála a fháil cheana féin?

**Brian Ó Domhnaill:** Gan dabht, gan dabht. Mar a dúirt mé, mheas mise go hionraic go raibh mé ag iarraidh an dá thrá a fhreastal agus is é sin an fáth a chuir mé... rinne mise go leor freastail ar chruinnithe den Pháirtnéireacht Spóirt agus níor dhein mé éileamh ar bith orthu agus fiú rúnaí an Údaráis ag an am bhí sé ag iarraidh orm éileamh a dhéanamh de bhrí go raibh mé ag taispeáint ansin go raibh mé ag déanamh freastail ar na cruinnithe. Bhí mé ar an taobh amháin, ní raibh mé ag iarraidh aon íocaíocht ón Údarás fá choinne freastal a dhéanamh ar Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall agus ar an lámh eile mura gcuirfinn isteach aon éileamh ní raibh aon tagairt ag an Údarás de mo chuid freastail agus mo obair ar an DSP. Nuair a bhí mé i mo chathaoirleach ach go háirithe an bhliain sin, bhí mé i mo chathaoirleach fá choinne níos mó ná bliain, chuir mé isteach éileamh fá

choinne mhórchuid na gcruinnithe ag an am sin but tar éis sin, níor chuir mé isteach iad. Bhí mé ar bhord an Údaráis suas go dtí 2012.

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá mé ag labhairt nó ag cur ceisteanna ort faoin éileamh a rinne tú i mí Dheireadh Fómhair 2006. Mar rinne tú éileamh le haghaidh mí Márta, mí Aibreáin agus mí Bealtaine sílim le chéile i mí Deireadh Fómhair, nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Yeah, sin é.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus an fáth go bhfuil mé ag cur ceisteanna ort faoi ná chun fáil amach nuair a rinne tú dearbhú le Comhairle Chontae Dhún na nGall nach raibh tú chun íocaíochtaí a lorg maidir leis na tréimhsí céanna, cén córas a bhí tú tar éis a chur in áit le go bhféadfá a bheith cinnte nach ndéanfaí é sin? An dtuigeann tú?

**Brian Ó Domhnaill:** Tuigim, cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus deir tú go raibh córas agat, go raibh dialann ann ach mar sin féin déanadh iarratas ar cothabháil don 10ú lá tar éis duit íocaíocht a fháil do chothabháil ar an 10ú lá cheana féin.

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é an rud atá á rá agat.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus déantar an dearbhú ceanna ar na foirmeacha éilimh eile atá le feiceáil againn maidir leis na hócáidí eile agus tiocfaidh mé ar ais chucu sin i gceann nóiméid. Ach tuigeann tú gur dearbhuithe tábhachtacha iad sin agus go bhfuil siad dáiríre.

**Brian Ó Domhnaill:** Ó, gan dabht.

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá ceist ann freisin maidir le cúrsaí cuimhneacháin. Tá a fhios agam gur tamall ó shin, nó blianta ó shin a tharla na rudaí seo ar fad agus mar sin gur féidir leis a bheith deacair cuimhneamh ar rudaí ó am go chéile, agus cinnte sin rud a deir tú ar ócáidí i rith do chuid do chuid comhfhreagrais leis an gComhairle Contae agus freisin leis an gCoimisiún, nach ea?

Sén rud atá ráite agat gur féidir deacrachtaí cuimhne a bheith agat?

**Brian Ó Domhnaill:** Tharla an eachtra seo deich mbliana ó shin. Níos mó ná deich mbliana ó shin anois.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus deir tú mar sin gur féidir deacrachtaí cuimhne a bheith agat?

**Brian Ó Domhnaill:** Cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ach ag amanna eile, is cosúil go bhfuil do chuimhne ana-bheacht ar cheisteanna áirithe – nach bhfuil an chosúlacht sin air?

**Brian Ó Domhnaill:** Tá mise ag iarraidh an fhírinne a insint anseo. Níl mise ag iarraidh uisce a tharraingt ar mo mhuilleann féin ná rud ar bith mar sin. Tá mise ag iarraidh ... ó tharla seo in 2011, tá dochar, damáiste ollmhór déanta de m'ainmse amuigh i measc an phobail. I mo thuairim-se, níl sé sin ceart ná cóir de bhrí an obair a bhí ar siúl agam. Bhí mé ag iarraidh mo chuid obair a dhéanamh chomh maith agus a thiocfaidh liom. Do bheinnse ag iarraidh gan freastal a dhéanamh ar na

cruinnithe spóirt bheinn i bhfad níos fearr ar aghaidh inniu agus ní bheinn anseo ach i mo thuairimse rinne mé an rud ceart fiú go bhfuil mé anseo mar go raibh mé ag déanamh freastail ar na cruinnithe sin mar gur chreid mé agus creidim go fóill gur sin an rud ceart le déanamh. Ach mar duine spóirt agus bím still ag rith agus na deiseanna anois atá ar fáil de bhrí na páirtnéireachtaí spóirt, chan amháin i nDún na nGall ach ar fud na tíre, is rud iontach é agus tá lúcháir ormsa go raibh baint agam leis sin. Anois bheadh sé i bhfad níos fusa domsa mura ndéanfainn na héilimh sin ach a dhul go dtí na dinnéir agus don lón agus na oysters agus an Guinness agus gach rud mar sin agus gan freastal a dhéanamh ar na cruinnithe seo .. chosnaigh sé níos mó dom .. leis an bpointe seo a dhéanamh. Chosain sé níos mó domsa ó thaobh díosail agus peitрил agus wear is tear sa charr agus gach rud eile ó na háiteacha seo ar ais go Dún na nGall le freastal a dhéanamh ar na cruinnithe agus a theacht arís. Agus an olcas atá déanta ar m'ainm, orm féin go pearsanta, ar mo shaol polaitiúil, ar mo theaghlach, tá sé trom, tá sé trom.

**An tUasal Ó Braonáin:** An féidir linn mar sin déileáil leis an 10ú Márta? Ar a raibh muid ag breathnú cheana féin ansin? Mar do mhínigh tú san fhoirm éilimh chuig Comhairle Chontae Dhún na nGall gur fhág tú ag 1 a chlog um thráthnóna ar an 9ú lá le dul go Dún Dealgan agus gur tháinig tú ar ais abhaile ag leathuair tar éis an ceathair ar an 11ú lá déag de Mhárta 2006? Nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Cén leathanach sin, tá brón orm?

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá brón orm, tá sé sin ar bhileog 4, leathanach 9 de leabhar an Chomhairle Chontae. Ansin séard a tharla nuair a tháinig na doiciméid seo chun solais le chéile ná ar an 10ú lá go raibh tú tar éis a rá leis an Údarás gur fhág tú do bhaile ag leathuair tar éis a trí um thráthnóna le dul ag freastal ar chruinniú de chuid Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn. An bhfeiceann tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Tá brón orm, níl an leathanach, leathanach 4 ab ea?

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá brón orm, sin leathanach 9.

**Brian Ó Domhnaill:** Ceann an Údaráis?

**An tUasal Ó Braonáin:** Ceann an Chomhairle Chontae, sin leathanach 9 agus i gceann an Údaráis, leathanach 1.

**Brian Ó Domhnaill:** Tá rud éigin eile agamsa anseo.

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá brón orm, ní féidir liom é a fheiceáil as seo.

**Brian Ó Domhnaill:** Ó yeah, seo anois é. Go raibh maith agat. Tá brón orm.

**An tUasal Ó Braonáin:** No, tá sé sin go breá a Sheanadóir. Tá sé sin agat os do chomhair. Feiceann tú é sin. Agus deir ceann amháin go bhfuil tú i nDún Dealgan ón 1 a chlog ar an 9ú lá go dtí leathuair tar éis a ceathair ar an 11ú lá déag agus deir an ceann eile go bhfuil tú, nach bhfuil tú i nDún Dealgan ach go bhfuil tú i Leitir Ceanainn ar an 10ú lá de mhí Márta. Tuigeann tú an deacracht a tháinig chun cinn? Agus ansin sílim nuair a tháinig sé seo chun solais go ndeachaigh an tUasal Ward i gcomhfhreagras leat. Scríobh sé chugat silim ar an 2ú lá de Mheán Fómhair agus ní dóigh liom go bhfuair sé freagra air sin ag an staid sin so scríobh sé arís ar an gcúigiú lá fichead de mhí Deireadh Fómhair 2011 agus ansin sílim gur scríobh sé chugat arís ar an gcúigiú lá de mhí na Nollag, 2011? Ba

léir go raibh sibh tar éis glao gutháin a bheith agaibh le chéile mar deir sé ins sa litir ar an gcúigiú lá de mhí na Nollag: (EN)

Agus ansin leag sé amach na sonraí a bhí á fhiosrú aige. Agus an chéad cheann mar shampla leag sé amach cad a bhí san fhoirm a bhí curtha chuig Údarás na Gaeltachta a rá: (EN)

Agus gurb é an t-am a bhí i gceist: (EN)

**An tUasal Ó Braonáin:** Bhí sé sin sa litir sin. An bhfuil an leabhar doiciméidí agat, más féidir leat dul go dtí leathanach 66. Feicim nach bhfuil gloine agat. Má tá gloine uait is féidir linn ceann a fháil duit.

**Brian Ó Domhnaill:** Tá mé ceart go leor.

**An tUasal Ó Braonáin:** Dúirt tú ins sa litir seo: Alt 1: (EN)

An bhfeiceann tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Chím cinnte, yeah.

**An tUasal Ó Braonáin:** An ord atá i do litir ná go bhfuil tú i nDún Dealgan. Ritheann sé leat go mbeadh sé níos fearr duit dul go Leitir Ceanainn dod' chruinniú. Téann tú go Leitir Ceanainn dod' chruinniú agus ansin ina dhiaidh sin, ritheann sé leat go mbeadh sé go maith dul abhaile go Fál Carrach le do chuid comhfhreagrais a fháil. Sin an ord atá leagtha amach agat i do litir.

**Brian Ó Domhnaill:** Mar a dúirt mé cheana féin, tá an litir.. b'fhéidir nach raibh an litir soiléir ach an rud a tharla ná go bhfuair mé ón gcomhdháil go dtí m'oifig agus mo bhaile agus ar ais ansin go dtí an cruinniú i Leitir Ceanainn an tráthnóna sin mar go raibh am agam é sin a dhéanamh.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ach ní hé sin atá ráite ins sa litir. Sé a mhalairt atá ráite ins sa litir. Séard atá ráite sa litir ná go ndeachaigh tú go Leitir Ceanainn agus go ndeachaigh tú as sin ar an bhFál Carrach. Agus nuair a scríobh tú faoi arís ag leathanach 84, tháinig tú ar ais aige seo. Ní hé go raibh tú i seomra le duine éigin ag cur ceisteanna ort, go raibh tú faoi bhrú agus tú ag scríobh na litreacha seo, ná aon rud den chineál seo, bhí neart ama agat machnamh a dhéanamh ar an méid a bhí dá fhiosrú agus bhí neart ama agat machnamh a dhéanamh ar an méid a bhí scríofa agat cheana agus tháinig tú ar ais aige seo ar an aonú lá fichead de mhí Márta, nár tháinig tú?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é go díreach.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus ag an staid seo, deir tú mar shampla: (EN)

Bhí sé sin mícheart, nach raibh?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí. Agus botún a bhí ansin, yeah.

**An tUasal Ó Braonáin:** Séard a tharlaíonn ansin ná go dtugtar an impression go raibh an-chuimhne agat ar na cúrsaí a bhí dá phlé, ach go bhfuil do chuimhne mícheart faoi.

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel, mar a dúirt tú féin, seo 2012, an litir roimhe sin 2011, beagnach cúig bliana ar aghaidh ón am ar tharla an chomhdháil agus an cruinniú. Rinne mise gach iarracht agus ab fhéidir a bheith chomh comhoibríoch agus a thiocfaidh liom leis an gCoimisiún agus leis an

gComhairle Contae agus idir an litir a chuir mé ar an 15ú lá déag de mhí na Nollag, mheas mé gur thug mé léiriú beacht cruinn ach nuair a bhí an Chomhairle Contae ag lorg breis eolais, rinne mé gach iarracht an t-eolas sin a chur ar fáil chomh maith agus a thiocfaidh liom agus sin é cad ina thaobh a thug mé an freagra sin an 21ú lá de mhí an Mhárta. Agus caithfidh mé a rá tá mé cinnte go raibh mé sa bhaile, go bhfuair mé sa bhaile roimh an gcruinniú sin agus chan amháin... b'fhéidir gur rud úr a bheadh ann do dhuine b'fhéidir nach bhfuil i bhfostú i gcúrsaí polaitíochta, agus tuigim go bhfuil dlíodóirí an- an-ghnóthach go deo, ach tá polaiteoirí chomh gnóthach nó níos gnóthaí fosta. Mar go minic tá iomaíocht ghéar idir polaiteoirí in áiteacha fosta agus dá gcuirfeadh an rúnaí s'agam mar shampla a bhí ag obair agam uaireanta tríd an tseachtain scairt ormsa a bheith áit éigin le litir a shíniú agus go mbeinnse den bharúil go mbeadh buntáiste leis rithfinnse 100 míle le dhul agus an litir sin a scríobh agus b'fhéidir é a chur amach roimh duine éigin eile. Tá rudaí mar sin ag teacht isteach anseo fosta.

**An tUasal Ó Braonáin:** Más féidir linn breathnú ar an gcuid eile de do litir. Míníonn tú gur fhág tú an chomhdháil ar chúis áirithe mar go raibh tú ag iarraidh dul chuig an gcruinniú i Leitir Ceanainn. Dúirt tú, dála an scéil:

Is é sin nuair nach bhfuil tú áit éigin, nach raibh drochéifeacht aige sin ar an méid a bhí le déanamh agat i nDún Dealgan ach ar aon chuma, leanann tú ar aghaidh ansin agus deir tú: (EN)

Ní luann tú ar chor ar bith go raibh tú tar éis dul abhaile roimhe sin.

**Brian Ó Domhnaill:** No, agus dúirt mé sin fiú nuair a bhí an abhcóide Séamus ag cur ceiste orm gur botún a bhí ansin den tríú huair...

**An tUasal Ó Braonáin:** Ach leanann tú ar aghaidh agus deir tú: (EN)

An bhfeiceann tú é sin?

Is léir nuair atá an litir seo á scríobh agat go bhfuil tú ag déanamh machnaimh air agus ag smaoineamh ar céard a tharla ag cén am agus cá ndeachaigh tú ag cén am agus cén ord inar tharla rudaí. Agus sén ord a thugann tú ná go ndeachaigh tú ag cruinniú i Leitir Ceanainn agus ansin go ndeachaigh tú abhaile, sin é an ord a thugann tú. Ach níos mó ná sin séard a deir tú: (EN)

An bhfeiceann tú é sin? Má bhí tú tar éis dul abhaile roimhe sin, le déileáil le do chuid comhfhreagrais práinneach, agus le gnó i d'oifig, ba léir nach raibh práinn tar éis teacht air faoina 8 a chlog an oíche sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Pointe an-mhaith agus ba mhaith liom freagra a thabhairt air, má tá tú ag iarraidh.

**An tUasal Ó Braonáin:** An-mhaith, más féidir leat é sin a mhíniú. Tugann sé an impression nach bhfuil sé ceart a rá go ndeachaigh tú abhaile ar dtús. Sin é an impression a tugtar le do chomhfhreagras.

**Brian Ó Domhnaill:** Tá brón orm..

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá sé sin go breá... Má tá míniú níos fearr éigin air sin ...



**Brian Ó Domhnaill:** Mar a dúirt mé, níl mise le impression a thabhairt, tá mé anseo leis an fhírinne a insint agus sin an rud atá mé ag dul a dhéanamh. Mar a dúirt mé nuair a chuir an abhcóide Séamus ceist orm, fuair mé abhaile, fuair mé go dtí m'oifig i nGort a'Choirce, phioc mé suas litreacha a bhí le síniú. Thug mé na litreacha sin agus cuid den.. rudaí eile a tháinig isteach go dtí an office liom. Agus ansin tar éis don chruinniú, nuair a bhí an file liom le litreacha agus rudaí mar sin leis, bhí litreacha le síniú agus thug mé na litreacha a bhí sínithe agam tar éis dom iad a léamh, iad a fheiceáil, ar ais go dtí an oifig an tráthnóna sin. Mar bhí cuid acu den chomhfhreagras sin..go minic bíonn foirmeacha iarratais agus bhí deontaisí ar fáil ag an am sin fá choinne bóithre níl an oiread deontais ar fáil anois. Bhí deontaisí ar fáil agus lear den obair a bhí mise ceangailte leis ná deontaisí de chuid, rudaí cosúil le deontais tithíochta, bhí deontais le fáil ón Roinn ag an am sin, Roinn na Gaeltachta, €15,000 fá choinne teach a thógáil ar an oileán, €5,000 fá choinne feabhas a chur ar theach ar an mhórthír. Bhí mise ag plé, déarfainn, go hionraic go mbeinn ag plé le idir 30 agus 60 acu sin sa tseachtain. Agus gach uile lá, go háirithe maidin Dé Sathairn, nuair a bhíodh clinic agam, bheadh lear daoine... so sin an rud a bhí i gceist agam. Shíníonn sa na litreacha agus chuir an rúnaí na litreacha leis na foirmeacha agus mar sin de amach. Bhíodh cuid de na litreacha sin ag dul go dtí an Chomhairle Contae fiú agus áiteacha eile de bhrí gur iarrataisí a bhí iontu. Sin an réasún atá agam agus sin an rud a tharla.

**An tUasal Ó Braonáin:** Maidir leis an lá céanna deir tú leis an gCoimisiún, sílim, den chéad uair, go raibh physio le fáil agat agus go raibh tú ag déileáil le cúrsaí leighis agus duit féin a bhí sé sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Sea.

**An tUasal Ó Braonáin:** Mar ar leathanach 114 tá na ceisteanna agus na freagraí a tharla idir an tUasal Walsh agus tú féin. An bhfeiceann tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Chím, cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ag uimhir 7 cuirtear ceist ort faoi cén fáth go ndeachaigh tú ar ais go dtí an Fál Carrach. Agus déileálann tú leis sin agus deir tú: (EN)

An bhfeiceann tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Chím, cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ní medical query a bhí i gceist ab ea? Tugann sé sin an impression go raibh daoine ag cur ceisteanna ortsa faoi chúrsaí leighis.

**Brian Ó Domhnaill:** Ó bhí. Go minic mar Chomhairleoir, mar Sheanadóir, go háirithe i gcontae cosúil le Dún na nGall, tá ospidéal réigiúnach againn ansin ag déanamh freastail ar 145,000 duine sa cheantar sin agus bíonn daoine ag fanacht ar obráidí agus mar sin de agus bíomse ag déileáil le go leor daoine a bhíonn ag iarraidh ... b'fhéidir nár chóir do pholaiteoirí a bheith ag plé le rudaí mar sin, ba chóir don chóras a bheith ag obair níos éifeachtaí agus nár chóir dúinne a bheith ag iarraidh duine a bhrú ar aghaidh ar an liosta feithimh ach ag an am céanna sin an rud a bhí ar bun agam ansin agus ag déileáil leis. Ó thaobh an chóir leighis dom féin, mheas mé ag an am, b'fhéidir go raibh mé mícheart, mheas mé ag an am gan tagairt a dhéanamh dó sin mar gur rud pearsanta a bhaineann liom féin atá ann in áit rud a bhaineann le mo chuid obair thar ceann Comhairle Contae Dhún na nGall nó Údarás

na Gaeltachta, ó thaobh cúrsaí spóirt de agus traenáil agus gach rud mar sin. Sin é an fáth nár thug mé freagra air sin.

Bhuel, sé an rud a dhéanainnse ansin... **(píosa idir an Cathaoirleach/Seanadóir i mBéarla)**

**An tUasal Ó Braonáin:** Inis dom seo a Sheanadóir mura miste leat. Glacaim leis go bhfuil guthán póca agat?

**Brian Ó Domhnaill:** Tá.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus glacaim leis go raibh agus in 2006.

**Brian Ó Domhnaill:** Is dóigh go raibh, yeah.

**An tUasal Ó Braonáin:** Bheadh sé deacair do chuid oibre a dhéanamh gan ceann. Ach sa dóigh sin, bhí sé de chumas agat, glacaim leis.. níl a fhios agam an raibh Bluetooth agat sa charr nó aon rud den chineál sin? Ach go bhféadfaí an guthán a úsáid sa charr?

**Brian Ó Domhnaill:** Táim cinnte go mbeadh. Bhí an carr a bhí agam ní cuimhin liom ach déarfainn go raibh Bluetooth agam.

**An tUasal Ó Braonáin:** Mura bhféadfá é sin a dhéanamh do dhuine a bhí ag taisteal an oiread is a bhí tusa, am marbh a bheadh agat sa charr agus ní mar sin a bhí. Is am a bhí tú in ann a úsáid a bhí sa charr, nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel sea ach bheifeá tarraingthe isteach fosta ag déanamh glaonna gutháin agus mar sin de...bheadh scairt tábhachtach go minic agus ní bheadh an coverage b'fhéidir chomh maith is atá sé inniu. Bhíodh fón póca agam cinnte ag an am sin ach ní raibh sé ceangailte leis an idirlíon ná an ríomhphost a bhí agam ag an am, ríomhphost de chuid an Chomhairle Contae a bhí agam agus ceann pearsanta agus an t-aon phointe teagmhála a bhí leis an ríomhphost ná m'oifig. Bhí ríomhaire ansin agam agus sin é an t-aon áit – anois tá na iphones ag gach duine agus is féidir úsáid a bhaint as sin. Ní raibh sin ar fáil ag an am.

**An tUasal Ó Braonáin:** Dá mbeifeá mar shampla ag comhdháil in óstán bheadh áiseanna ar fáil go minic in óstáin le bheith in ann ríomhphost a fháil agus dul ar líne nó facs a fháil nó aon rud den chineál sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Is dóigh go mbeinn in ann facs a fháil, yeah.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus d'fhéadfaí teachtaireachtaí a thabhairt duit ar an nguthán ar aon chuma dá gcuirfeadh do rúnaí nó aon duine eile glaach ort agus a mhíniú duit cad a bhí i gceist leis na teachtaireachtaí?

**Brian Ó Domhnaill:** Bheadh is dócha ach ní bheifeá ábalta litir a shíniú.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ní bheifeá. Ach ní déantar PP, nó aon rud den chineál sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Ah no.

**An tUasal Ó Braonáin:** Chaithfeadh tú é a shíniú tú féin.

(Ag gáire/laughter)

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá go maith.

**Brian Ó Domhnaill:** Ní sa jab seo!

**An tUasal Ó Braonáin:** Maidir le subsistence nó cothabháil ar an 10ú lá de mhí Márta, an féidir liom iarraidh ort dul go dtí leathanach 116.

**Brian Ó Domhnaill:** Cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Mar ar leathanach 116 ag ceist 15 cuireann an tUasal Walsh an cheist ort faoi chothabháil – deir sé: (EN)

An bhfeiceann tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Chím cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus ansin deir sé, míníonn sé duit nach ndearna tú déileáil leis sin le do ráiteas ag an gcomhdháil agus nach ndearna tú déileáil leis ach oiread nuair a bhí tú ag déileáil leo siúd ins sa gcomhfhreagras leo i mí Bealtaine 2012. An bhfeiceann tú é sin.

**Brian Ó Domhnaill:** Chím, pointe 15.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus ansin tá freagra fada agat ansin maidir leis na smaointe a bhí agat faoi na fáthanna go raibh tú tar éis dul ón gcomhdháil ag an gcrúinniú i Leitir Ceanainn. Ach ní dheireann tú aon rud sa bhfreagra sin maidir le cothabháil.

**Brian Ó Domhnaill:** No. Thug mé freagra ar mo chuid imeachtaí is dóigh agus an taisteal a bhí ar bun agam agus na cruinnithe a bhí mé ag. B'fhéidir nár thuig mé an cheist mar i gceart. Ceist uimh. 15. An rud a rinne mé ansin ná, chomh hionraic agus a thiocfaidh liom, freagra a thabhairt ar an obair a bhí ar bun agam agus mheas go mb'fhéidir go mbeadh an tUasal Walsh tuigbheáil nó míniú a bhaint as sin.

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá go maith.

An féidir linn dul mar sin go dtí an t-éileamh a rinne tú ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall maidir leis an IPA? Tá sé ag leathanach 21 de leabhrán Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Anois seo foirm éilimh a líon tú amach ar an 13ú de mhí Bealtaine, gabh mo leithscéal Meitheamh! 13ú de mhí Meithimh 2006. Agus arís tá tú tar éis a dhearbhu go raibh sé seo ceart agus beacht agus deir tú gur shroich tú baile ar an seachtú lá fichead de mhí Aibreáin ag a hocht a chlog istoíche. Is ar an mbonn sin ar deineadh an t-éileamh agus is ar an mbonn sin gur íocadh é, nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Glacaim leis gurb ea.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus ní raibh deacracht leis sin go dtí gur tháinig an t-éileamh ar Údarás na Gaeltachta don 27ú chun solais. Agus tá sé sin ar leathanach 3 den leabhrán ón Údarás. An bhfeiceann tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Feicim, cinnte.

**An tUasal Ó Braonáin:** Mar deir sé sin gur fhág tú an baile ag a 5 a chlog tráthnóna. Má tá sé sin ceart, ciallaíonn sé go raibh an t-éileamh a déanadh ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall gan a bheith beacht, gan a bheith ceart agus gur déanadh íocaíocht cothabhála ar an bhonn sin nár cheart a dhéanamh.

**Brian Ó Domhnaill:** Tá an ceart agat. Rinne mé.. an 27ú agus thug mé soiléiriú air sin. D'fhill mé abhaile ag a trí a chlog in áit a hocht agus bhí a hocht a chlog istigh ansin.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus díreach ar fhaitíos nach bhfuil sé seo soiléir, nuair a deirtear an ceathrú lá fichead (24ú) de mhí Aibreáin 2006, maidir leis an gcruinniú sin, ag freastal ar chruinniú de Pháirtíocht Spóirt Dhún na nGall in IT Leitir Ceanainn, ba cheart gurb é an seachtú lá fichead (27ú) a bheadh ansin, nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin go díreach. Botún a bhí ansin fosta.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus ansin má théann tú chuig an gcéad leathanach eile, deir sé ansin:

27/4/2006, ag taisteal go Co. Chiarraí, ag freastal ar chruinniú boird. Nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é.

**An tUasal Ó Braonáin:** Mar ins sa gcomhfhreagras feicim go ndeir tú gur go Gaillimh go ndeachaigh tú, seachas go Chiarraí?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel an rud atá istigh ansin, an oíche sin d'fhág mé mall agus bhí cruinniú i Kerry an lá dar gcionn an 28ú lá de mhí Aibreáin. D'fhág mé mall an oíche den 27ú agus chuaigh mé go contae na Gaillimhe. D'fhan mé in Órán Mór an oíche sin. Agus ar aghaidh ansin an chéad maidin eile go dtí an cruinniú i Kerry.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus ansin deir sé ar an lá faoin gcruinniú i gCiarraí go raibh tú ag taisteal go Gaillimh agus ansin..

**Brian Ó Domhnaill:** Abhaile. Bhí.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ag taisteal go Gaillimh agus ansin ar an naoú lá fichead ag taisteal abhaile.

Maidir leis na dátaí agus na hamanna agus do chuimhne ar rudaí, cé gur dhúirt na foirmeacha éilimh an méid a bhí iontu nuair a tháinig tú ar ais chuige blianta fada ina dhiaidh sin, bhí tú in ann a rá go raibh na hamanna sin mícheart, ab ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí. Bhuel bhí orm dul tríd seo chomh mion agus a thiocfaidh liom mar go raibh m'ainm amuigh ansin agus bhí agam le cuimhne de chineál éigin a chur air seo agus a bheith ag smaoineamh agus ag labhairt le daoine eile agus ag labhairt le mo theaghlach rud a rinne mé. Ag labhairt le mo rúnaí san oifig, ag labhairt le hachan duine a thiocfaidh liom. Fiú ag labhairt le mo thraenálaí/cóitseálaí chomh mall le aréir. Just le cinnte a dhéanamh fiú an oíche sin, oíche an 27ú lá, bhí na rásaí náisiúnta ar siúl an Domhnach roimhe sin agus bhí mé sa dara háit agus bhí mé ag fáil don oíche sin an 27ú lá bhí mé ag fáil treatment, níl a fhios agam cén t-ainm Gaeilge atá ar treatment nó massage nó physio nó a leithéid sin but sin an obair a bhí ar siúl agam. An tábhacht a bhain leis sin ná go raibh taisteal fada le déanamh agam sa charr agus go minic nuair atá tú i do shuí sa charr

tarraingíonn sé na hamstrings bhochta seo agus caithfidh tú .. bhí siad fite fuaite ina chéile, abróidh mé mar sin é.

**An tUasal Ó Braonáin:** Anois, maidir leis an lá deireanach, sin é an dáta i mí Bealtaine sa Chairlín, an Marine Tourism Conference... an Chomhdháil Turasóireachta Mara sa Chairlín. Feiceann tú é sin?

**Brian Ó Domhnaill:** Feiceann. Cinnte, tá an bróisiúr ansin.

Tá sé ag leathanach 37.

**An tUasal Ó Braonáin:** Deir sé seo, arís, tá na dearbhuithe céanna tugtha ann. Deir sé gurb é an fad i mílte 176. Sílim díreach mar shampla go raibh na faid i mílte ins sna héilimh ar fad mícheart mar a tharla sé, nach raibh?

**Brian Ó Domhnaill:** Ar mhílte na Comhairle Contae is cosúil go raibh siad mícheart, ach tá ceartú déanta ag an gComhairle Contae air.

Agus ansin cuirtear isteach an t-am a d'fhág tú ag a trí a chlog um thráthnóna ar an 30ú lá, agus ansin an t-am gur tháinig tú ar ais ag an 2 a chlog um thráthnóna ar an 2ú lá. Sin é atá sa doiciméad, nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é atá ansin yeah.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus sílim go n-aontaíonn tú cé gurb é an 13ú lá déag de mhí Aibreáin atá ann, an 13ú lá déag de mhí Meithimh ba cheart a bheith ann?

**Brian Ó Domhnaill:** Sin é go díreach.

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá go maith. Agus mar chuid den íocaíocht a fuair tú ansin, fuair tú dhá íocaíocht cothabhála thar oíche, sin cothabháil don lá agus thar oíche, faoi dhó.

**Brian Ó Domhnaill:** Fuair.

**An tUasal Ó Braonáin:** Fuair é sin. Agus ansin nuair a thagann tú ag leathanach 6 de leabhrán an Údaráis, an bhfuil sé sin agat?

**Brian Ó Domhnaill:** Leathanach 5 ab ea?

**An tUasal Ó Braonáin:** Leathanach 6.

**Brian Ó Domhnaill:** Foirm éilimh ab ea? No?

**An tUasal Ó Braonáin:** Sea, foirm éilimh Údarás na Gaeltachta, costaisí taistil, leathanach 6, feiceann tú ansin é?

**Brian Ó Domhnaill:** Chím é.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus feiceann tú ar an 30ú lá – sin é an lá ar inis tú do Chomhairle Chontae Dhún na nGall gur fhág tú ag a trí a chlog um thráthnóna, deir sé seo go raibh tú sa mbaile ó do chruinniú i nGleann Cholm Cille ag leathuair tar éis an trí um thráthnóna.

**Brian Ó Domhnaill:** Sin botún a bhí ansin mar a dúirt mé.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus arís, glacaim leis má bhí dialann á choimeád agat go raibh na rudaí seo ar fad ins sa dialann agus go raibh na hamanna cearta ins sa dialann.

**Brian Ó Domhnaill:** Ní chuirfeá rud mar sin isteach sa dialann.. chuirfeá isteach sa dialann go raibh cruinniú agam i nGleann Cholm Cille mar shampla, ní chuirfeá isteach cén t-am a d'fhág tú ar maidin, cén t-am a d'fhill tú tráthnóna ach an lá sin, bhí sé istigh agam gur fhill mé abhaile ag leathuair tar éis a trí. Bhí sé níos cóngaraí don trí a chlog, am éigin ach thart air sin. Ní raibh aon buntáiste...

**An tUasal Ó Braonáin:** Ní ceist buntáiste é seo, is ceist cuimhne é seachas aon rud eile. Cén fáth nach gcuirfeá ins sa dialann na hamanna a bhí ábharthach?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel, ní sin an nós imeachta a bhí agam.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ach an nós imeachta a bhí agat, is cosúil, seachas an t-iarratas a dhéanamh gach mí, mar a moladh, ná é a dhéanamh gach trí mhí nó sé mhí, nó b'fhéidir uair sa mbliain, sin é a thuigim ó do fhianaise. Cén chaoi a raibh tú le héileamh beacht a dhéanamh ar aon rud gan nóta a bheith agat ar na hamanna?

**Brian Ó Domhnaill:** An rud a chuirinn-se sa dialann ná mar shampla don chruinniú sin, go raibh an cruinniú ar siúl ag a deich a chlog ar maidin agus gur chríochnaigh sé ag a haon a chlog. Sin an t-aon rud a bheadh sa dialann agam, ní raibh mise ag cur isteach sa dialann go raibh mé, faoi chostaisí taistil, ní shin nós imeachta a bhí agam ach chuirinn isteach cibé áit a bhí mé ag cruinniú agus má bhí mé le bualadh le duine éigin ar maidin nó tráthnóna bheadh sé sin agus na coinní go léir istigh sa dialann agus na hamanna a bhí mé ag déanamh freastail ar na cruinnithe ach ní bheadh sonraí faoin am a d'fhág mé an baile agus ar fhill mé. Ní raibh sé sin sa dialann agam.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ach ní thuigim é sin má bhí a fhios agat go raibh na hamanna sin ábharthach, mar a bhí a fhios agat, agus má bhí a fhios agat nach raibh tú le bheith ag déanamh éilimh go ceann míosa fada uait, cén chaoi a bhféadfá é a dhéanamh go beacht agus go ceart agus go hionraic gan fios a bheith agat cé na hamanna a bhí tú tar éis a fhágáil agus teacht ar ais gan nóta a bheith déanta?

**Brian Ó Domhnaill:** Is é an dóigh a rinne mé sin ná, cuir i gcás an cruinniú i nGleann Cholm Cille, idir an 10 agus 1. Glacaim leis agus bhuel, duine ar bith, glacann sé uair go leath taisteal a dhéanamh ó Ghort a'Choirce go Fál Carrach go Gleann Cholm Cille. Agus chuirfeá isteach é sin roimh ré agus chuirfeá é sin isteach tar éis an cruinniú. Agus sin an áit ar tháinig an am sin amach as. Sin an dóigh ar oibrigh mé iad sin amach.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ní dóigh liom gur chualamar cheana gur mar sin a d'oibrigh an nótaíl ar cheist amanna. Sílim gurb é sin an chéad uair a bhfuilimid tar éis cloistéáil faoi sin, nach ea? Ní dhúirt tú i do chuid litreacha gur mar sin a d'oibrigh an córas agat. Go bhfuair tú pé doiciméad a bhí agat maidir leis agus ansin go ndeachaigh tú siar agus tomhais a dhéanamh ar cé chomh fada is a bhí tú tar éis a fhágáil i gcomhair taistil ansin agus ar ais.

**Brian Ó Domhnaill:** Ní fheictear domsa go bhfuil rud ar bith úr anseo. Sin an nós imeachta a bhí agam. An cruinniú sin ar an 30ú lá, i nGleann Cholm Cille, d'fhág mé an teach thart ar a hocht a chlog agus d'fhill mé abhaile thart ar 3. Agus sin an rud a tharla an lá sin.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus ansin ar an 31ú lá rinne tú éileamh ar freastal ag seoladh Páirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath agus arís rinne tú éileamh ar íocaíocht cothabhála, nach ndearna?

**Brian Ó Domhnaill:** Rinne.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus sin nuair a bhí íocaíocht cothabhála déanta cheana féin ag Comhairle Chontae Dhún na nGall?

**Brian Ó Domhnaill:** De bhrí comhdháil agus thar oíche, yes.

Go díreach.

**An tUasal Ó Braonáin:** So bhí dhá íocaíocht cothabhála don lá sin, an 31ú?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel mar a dúirt mé roimhe sin seoladh Páirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall a bhí i gceist ar an gClochán Liath, chosain sé níos mó airgid domsa ná mar a shaothraigh mé anseo. Thaistil mé abhaile chun freastal a dhéanamh ar an seoladh agus chuaigh mé ar ais arís an oíche sin go dtí an chomhdháil a bhí mé ag déanamh freastail air. Ó thaobh na comhdhála an tráthnóna sin, bhí measaim oisrí agus Guinness agus mar sin de amuigh ar bád. Ní raibh aon suim agam... dá rachainn ansin chosnódh sé go mór do lucht na comhdhála ach ní raibh suim agamsa é sin a dhéanamh. Fiú bhí rása mór ag teacht aníos agam rud atá nótaílte agus is féidir leat é a googlail, Leamington Spa, i Sasana, áit a raibh mé ag rásaíocht don tír, rás de chuid na hEorpa, coicís ina dhiaidh sin so ní raibh aon suim agamsa bheith ag ól Guinness agus ag ithe oisrí, bhí níos mó suim agam...

**An tUasal Ó Braonáin:** Ní hé sin amháin a bheadh i gceist. Ceann de na rudaí atá i gceist ná dul ar an gcéad dul síos breathnú ar an slí ina ndéanann gnóthaí eile iad féin a chur chun cinn. Labhairt leo faoi cén chaoi ar tháinig siad ar na smaointe a bhí bainteach leis sin, labhairt leis na daoine eile atá ag an gcomhdháil le cumarsáid a dhéanamh leo faoi cén chaoi le dul ar aghaidh faoi agus mar sin de .. níl i gceist a bheith ag ól agus ag ithe.

**Brian Ó Domhnaill:** Tá mise just ag dul de réir an chláir agus bhí tagairt déanta den chlár so chuaigh mé de réir an chláir. Ó thaobh Páirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall mheas mé gur buntáiste níos mó a bhí ann é sin a dhéanamh. Sin cad ina thaobh gur dhein mé é. Agus chuir mé an t-éileamh isteach dá bhrí sin.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus mar gheall air sin déanadh dhá éileamh ar dhá íocaíocht cothabhála d'aon lá amháin.

**Brian Ó Domhnaill:** Dá bhrí sin, tá ceisteanna anois faoi €16.32, faoin éileamh seo atá tú ag déanamh tagairt dó is dócha?

**An tUasal Ó Braonáin:** Tá sé sin ceart, an gceapann tú go ndéanann sé sin difríocht de chineál éigin? Gur €16.32 atá ann?

**Brian Ó Domhnaill:** Níl mise ag rá dóigh amháin nó dóigh eile.

**An tUasal Ó Braonáin:** Is tusa a luaigh an figiúr agus táim ag déanamh iontais ansin an mbraitheann tú go ndéanann sé sin difríocht substaintiúil de chineál éigin? Agus má bhraitheann tú, cén difríocht substaintiúil a dhéanann sé?

**Brian Ó Domhnaill:** Bhuel chuir mise isteach an t-éileamh sin, de bhrí go ndearna mé freastal ar ócáid a bhí i mo thuairim-se, ag déanamh níos mó maithe don chontae agus do chúrsaí spóirt ná mar a bheinn dá mbeinn ag freastal ar an gcomhdháil agus ar imeachtaí na comhdhála an tráthnóna sin agus sin é an tuigbheáil a bhí agam. Agus mar a dúirt mé, go dtí an lá inniu, measaim gurb é sin an rud ceart le déanamh a rinne mé agus y'know mar a dúirt mé tá obair mhór déanta ag Páirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall, tá lúcháir ormsa go bhfuil baint agam leis agus mar sin de agus sin an dearcadh atá agam air.

**An tUasal Ó Braonáin:** Ach is éard a chiallaíonn sé sin nach ea, ná go raibh a fhios agat nuair a bhí dearbhú á dhéanamh agat, nach raibh tú le héileamh a dhéanamh ar chothabháil amach ansin do na laethanta céanna a bhí bainteach leis an gcomhdháil turasóireacht mara? Bhí a fhios agat é sin, nach raibh?

An cheist a bhí ar an bhfoirm iarratais, ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall ná (EN)

**Brian Ó Domhnaill:** Ní raibh ormsa bosca ar bith a líonadh le rá, ní sin mo chuid scríbhinn ansin thíos ag bun, ní mise a chuir síos go raibh .. cé gur fhan mé san óstán dhá oíche.

**An tUasal Ó Braonáin:** Tuigim é sin. Ach bhí a fhios agat go raibh Comhairle Chontae Dhún na nGall tar éis é a íoc, mar d'íoc siad é má bhreathnaíonn tú thar an leathanach, d'íoc siad é ar an t-aonú lá fichead (21ú) de mhí Meithimh agus bhí a fhios agat go raibh sé bailithe isteach i do chuntas agus bhí a fhios agat go raibh tú tar éis a dhearbhu nach ndéanfá aon éileamh ar íocaíocht maidir leis na hamanna céanna? Nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Cad é an cheist le do thoil?

**An tUasal Ó Braonáin:** Bhí a fhios agat go raibh tú tar éis íocaíocht cothabhála a fháil don chomhdháil sin.

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí a fhios.

**An tUasal Ó Braonáin:** Agus go raibh an chomhdháil tar éis maireachtáil ar cheann de na laethanta go raibh tú tar éis a bheith i Leitir Ceanainn, ní hea, ar an gClochán Liath.

**Brian Ó Domhnaill:** Bhí agam le cinneadh a dhéanamh, cé acu ab fhearr mo chuid dualgaisí mar pholaiteoir agus mar dhuine ón gcontae a chomhlíonadh nó a bheith amuigh ar ócáid sóisialta ag comhdháil. Mheas mé féin go raibh sé níos fearr freastal ar mo chuid dualgaisí poiblí mar ionadaí poiblí agus mar lúthchleasaí.

**An tUasal Ó Braonáin:** Tuigim é sin. Ach shocraigh tú freisin éileamh a dhéanamh i mí Deireadh Fómhair ar chothabháil do lá go raibh tú tar éis íocaíocht a fháil air cheana féin? Nach ea?

**Brian Ó Domhnaill:** Chím an botún sin anois.



**An tUasal Ó Braonáin:** Má tá ceisteanna ar bith ag an gCoimisiún, dá bhfreagrófa iad le do thoil. Níl ceisteanna ar bith eile agamsa.

**An tUasal Mac Cárthaigh:** Ceist amháin agamsa. (EN/Béarla)

**Chairman:** Go raibh míle maith agat.

**An tUasal Ó Tuathail:** Tá deireadh fianaise tugtha againne, tá muid críochnaithe. Tá muid ag plé le haghneachtaí b'fhéidir anois.

#### Aguisín 4

Aighneachtaí scríofa arna ndéanamh ag abhcóidí don Choimisiún agus ag abhcóidí don Seanadóir Ó Domhnaill

**Aighneachtaí scríofa arna ndéanamh ag abhcóidí don Choimisiún**

**AN COIMISIÚN UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ**  
**FIOSRÚCHÁN AR GHEARÁN LENA mBAINEANN AN SEANADÓIR BRIAN Ó DOMHNAILL**

**Aighneachtaí Scríofa don Choimisiún**

**ÉISTEACHT Ó BHÉAL**

1. Mar chuid dá imscrúdú ar ghearáin gur éiligh an Seanadóir Brian Ó Domhnaill (“*an Seanadóir*”) costais go mícheart ar Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Údarás na Gaeltachta araon maidir le trí imeacht ar leith a bhí ag tarlú ag an aon am amháin, thionóil an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (“*an Coimisiún*”) éisteacht phoiblí ó bhéal ar 9 Bealtaine 2016. Chuala an Coimisiún ó cheathrar finnétithe, arbh iad sin Paddy Walsh, Oifigeach Fiosrúcháin an Choimisiúin<sup>1</sup>, Séamus Neely, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall<sup>2</sup>, Gearóid Breathnach, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha in Údarás na Gaeltachta<sup>3</sup> agus an Seanadóir<sup>4</sup>. D’iarr an Coimisiún ag deireadh na héisteachta go soláthrófaí aighneachtaí scríofa achoimre.

**CÚLRA**

2. I mí Lúnasa 2011, fuair an Cláraitheoir Eitice do Chomhairle Contae Dhún na nGall gearán anathnid go ndearna an Seanadóir éilimh dhúbailte ar aisíocaíocht costais ón gComhairle Contae agus ó Údarás na Gaeltachta i dtaca lena fhreastal ar imeachtaí a bhí ag tarlú ag an aon am amháin. Rinneadh imscrúdú mion ar an ngearán sin. Ba é an Cláraitheoir Eitice Gníomhach a rinne imscrúdú air ar an gcéad dul síos agus rinne Méara agus Bainisteoir Contae Dhún na nGall<sup>5</sup> imscrúdú air ina dhiaidh sin le comhoibriú an tSeanadóira. Chuir Méara agus Bainisteoir Contae Dhún na nGall tuarascáil le chéile. Le litir dar dáta an 28 Bealtaine 2012, rinne siad gearáin leis an gCoimisiún maidir le gníomhartha sonracha.
3. D’aontaigh an Seanadóir i scríbhinn i dtús báire gur cheart an cas a tharchur chuig an gCoimisiún. Ceapadh Paddy Walsh mar oifigeach fiosrúcháin chun réamhfiosrúchán a dhéanamh don Choimisiún<sup>6</sup>. Chomhoibrigh an Seanadóir leis an réamhfiosrúchán sin agus cuireadh an tuarascáil ar an réamhfiosrúchán faoi bhráid an Choimisiúin i mí na Samhna 2012. Chinn an Coimisiún imscrúdú a dhéanamh ar na gearáin<sup>7</sup> agus cuireadh an méid sin in iúl don Seanadóir.<sup>8</sup>
4. Bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún suí ar 11 Márta 2013 chun éisteacht le fianaise ó bhéal i

---

<sup>1</sup> féach an tras-scríbhinn den fhianaise a thug an tUas. Walsh ag lgh 35-153

<sup>2</sup> féach an tras-scríbhinn den fhianaise a thug an tUas. Neely ag lgh 160-164

<sup>3</sup> féach an tras-scríbhinn den fhianaise a thug an tUas. Breathnach ag lgh 164-165

<sup>4</sup> féach an tras-scríbhinn den fhianaise a thug an Seanadóir Ó Domhnaill ag lgh 166-210

<sup>5</sup> de réir alt 174(8) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001

<sup>6</sup> mar a fhoráiltear dó le halt 6 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

<sup>7</sup> de réir alt 7 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

<sup>8</sup> le litir dar dáta an 25 Eanáir 2013

dtaca lena imscrúdú. D'iarr an Seanadóir tuilleadh ama chun ullmhú don imscrúdú.<sup>9</sup> Freastalaíodh ar an iarratas sin le cur ar atráth go dtí an 8 Aibreán 2013.

5. Chuir an Seanadóir in iúl don Choimisiún le litir dar dáta an 26 Márta 2013 gur athraigh sé a aturnaetha. Go dtí sin, thairg an Seanadóir raon leathan leithscéalta maidir leis na fáthanna nach ndeacha sé i ngleic leis an gCoimisiún ná leis an gcomhfhreagras a seoladh chuige: bhí sé thar lear, bhí treoir tugtha aige d'aturnaetha, bhí sé ag fanacht le comhairle óna abhcóide, bhí sé tinn agus d'athraigh sé aturnae.
6. Chuir na haturnaetha nua don Seanadóir in iúl go n-éileofaí cruthúnas foirmiúil ar na gnéithe uile de na líomhaintí in aghaidh an tSeanadóra a mbreithneodh an Coimisiún iad.
7. Chuir na haturnaetha nua don Seanadóir in iúl freisin go raibh fonn air anois a chuid gnó leis an gCoimisiún a dhéanamh i nGaeilge, lena n-áirítear an éisteacht phoiblí ó bhéal a bhí socraithe ag an am don 8 Aibreán 2013. Ón uair sin i leith, rinne an Coimisiún an teagmháil ar fad atá déanta ag leis an Seanadóir i nGaeilge. Ón mbliain 2011 go dtí an uair sin, ba i mBéarla amháin a bhí an comhfhreagras ar fad a seoladh idir an Seanadóir agus an t-údarás áitiúil agus idir an Seanadóir agus an Coimisiún.
8. Mar thoradh ar na ceanglais a bhí ann le finnétithe a ghlaoch agus ateangairí a chur ar fáil, cuireadh an fiosrúchán ar atráth an athuir go dtí an 10 Meitheamh 2013. Rinneadh socruithe le go mbeadh saoráidí aistriúcháin ar fáil agus finnétithe i láthair ar an lá sin.
9. Scríobh na haturnaetha don Seanadóir ina dhiaidh sin á áitiú nach raibh an t-údarás ag an gCoimisiún na gearáin a rinne Méara agus Bainisteoir Contae Dhún na nGall a imscrúdú, á rá gurbh ionann iad agus tarchur ar ghearáin anathnid. D'áitigh an Seanadóir freisin gur cheart an éisteacht imscrúdaithe a bheith seolta ag painéal de chuid an Choimisiúin a bheadh in ann nithe a éisteacht i nGaeilge gan ateangairí a úsáid. Dhiúltaigh an Coimisiún do na háitithe sin.
10. An 6 Meitheamh 2013, rinne an Seanadóir iarratas ar chead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar an imscrúdú agus cuireadh bac ar éisteacht an Choimisiúin. B'eol don Seanadóir go ndearnadh bearta cuí chun an éisteacht a éascú trí Ghaeilge an 10 Meitheamh 2013. Thabhaigh an Coimisiún cailteanas dar suim €2972.70 a d'eascair as cealú mall na héisteachta. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt i mí Eanáir 2014 do na nithe a mhaígh an Seanadóir agus dhiúltaigh an Chúirt Achomhairc dóibh i mí Iúil 2015 ar achomharc an tSeanadóra. Ba don Choimisiún agus in aghaidh an tSeanadóra a dámhadh na costais a thabhaigh an Coimisiún as na himeachtaí a chosaint. Tugadh an tOrdú ón gCúirt Achomhairc chun críche ar 31 Márta 2016.
11. Shocraigh an Coimisiún a éisteacht imscrúdaithe don 9 Bealtaine 2016. Choinnigh an Seanadóir a sheasamh maidir leis an ngá a bhí ann le cruthúnas foirmiúil a fháil ar na gnéithe uile de na líomhaintí go dtí dáta na héisteachta. Bhí sé riachtanach, dá bharr sin, go mbeadh

---

<sup>9</sup> le litir dar dáta an 25 Feabhra 2013

finníthe ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ó Údarás na Gaeltachta i láthair. Níor mhaígh an Seanadóir am ar bith roimh an éisteacht nó lena linn go raibh an fhianaise a tugadh ar aird míchruinn ar bhealach ar bith nó nárbh eisean údar a chuid doiciméad. Cé gurb eisean a cheistigh na doiciméid, níor ardaigh an Seanadóir aon saincheist a bhain leo le linn éisteacht an Choimisiúin.

## COMHTHÉACS FÍORASACH NA SÁRUITHE LÍOMHNAITHE

12. Tá an Ráiteas maidir leis na Sáruithe Líomhnaithe ar fáil i dTáb A den Leabhrán Doiciméad. Tá an cúlra dlíthiúil agus an cúlra fíorasach leagtha amach sa ráiteas tosaigh ón Uas. Ó Braonáin<sup>10</sup>. Tagann sáruithe 1 go 6 lena mbreithniú mar ghearáin a rinneadh, de bhun alt 4(1)(b) den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, faoi sháruithe ag an Seanadóir ar fhorálacha den Phríomh-Acht<sup>11</sup>, a bhfuil feidhm aige maidir le Rialtas Áitiúil de bhua alt 180(2) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Tagann sáruithe 7 go 9 lena mbreithniú mar ghearáin a rinneadh, de bhun alt 4(1)(a) den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, ar sháruithe ag an Seanadóir mar *“duine sonraithe”*<sup>12</sup> as *“gníomhartha sonraithe”* a bheith déanta aige<sup>13</sup>.
13. Is féidir na líomhaintí a ghrúpáil ina dtrí chatagóir: a) sáruithe 1, 4 agus 7 maidir leis an 10 Márta 2006; b) sáruithe 2, 5 agus 8 maidir leis an 27 Aibreán 2006; agus c) sáruithe 3, 6 agus 9 maidir leis an 31 Bealtaine 2006.
14. Tá an fhianaise ó Paddy Walsh i dtaca le sáruithe 1, 4 agus 7 ar fáil ina thuarascáil ar an réamhfhiosrúchán agus ag lgh 38-45 den tras-scríbhinn.<sup>14</sup> Eascaíonn na sáruithe sin as éilimh ar chostais a tabhaíodh as freastal ar Chomhdháil Bhliantúil Chumann Comhairlí Contae is Cathrach ag Óstán Fairways i nDún Dealgan (*“comhdháil Dhún Dealgan”*) ar 9, 10 agus 11 Márta 2006 agus as freastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn ar 10 Márta 2006. Thug an tUasal Walsh fianaise gur éiligh an Seanadóir costais chothaithe agus mhíleáiste ar Chomhairle Contae Dhún na nGall agus gur íocadh iad i dtaca lena fhreastal ar chomhdháil Dhún Dealgan, lenar áiríodh an 10 Márta 2006, agus gur éiligh sé costais chothaithe agus mhíleáiste ar Údarás na Gaeltachta ina dhiaidh sin i dtaca lena fhreastal ar an gcruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall a bhí ar siúl ar an dáta céanna, ar chostais iad a íocadh.<sup>15</sup>
15. Léiríonn litreacha ón Seanadóir den 15 Nollaig 2011 agus den 21 Márta 2012 gur thaistil sé ó chomhdháil Dhún Dealgan go díreach chuig an gcruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn an 10 Márta 2006, in ionad taisteal ón mbaile chuig an gcruinniú (rud is coinníoll de mhíleáiste a éileamh ar an Údarás). Luadh i bhfoirm éilimh an tSeanadóira a cuireadh faoi bhráid Údarás na Gaeltachta an 24 Deireadh Fómhair 2006 gur ón mbaile a thaistil sé chuig an gcruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, áfach. Cé gur tharraing an tUas. Walsh aird ar an neamhréireacht sin le linn

<sup>10</sup> ag lgh 9-27 den tras-scríbhinn

<sup>11</sup> mar atá an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, arna fhorléiriú i dteannta an Achta Rialtais Áitiúil, 2001

<sup>12</sup> de réir bhrí alt 4(6) den Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

<sup>13</sup> de réir bhrí alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, arna leasú

<sup>14</sup> ó líne 24 ar lgh 38 go líne 23 ar lgh 45

<sup>15</sup> glacann an Seanadóir Ó Domhnaill leis, ag lgh 209 den tras-scríbhinn, gurb amhlaidh a bhí

an réamhfhiosrúcháin d'fhonn ráiteas a fháil ón Seanadóir, níor pléadh leis an neamhréireacht sa freagra a tugadh. Thug an Seanadóir fianaise don Choimisiún gur thaistil sé ó chomhdháil Dhún Dealgan chun an bhaile agus/nó chun a oifige chun déileáil le cúrsaí oibre agus gur thaistil sé ón áit sin chuig an gcuinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn. Ceistíodh an Seanadóir faoin dearbhú deireanach sin, rud a bhréagnaíonn na cuntais a thug sé roimhe sin de réir cosúlachta. Taifeadtar sa tras-scríbhinn na saincheistanna éagsúla a ardaíodh chuige sin, lena n-áirítear saincheist nua na fisiteiripe a cuireadh in iúl don chéad uair ag an éisteacht.

16. Tá an fhianaise ó Paddy Walsh i dtaca le sárúithe 2, 5 agus 8 ar fáil ina thuarascáil ar an réamhfhiosrúchán agus ag lgh 45-52 den tras-scríbhinn.<sup>16</sup> Eascraíonn na sárúithe as éileamh ar chostais a tabhaíodh ar 26 agus 27 Aibreán 2006 i dtaca le himeacht oiliúna de chuid an Fhorais Riaracháin i gCarraig Mhachaire Rois ("**imeacht Charraig Mhachaire Rois**") agus i dtaca le freastal ar chruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn ar 27 Aibreán 2006. Thug an tUas. Walsh fianaise gur éiligh an Seanadóir costais ar Chomhairle Contae Dhún na nGall as míleáiste, as fanacht thar oíche agus as cothú an 27 Aibreán 2006, bunaithe ar chomhdháil thar oíche agus freastal ar imeacht lae (lá agus 3 huaire)<sup>17</sup>, agus gur íocadh na costais sin, agus gur éiligh sé costais chothaithe agus mhíleáiste ar Údarás na Gaeltachta ina dhiaidh sin i dtaca lena fhreastal ar an gcuinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall a bhí ar siúl ar an dáta céanna.<sup>18</sup> Tugtar faoi deara nár cheadaigh Údarás na Gaeltachta a éileamh ar chostais chothaithe. Is dócha gurbh amhlaidh a bhí mar nár chomhlíon an t-am luaite idir taisteal ón mbaile chun an chruinnithe agus ar ais chun an bhaile an tairseach ábhartha ama.
17. Bhí na foirmeacha éilimh<sup>19</sup> ag teacht salach ar a chéile maidir leis na hamanna a mhaígh an Seanadóir gur bhain sé an baile amach – cuireadh in iúl san fhoirm éilimh a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall gur bhain sé an baile amach ag 8pm an 27 Aibreán 2006, cé gur cuireadh in iúl san fhoirm éilimh a cuireadh faoi bhráid an Údaráis gur fhág sé a bhaile ag 5pm ar an dáta céanna.<sup>20</sup> Dá gcuirfí in iúl san fhoirm éilimh a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall gur fhill an Seanadóir abhaile ó imeacht Charraig Mhachaire Rois ag 5pm an 27 Aibreán 2006 agus ní ag 8pm ar an dáta sin, ní bheadh ar an gComhairle Contae an íocaíocht bhreise cothaithe a cuireadh ar áireamh don tréimhse sin a íoc.
18. Luadh sa litir ón Seanadóir an 15 Nollaig 2011 gur bhain sé an baile amach tar éis imeacht Charraig Mhachaire Rois chomh luath le 3pm, in ionad 8pm, agus gur míshonraíodh é sin mar "*genuine error*" ar an bhfoirm éilimh a chuir sé faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall.
19. Ní thugann an Seanadóir míniú ar cén fáth a measann sé gurbh fhearr an chuimhne a bhí

<sup>16</sup> ó líne 24 ar lch 45 go líne 21 ar lch 52

<sup>17</sup> féach lch 47, línte 6 – 19, den tras-scríbhinn

<sup>18</sup> féach lch 50-51 den tras-scríbhinn

<sup>19</sup> tugtar faoi deara gur go mícheart a luaitear san fhoirm éilimh ábhartha a cuireadh faoi bhráid an Údaráis gurbh é an 24 Aibreán 2006 dáta an chruinnithe de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall. Ba é an 27 Aibreán 2006 an dáta ceart

<sup>20</sup> lch 51 den tras-scríbhinn

aige ar a fhilleadh abhaile ar 27 Aibreán 2006 agus éilimh á dhéanamh aige ar an Údarás ar an 24 Deireadh Fómhair 2006, 6 mhí tar éis an imeachta, ná an chuimhne a bhí aige ar 13 Meitheamh 2006, agus éilimh á dhéanamh aige ar Chomhairle Contae Dhún na nGall níos lú ná 7 seachtaine i ndiaidh an imeachta.

20. Arís, luann an Seanadóir gur thaistil sé abhaile ó láthair an imeachta a raibh sé ag freastal air mar chomhairleoir, mar a bhí Carraig Mhachaire Rois sa chás seo, sular thaistil sé chuig an gcruinniú i Leitir Ceanainn a raibh sé ag freastal air mar chomhalta den Údarás. Luann sé ina litir den 15 Nollaig 2011 agus ina fhreagra ar cheisteanna a chuir Paddy Walsh i mí Lúnasa 2012 go ndearna sé amhlaidh chun déileáil le litreacha poist ó thoghthóirí. Tugtar faoi deara nár fhág an Seanadóir a bhaile agus/nó a oifig go dtí 5pm an lá roimhe chun taisteal chuig Carraig Mhachaire Rois agus go raibh sé beartaithe aige filleadh ar an áit sin tar éis an chruinnithe de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall an tráthnóna sin.
21. Ar an dara leathanach den fhoirm éilimh a chuir an Seanadóir faoi bhráid an Údaráis, taifeadtar gur thaistil sé go Ciarraí ag am neamhshonraithe ar 27 Aibreán 2006 chun freastal ar chruinniú de chuid an Bhoird.
22. Tá an fhianaise ó Paddy Walsh i dtaca le sáruithe 3, 6 agus 9 ar fáil ina thuarascáil ar an réamhfhiosrúchán agus ag lgh 52-58 den tras-scríbhinn.<sup>21</sup> Eascaíonn na sáruithe sin as éileamh ar chostais a tabhaíodh ón 30 Bealtaine go dtí an 1 Meitheamh 2006 ag Comhdháil maidir leis an Turasóireacht Mhuirí i gCairlinn (“**comhdháil Chairlinn**”) agus ag cruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath ar 31 Bealtaine 2006. Thug an tUas. Walsh fianaise gur éiligh an Seanadóir costais ar Chomhairle Contae Dhún na nGall as míleáiste, dhá fhanacht thar oíche agus cothú breise ar an mbonn gur fhág sé an baile ag 3pm ar 30 Bealtaine 2006 agus gur fhíll sé abhaile ag 2pm ar 2 Meitheamh 2006 agus gur íoc an Chomhairle na costais sin leis<sup>22</sup>, agus gur éiligh sé costais chothaithe agus mhíleáiste ar Údarás na Gaeltachta ina dhiaidh sin freisin i dtaca lena fhreastal ar imeacht seolta de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar 31 Bealtaine 2006, ar dáta é a bhfuair sé íocaíocht as cothú ina leith cheana féin.<sup>23</sup>
23. Bhí na foirmeacha éilimh ag teacht salach ar a chéile maidir leis na hamanna a mhaígh an Seanadóir gur fhág sé a bhaile chun dul chuig Cairlinn an 30 Bealtaine 2006. Luadh san fhoirm éilimh a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall gur fhág sé a bhaile ag 3pm an lá sin, cé gur áiríodh leis an bhfoirm éilimh a cuireadh faoi bhráid an Údaráis do mhí na Bealtaine 2006 éileamh i dtaca le freastal an lá sin ar chruinniú de chuid an Údaráis i nGleann Cholm Cille, ar luaigh an Seanadóir nár fhíll sé abhaile uaidh go dtí 3.30pm.
24. Nuair a d’iarr an tUas. Walsh air a mhíniú cén fáth nár thaistil sé go díreach chuig Cairlinn ó Ghleann Cholm Cille, slí atá níos giorra, luaigh an Seanadóir go raibh sé ag iarraidh litreacha poist agus teachtaireachtaí ó thoghthóirí a fháil ón mbaile ar an mbealach.

---

<sup>21</sup> ó líne 22 ar lch 52 go líne 25 ar lch 58

<sup>22</sup> féach lgh 53 – 54 den tras-scríbhinn

<sup>23</sup> féach lgh 57 – 58 den tras-scríbhinn



25. Cuireadh an dáta 13 Aibreán 2006 leis an bhfoirm éilimh a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún na nGall, dáta a tháinig roimh an imeacht lenar bhain sé. Is dócha gur cuireadh i gcrích í ar 13 Meitheamh 2006. Luadh san fhoirm éilimh gur fhill an Seanadóir abhaile ag 2pm ar 2 Meitheamh 2006. Sa litir uaidh den 15 Nollaig 2011, mhínigh an Seanadóir gur “*typo*” a bhí sa tagairt don 2 Meitheamh agus gur cheart tagairt don 1 Meitheamh a bheith inti. Anuas air sin, mhínigh an Seanadóir gur ag 8pm a d’fhill sé abhaile agus ní ag 2pm.
26. San fhoirm éilimh a chuir an Seanadóir faoi bhráid an Údaráis i dtaca leis an imeacht seolta de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath ar 31 Bealtaine 2006, áiríodh costais mhíleáiste as taisteal 54 mhíle óna bhaile chuig an gClochán Liath agus ar ais chun an bhaile arís. Tá sé sin amhlaidh in ainneoin gur ó chomhdháil Chairlín a thaistil an Seanadóir chuig an imeacht seolta de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath. Sa litir uaidh den 15 Nollaig 2011, níor mhínigh an Seanadóir cén fáth a ndeachaigh sé abhaile le linn a thuais ar ais chuig an gClochán Liath ó Chairlín. Sa litir uaidh den 21 Márta 2012, mhínigh an Seanadóir gur tharla sé sin “*in order to attend to pressing constituency matters which had arisen*”. Sa fhreagra uaidh ar cheisteanna a chuir Paddy Walsh i mí Lúnasa 2012, mhínigh an Seanadóir gur tharla sé sin “*to attend to constituency correspondence and mail. This represents nothing new in the manner in which I undertake my work.*”
27. Thug an tUas. Walsh fianaise go ndearna an Chomhairle Contae imscrúdú ar na hábhair thuas agus, mar chuid dá himscrúdú, thug an Seanadóir míniúcháin ar na sáruithe líomhnaithe.<sup>24</sup> Thug an tUas. Walsh fianaise freisin i dtaca leis na ceisteanna a chuir sé é féin ar an Seanadóir mar thoradh ar an ngearán a fuarthas.<sup>25</sup> Thug an tUas. Walsh fianaise ansin maidir leis na bealaí agus na faid ba ghiorra idir na láithreacha ar thaistil an Seanadóir uathu agus chucu ar na hócáidí i gceist. Ba chosúil ó fianaise an Uas. Walsh, agus ó fhoirmeacha éilimh an tSeanadóira go háirithe, gurb amhlaidh gach uair a d’éiligh an Seanadóir costais mhíleáiste ar Chomhairle Contae Dhún na nGall gur cuireadh an líon mílte isteach mar fhigiúr a bhí i bhfad ní b’airde ná an míleáiste a bhí ceadaithe.
28. Tá an croscheistiú a rinne an tUas. Mac Cárthaigh BL ar an Uas. Walsh thar ceann an tSeanadóira ar fáil ag lgh 107 – 153 den tras-scríbhinn.
29. D’éist an Coimisiún le beirt fhinnéithe go hachomair ansin. Thug Séamus Neely, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall, fianaise<sup>26</sup> nach ndearnadh aon bhearta i dtaca le ró-íocaíocht fhéideartha €16.32 chun an tsuim airgid sin a aisghabháil fad a bhí an cinneadh ar imeachtaí an Choimisiúin ar feitheamh.<sup>27</sup> Fiafraíodh de Ghearóid Breathnach, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ar Údarás na Gaeltachta, an raibh aon ghearán ag an Údarás faoi na nithe a bhí á bplé ag an gCoimisiún agus d’fhreagair sé nach raibh.<sup>28</sup>

<sup>24</sup> Tá an fhianaise ón Uas. Walsh ina leith sin ar fáil ó lch 61 (líne 28 ar aghaidh) go lch 78

<sup>25</sup> ó lch 79, líne 12, den tras-scríbhinn go lch 94, líne 22 (sos le haghaidh lóin), agus ansin ó lch 96 (líne 20 ar aghaidh) go lch 107

<sup>26</sup> ag lgh 160 – 164 den tras-scríbhinn

<sup>27</sup> ag lgh 162 – 163 den tras-scríbhinn

<sup>28</sup> ag lch 165 den tras-scríbhinn

30. Tá fianaise an tSeanadóir i dtaca leis na sáruithe líomhnaithe ar fáil ag lgh 166 – 182 den tras-scríbhinn agus tá an croscheistiú a rinneadh air ar fáil ag lgh 182 – 210. Dheimhnigh an Seanadóir nuair a bhí sé á chroscheistiú go raibh sé eolach ar na rialacha lena rialáítear éilimh chostais.<sup>29</sup> Dheimhnigh sé gur choinnigh sé dialann agus gur líonadh isteach go comhaimseartha é mar thaifead ar a fhreastal ar imeachtaí éagsúla.<sup>30</sup> Nuair a bhí sé á chroscheistiú faoi imeachtaí an 10 Márta 2006, ghlac an Seanadóir leis go ndearna sé éileamh ar dhá íocaíocht cothaithe agus go bhfuair sé an da íocaíocht agus dúirt sé: *“I mo thuairim-se bhí na hócáidí sin bhí difear dubh agus bán idir an dá ócáid. Bhí mé ag déanamh freastail thar ceann dhá eagrais. Bhí mé ag déanamh freastail thar ceann dhá eagrais. Ag comhlíonadh i mo thuairim-se an rud is fearr thar ceann phobal Dhún na nGall. C. An gciallaíonn sé go mbraitheann tú go bhfuil sé de cheart agat dhá íocaíocht cothabhála a fháil má tá obair á déanamh agat thar son an dá eagrais? F. Sin ceist don Choimisiún is dóigh.<sup>31</sup> ... Creidim go raibh mé i dteideal na híocaíochtaí cothabhála sin. Mar nach raibh éileamh ar bith déanta agam chuig an Údarás ar éileamh íocaíochta den chineál céanna.”<sup>32</sup> D’aontaigh sé, áfach, gur sheiceáil sé a dhialann nuair a chuir sé a éileamh faoi bhráid Údarás na Gaeltachta agus go bhfaca sé go raibh liúntas cothaithe íoctha leis cheana féin i ndáil leis an lá ábhartha.<sup>33</sup>*
31. Nuair a cuireadh ceist air faoi chomhdháil Chairlín, d’aontaigh an Seanadóir gur íocadh dhá liúntas thar oíche leis agus dúirt sé gur *“botún”* é.<sup>34</sup> Thug sé fianaise níos déanaí gur: *“mheas mé gur buntáiste níos mó a bhí ann é sin a dhéanamh. Sin cad ina thaobh gur dheimhnigh mé é. Agus chuir mé an t-éileamh isteach dá bhrí sin. C. Agus mar gheall air sin déanadh dhá éileamh ar dhá íocaíocht cothabhála ... F. Dá bhrí sin, tá ceisteanna anois faoi €16.32, faoin éileamh seo atá tú ag déanamh tagairt dó is dócha? C. Tá sé sin ceart, an gceapann tú go ndéanann sé sin difríocht de chineál éigin? Gur €16.32 atá ann? F. Níl mise ag rá dóigh amháin nó dóigh eile.”<sup>35</sup> Dúirt an Seanadóir ina dhiaidh sin: *“Bhuel chuir mise isteach an t-éileamh sin, de bhrí go ndearna mé freastal ar ócáid a bhí i mo thuairim-se, ag déanamh níos mó maithe don chontae agus do chúrsaí spóirt ná mar a bheinn dá mbeinn ag freastal ar an gcomhdháil agus ar imeachtaí na comhdhála an tráthnóna sin agus sin é an tuigbheáil a bhí agam. Agus mar a dúirt mé, go dtí an lá inniu, measaim gurb é sin an rud ceart le déanamh a rinne mé.”<sup>36</sup>**
32. Nuair a fiafraíodh de arbh eol dó go bhfuair sé íocaíocht as an gcomhdháil agus go raibh an chomhdháil ar siúl ar cheann de na laethanta a bhí sé i nDún na nGall, dúirt an Seanadóir: *“Bhí agam le cinneadh a dhéanamh, cé acu ab fhearr mo chuid dualgaisí mar pholaiteoir agus mar dhuine ón gcontae a chomhlíonadh nó a bheith amuigh ar ócáid sóisialta ag comhdháil. Mheas mé féin go raibh sé níos fearr freastal ar mo chuid dualgaisí poiblí. C.*

<sup>29</sup> ag lch 183 den tras-scríbhinn

<sup>30</sup> ag lch 185 den tras-scríbhinn

<sup>31</sup> ag lch 186, línte 23 – 29

<sup>32</sup> ag lch 187, línte 10 – 13

<sup>33</sup> ag lch 188, línte 13 – 20

<sup>34</sup> ag lch 204, línte 15 – 28

<sup>35</sup> ag lch 208, línte 4 – 8 (tá ord na gceisteanna soiléir ón leagan Gaeilge den tras-scríbhinn)

<sup>36</sup> ag lch 208, línte 14 – 20

*Tuigim é sin. Ach shocraigh tú freisin éileamh a dhéanamh i mí Deireadh Fómhair ar chothabháil do lá go raibh tú tar éis íocaíocht a fháil air cheana féin? Nach ea? F. Chím an botún sin anois.*<sup>37</sup>

33. Nuair a fiafraíodh de nach dtaifeadfadh sé na hamanna ar fhreastail sé ar imeachtaí, dúirt sé nach gcuirfeadh sé rud mar sin isteach sa dialann, cé gur díol suntais é gur thairfeadh sé am don lá atá á iniúchadh. *“Chuirfeá isteach sa dialann go raibh cruinniú agam i nGleann Cholm Cille mar shampla. Ní chuirfeá isteach cén t-am a d’fhág tú ar maidin, cén t-am a d’fhill tú tráthnóna ach an lá sin, bhí sé istigh agam gur fhill mé abhaile ag leathuair tar éis a trí. Bhí sé níos cóngaraí don trí a chlog, am éigin ach thart air sin. Ní raibh aon buntáiste,”* ar seisean.<sup>38</sup>
34. Nuair a cuireadh ceist air faoi cé acu ar thairfeadh sé amanna imeachtaí éagsúla nó nár thairfeadh, dúirt an Seanadóir nár thairfeadh sé ach am an chruinnithe agus na hamanna a raibh sé i láthair ag coinní agus nach gcuirfeadh sé sonraí isteach faoi na hamanna ar fhág sé iad agus ar fhill sé abhaile.<sup>39</sup> Mhaígh sé gur chuir se am taisteal le hamanna na gcruinnithe chun na hamanna ábhartha a ríomh. .<sup>40</sup>
35. Mar chosaint dó, luaigh an Seanadóir gur mó an costas a thabhaigh sé as breosla agus as caitheamh agus cuimilt a chairr chun freastal ar na cruinnithe de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ná na híocaíochtaí a fuair sé ina leith.<sup>41</sup> I dtaca leis na híocaíochtaí cothaithe don 31 Bealtaine 2006, chuir sé in iúl gur mó an costas a thabhaigh sé as freastal ar an imeacht seolta de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall ná an méid a fuair sé as costais taistil.<sup>42</sup>
36. Scrúdaíodh iontaofacht chuimhne an tSeanadóir. D’áitigh an Seanadóir ar an gcéad dul síos, mar shampla, nár choimeád sé é féin ach ón gcuid chaitheamh aimsire de chomhdháil Dhún Dealgan. Ghlac sé leis, agus é á chroscheistiú, go raibh sé sin mcheart.<sup>43</sup> Mar atá tugtha faoi deara thuas, ba ag teacht salach ar a chéile a bhí na cuntais a thug sé ar imeachtaí an 10 Márta 2006 agus ar cé acu ab amhlaidh nó nárbh amhlaidh go ndeachaigh sé abhaile sular fhreastail sé ar an gcruinniú de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus go ndeachaigh sé abhaile ina dhiaidh. D’áitigh an Seanadóir go ndearna sé é sin mar gheall ar chineál iomaíoch na polaitíochta.<sup>44</sup> D’fhianaigh an Seanadóir gur fhreastail sé ar choinne fisiteiripe 45 nóiméad an 10 Márta 2006,<sup>45</sup> rud nár luadh roimhe sin. Dúirt sé roimhe sin go raibh sé ag déileáil le ceisteanna leighis. D’áitigh an Seanadóir agus é á chroscheistiú go raibh sé ag déileáil le ceisteanna leighis do thoghthóirí ó ospidéal, ag iarraidh go bunúsach áiteanna daoine ar liostaí feithimh a fheabhsú. D’fhiafraigh Cathaoirleach an Choimisiúin de

---

<sup>37</sup> ag lch 209, línte 13 – 24

<sup>38</sup> ag lch 205, línte 3 – 10

<sup>39</sup> ag lch 205, líne 21 go dtí deireadh an leathanaigh

<sup>40</sup> ag lch 206, línte 9 – 26

<sup>41</sup> ag lch 191, líne 2

<sup>42</sup> ag lch 207, línte 9 – 12

<sup>43</sup> ag lch 194, línte 4 – 15

<sup>44</sup> ag lgh 194 – 196

<sup>45</sup> ag lch 173 den tras-scríbhinn

conas a d'fhéadfadh na déileálacha sin bheith ceadmhach de bharr saincheisteanna rúndacht othar. Ba é an freagra a thug an Seanadóir dó ná go mbeadh ar thoghthóirí rúndacht a scaoileadh nó nach mbeadh rúndacht riachtanach ina lán cásanna.<sup>46</sup> Dúirt an Seanadóir nach raibh sé ag tagairt dá choinne leighis féin, rud nár luaigh sé roimhe sin, mar nár mheas sé gur bhain sé le hábhar.<sup>47</sup>

37. Agus é á chroscheistiú faoi cén fáth ar fheabhsaigh a chuimhne le himeacht ama agus nár éirigh sí níos measa, dúirt an Seanadóir gur labhair sé lena theaghlach, lena rúnaí, lena thraenálaí agus lena chóitseálaí agus a leithéid mar go raibh a *“ainm amuigh ansin”*.<sup>48</sup>
38. Dúirt an Seanadóir nach raibh Bluetooth aige agus go raibh air an carr a stopadh chun freagra a thabhairt ar ghlaonna teileafóin nuair a bhí sé ag tiomáint ('am marbh' mar a thug an t-abhcóide air) mar nach raibh an glacadh chomh maith ag an am sin is atá sé sa lá atá inniu ann.<sup>49</sup> Mhínigh sé go raibh air níos mó cuairteanna a thabhairt ar a Oifig chun ríomhphoist a rochtain agus a leithéid a dhéanamh mar nach raibh an teicneolaíocht chomh sofaisticiúil is atá sí faoi láthair. Dúirt sé nach raibh sé inghlactha ina phost iarraidh ar dhuine eile litir a shíniú thar a cheann.<sup>50</sup>

## COMHTHÉACS DLÍTHIÚIL NA SÁRUITHE LÍOMHNAITHE

39. I dtaca leis na trí ócáid sáraithe atá á n-imscrúdú, tá sé líomhnaithe gur sáraíodh trí fhoráil dhlíthiúla ar leith. I dtaca le gach ceann de na trí ócáid, tá sé líomhnaithe gur sháraigh an Seanadóir (i) alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, de dheasca gur theip air na caighdeáin chuí a choinneáil ó thaobh na macántachta, na hiompraíochta, agus an chúraim do leas an phobail agus é ag comhall a fheidhmeanna mar chomhalta de Chomhairle Contae Dhún na nGall;<sup>51</sup> (ii) alt 169(3) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, trí neamhaird a thabhairt ar fhorálacha den Chód Cleachtais do Chomhairleoirí toisc gur éiligh sé costais taistil agus chothaithe ar Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ar Údarás na Gaeltachta<sup>52</sup> agus (iii) ós rud é gur *“duine sonraithe”* é de réir bhrí alt 4(6) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, go ndearna sé gníomh sonraithe de réir bhrí alt 2 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, nó sraith dá leithéid de ghníomhartha agus bhí a leithéid d'iompar ar neamhréir le comhall ceart fheidhmeanna chomhalta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus chomhalta d'Údarás na Gaeltachta aige agus/nó le muinín an phobail i gcoitinne a choinneáil as a leithéid d'fheidhmiú, ar ní é a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis.<sup>53</sup>
40. Ní mór gur deimhin leis an gCoimisiún maidir le caighdeán sibhialta an chruthúnais, is é sin le rá gur deimhin leis de réir chóimheá na dóchúlachta go ndearnadh sárú agus é ag déanamh cinnidh ina leith. Agus é ag teacht ar a chinntí, ba cheart don Choimisiún breithniú cúramach

---

<sup>46</sup> ag lch 199 den tras-scríbhinn

<sup>47</sup> ag lch 198 den tras-scríbhinn

<sup>48</sup> ag lch 203 den tras-scríbhinn

<sup>49</sup> ag lch 200 den tras-scríbhinn, línte 16 – 26

<sup>50</sup> ag lch 201 den tras-scríbhinn

<sup>51</sup> mar atá leagtha amach sna sáruithe darb uimhreacha 1, 2 agus 3

<sup>52</sup> mar atá leagtha amach sna sáruithe darb uimhreacha 4, 5 agus 6

<sup>53</sup> mar atá leagtha amach sna sáruithe darb uimhreacha 7, 8 agus 9

a dhéanamh ar an bhfianaise ar fad a tugadh ar aird, lena n-áirítear na doiciméid, an comhfhreagras ón Seanadóir, fianaise na bhfinnéithe agus a n-iompar. Ní hé amháin go bhfuil an Coimisiún i dteideal an fhianaise a iniúchadh agus í a thástáil le linn a mheasúnaithe, tá dualgas air é sin a dhéanamh.

41. Tugtar ar aird thuas nithe a bhfuil an chuma orthu gur neamhréitigh agus neamhréireachtaí féideartha iad i gcuntais an tSeanadóira. Ní airbheartaíonn na haighneachtaí seo go sonraítear iontu go huileghabhálach na nithe sin a d'fhéadfadh dul i gcion ar mheasúnú an Choimisiúin ar na míniúcháin a thug an Seanadóir. Ní bheartaíonn na haighneachtaí seo ach oiread ach béim a leagan ar nithe a d'fhéadfadh dul i gcion ar an gcúram a cuireadh ar an gCoimisiún an fhianaise a mheasúnú. Tá sé faoi bhreithiúnas saineolaíoch an Choimisiúin a chinneadh an bhfuil ceann ar bith de na nithe a thugtar ar aird, roinnt díobh nó gach ceann díobh oiriúnach dá bhreithnithe. Féadfaidh an Coimisiún nithe eile nach dtugtar ar aird anseo a mheas a bheith ábhartha dá mheasúnú ar na nithe atá faoi imscrúdú.
42. Is cosúil nach séanann an Seanadóir go ndearna sé na héilimh ábhartha. Is faoin gCoimisiún atá sé cinneadh a dhéanamh arbh ionann na héilimh a rinneadh agus na sárúithe atá liomhnaithe. . I gcás ina gcinneann sé go ndearnadh na sárúithe agus na gníomhartha atá liomhnaithe, ceanglaítear ar an gCoimisiún le halt 24 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (arna leasú), an méid seo a thaifeadadh ina thuarascáil: (a) an ndearnadh an sárú nó an gníomh de thaisme, go faillíoch, go meargánta nó d'aon turas, (b) sna himthosca uile, an sárú tromchúiseach nó mionsárú an sárú, agus (c) ar ghníomhaigh an Seanadóir de mheon macánta. Féadfaidh an Coimisiún féachaint ar aon nithe eile, más ann, is cuí leis.
43. Ina aighneachtaí tosaigh, d'fhéach an tUas. ó Braonáin le roinnt treorach ginearálta a thabhairt maidir leis na saintréithe ar leith a bhaineann le sárú nó gníomh a dhéantar de thaisme, go faillíoch, go meargánta nó d'aon turas.<sup>54</sup> Cé gur faoin gCoimisiún atá sé saintréith aon sárúithe a chinneadh, tá sé beartaithe go dtabharfar ar aird roinnt nithe a bhféadfadh an Coimisiún iad a mheas a bheith ábhartha do chinneadh den sórt sin.
44. Dúirt an Seanadóir go raibh sé eolach ar na rialacháin agus na hordacháin ab infheidhme maidir le héilimh chostais a dhéantar ar Chomhairle Contae Dhún na nGall. Dhearbhaigh sé an méid sin agus na héilimh á ndéanamh aige. D'fhéadfadh an Coimisiún a theacht ar an gconclúid gur cheart go mbeadh an Seanadóir eolach orthu sin ar aon chaoi ó bhí sé ina chomhairleoir contae. Ghlac an Seanadóir leis, agus é á chroscheistiú, go raibh an dualgas sin air.<sup>55</sup> Bhí an Seanadóir ina chomhairleoir ar feadh beagnach dhá bhliain faoin tréimhse i gceist agus ba cheart go mbeadh sé eolach faoi na hamanna ábhartha ar an bpróiseas trína bhfuair sé costais ó Chomhairle Contae Dhún na nGall. Dúirt an Seanadóir gurbh é an nós a bhí aige ná éilimh chostais a chuir faoi bhráid an Údaráis gach sé mhí, a bheag nó a mhór, in ainneoin na dtreoirilínthe a chuir an tÚdarás ar fáil tráth a thofa. Dúirt an Seanadóir gur choimeád sé dialann chun cabhrú leis a éilimh chostais a dhéanamh. Trí thagairt do na nithe sin roimhe seo amháin, d'fhéadfadh go mbeadh deacracht ag an gCoimisiún a rá gur de thaisme nó go faillíoch a rinneadh aon sárú nó aon ghníomh. Bheadh an Coimisiún in ann a

---

<sup>54</sup> ag Ich 25 den tras-scríbhinn

<sup>55</sup> ag Ich 184, línte 11-22

theacht ar an gconclúid gurb é is dóichí nár bhreathnaigh an Seanadóir, nuair a bhí éileamh á dhéanamh aige ar chostais, ar an dialann a choinnigh sé, rud ba chúis leis an bhféidearthacht go mbeifí in ann a rá gur go meargánta a rinneadh na héilimh.

45. San fhianaise uaidh, is cosúil go ndeachaigh an Seanadóir níos faide fós. Dúirt sé gur chaith sé níos mó ar bhreosla agus ar chothabháil a fheithicle ná an méid a d'éiligh sé mar chostais agus dúirt sé freisin go raibh sé den tuairim go raibh sé i dteideal costas ón dá eagraíocht mar gur fhreastail sé ar imeachtaí ar an aon dáta amháin thar ceann eagraíochtaí difriúla. Choinnigh sé a sheasamh sna freagraí scríofa uaidh d'Oifigeach Fiosrúcháin an Choimisiúin, áit ar luaigh sé i dtaca leis an 10 Márta 2006: *“as you note I in fact made two return trips to Dundalk during the currency of the Conference, this being necessitated by my attendance at the Sports Partnership meeting, and only claimed expenses for one of those return trips. I feel that my actions were entirely appropriate in the circumstances.”*<sup>56</sup> Luaigh sé an méid seo freisin: *“I claimed and received expenses in respect of 334 miles but actually I travelled a total of 606 miles in order to fulfil my obligations as a public representative”*. Ina theannta sin, luaigh sé arís go raibh a éilimh cuí sna himthosca.<sup>57</sup> Níor fhreagair an Seanadóir na ceisteanna a cuireadh i roinnt cásanna eile.<sup>58</sup> Agus aird á tabhairt ar an méid sin roimhe seo, d'fhéadfadh an Coimisiún a theacht ar an gconclúid gur d'aon turas a ghníomhaigh an Seanadóir agus a éilimh á ndéanamh aige.
46. Agus é ag measúnú an sárú nó gníomh tromchúiseach nó mionsárú nó mionghníomh é sárú nó gníomh ar bith ar aimsigh an Coimisiún é, áitítear nach gné chinntitheach den tsaincheist an tsuim airgid atá i gceist. Cé gur féidir leis an gCoimisiún aird chuí a thabairt ar mhéid na gcostas ata i gceist, d'fhéadfadh sé breithniú a dhéanamh freisin ar thosca amhail cineál an tsáraithe, an líon uaireanta lenar bhain, aon chóras trína ndearnadh sárúithe, na míniúcháin a tugadh ina leith, dearcadh an tsáraitheora i leith a iompair um an dtaca sin, leibhéal an léargais a taispeánadh agus aon chúinse eile a mheas an Coimisiún a bheith ábhartha don mheasúnú ar an tsaincheist sin.
47. Baineann breithnithe den chineál céanna le hábhar maidir le measúnú an Choimisiúin ar cé acu a ghníomhaigh an Seanadóir de mheon macánta nó nár ghníomhaigh.

**Siobhán Ní Chúlacháin**  
**Luán ó Braonáin SC**

**An 20 Meitheamh 2016**

---

<sup>56</sup> ag lch 16 den leabhrán doiciméad, F11

<sup>57</sup> ag lch 17 den leabhrán doiciméad, C&F 13, lch 17, C&F 18

<sup>58</sup> ag lch 24 den leabhrán doiciméad, C&F 27, lch 17, C&F 15

**Aighneachtaí scríofa arna ndéanamh ag abhcóidí don Seanadóir Ó Domhnaill**

## An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

### Imscrúdú maidir le gearán i leith an tSeanadóra Brian Ó Domhnaill arna dhéanamh ag Comhairle Chontae Dhún na nGall

#### Aighneachtaí scríofa thar ceann an tSeanadóra Ó Domhnaill

##### Na sárúithe líomhnaithe:

Tá naoi sárú curtha i leith an tSeanadóra Ó Domhnaill ach is trí shárú líomhnaithe atá i gceist i ndáiríre ag éirí as trí eachtra ar leith ar féidir iad a leagan amach mar seo a leanas:

##### 1. An chéad eachtra “Comhdháil Dhún Dealgan”

Gur sháraigh sé ailt 6, 13, 18 agus 22 i gCúid II de Threoir an Aire Chomhshaoil LG49/2<sup>1</sup> arb ionainn a sárú sin agus sárú ar fhorálacha eile<sup>2</sup> sa mhéid agus gur éiligh sé costais taistil agus chothabhála ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall as freastal ar Chomhdháil Bhliantúil na gComhairlí Contae agus Cathrach an 9-11 Márta 2006 i nDún Dealgan agus gur éiligh sé costais taistil agus chothabhála ó Údarás na Gaeltachta as freastal ar chruinniú de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn an 10 Márta 2006.

##### 2. An dara eachtra “Comhdháil Charraig Mhacaire Rois”

Gur sháraigh sé ailt 6, 18 agus 22 (níl alt 13 i gceist) i gCúid II de Threoir an Aire Chomhshaoil LG49/2 réamhráite arb ionainn a sárú sin agus sárú ar fhorálacha eile<sup>3</sup> sa mhéid agus gur éiligh sé costais taistil agus chothabhála ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall as freastal ar Chomhdháil den Fhoras Riaracháin Phoiblí i gCarraig Mhacaire Rois an 26-27 Aibreán 2006 agus gur éiligh sé costais taistil (ní raibh cothabháil i gceist) ó Údarás na Gaeltachta as freastal ar chruinniú de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall i Leitir Ceanainn an 27 Aibreán 2006.

##### 3. An tríú eachtra “Comhdháil Chairlinne”

Gur sháraigh sé ailt 6, 13, 18 agus 22 i gCúid II de Threoir an Aire Chomhshaoil LG49/2 arb ionainn a sárú sin agus sárú ar fhorálacha eile<sup>4</sup> sa mhéid agus gur éiligh sé costais taistil agus chothabhála ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall as freastal ar Chomhdháil Turasóireachta

---

<sup>1</sup> Arna ndéanamh i mí na Nollag 1993 de bhun airteagal 12 de IR 391/1993

<sup>2</sup> As a n-easraíonn sárú líomhnaithe ar alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Sárú líomhnaithe 1); sárú líomhnaithe ar alt 169(3) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus ailt 2.1, 2.2, 2.3 agus 8.1 den Cód Iompraíochta do Chomhairleoirí (Meitheamh 2004)(Sárú líomhnaithe 4); agus sárú líomhnaithe ar alt 4(6) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 mar dhuine sonraithe faoi alt sin a rinne gníomh sonraithe faoi alt 2 d’Acht 1995 (Sárú líomhnaithe 7).

<sup>3</sup> As a n-easraíonn sárú líomhnaithe ar alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Sárú líomhnaithe 2); sárú líomhnaithe ar alt 169(3) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus ailt 2.1, 2.2, 2.3 agus 8.1 den Cód Iompraíochta do Chomhairleoirí (Meitheamh 2004)(Sárú líomhnaithe 5); agus sárú líomhnaithe ar alt 4(6) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 mar dhuine sonraithe faoi alt sin a rinne gníomh sonraithe faoi alt 2 d’Acht 1995 (Sárú líomhnaithe 8).

<sup>4</sup> As a n-easraíonn sárú líomhnaithe ar alt 168 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Sárú líomhnaithe 3); sárú líomhnaithe ar alt 169(3) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus ailt 2.1, 2.2, 2.3 agus 8.1 den Cód Iompraíochta do Chomhairleoirí (Meitheamh 2004)(Sárú líomhnaithe 6); agus sárú líomhnaithe ar alt 4(6) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 mar dhuine sonraithe faoi alt sin a rinne gníomh sonraithe faoi alt 2 d’Acht 1995 (Sárú líomhnaithe 9).



Mara i gCairlinn an 30 Bealtaine-1 Meitheamh 2006 agus gur éiligh sé costais taistil agus chothabhála ó Údarás na Gaeltachta as freastal ar chruinniú de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall ar an gClochán Liath an 31 Bealtaine 2006.

Is fearr plé leo ina gceann agus ina gceann.

#### **Eachtra Dhún Dealgan (Gearáin 1, 4, 7)**

I ndeireadh a thuairisce den 7 Samhain 2012, a bhfuil an t-imscrúdú seo bunaithe uirthi, leagann an tUasal Walsh, a bhí an uair sin ina oifigeach imscrúdaithe, in alt 10 “Achoimre” cad iad na sáruithe dar leis is ceart a imscrúdú.

Maidir le heachtra Dhún Dealgan go sonrach deir sé in alt 10.4:

*“If the Commission takes the view that payment of travel and subsistence allowances to Council members who attend conferences, seminars, etc., is conditional on them attending the full programme of events, unless there are exceptional circumstances that prevent the member doing so, and furnishing a report to the Council afterwards, then it seems that Senator Ó Domhnaill may not have been entitled to any payments from the Council in respect of the Dundalk, Carlingford and Armagh events and he might be liable to refund to the Council any fees paid by the Council. The amounts involved here are:*

*“€831.57- ACCC conference in Dundalk*

*“€830.63 – Carlingford conference*

*“€1.077.54 – Summer School in Armagh*

*“€2,739.74 – TOTAL (including conference fees)”*

Níor aontaigh an Coimisiún leis an leagan amach seo agus níl aon éileamh ná sárú líomhnaithe i leith an tSeanadóir as páirt-neamhfrestal ar na comhdhála sin – tráth ar fhrestail sé ar imeachtaí eile thar ceann Údarás na Gaeltachta. Níl éileamh ar aisíoc molta beag ná mór ag an Uasal Walsh mar gheall gur fhág an Seanadóir Ó Domhnaill Comhdháil Charraig Mhacaire Rois go luath chun freastal ar chruinniú de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall.

Tá míniú le fáil ar an easaontú seo i ndlí-eolaíocht an Choimisiúin féin. San Imscrúdú ar ghearáin a rinne Comhairle Chontae Dhún na nGall i leith an iar-chomhairleora Larkin d’eisigh an Coimisiún tuairisc i mí na Nollag 2014. I measc na sáruithe a bhí curtha i leith an iar-chomhairleora bhí freastal neamh-iomlán ar chomhdháil. Dúirt an Coimisiún in alt 5.3:

*“In relation to alleged contraventions 4 to 6, whilst the Code of Conduct for Councillors and Section 142(5)(f) of the Local Government Act require a councillor attending a conference to submit a report to the local authority, Donegal County Council in a letter dated 9 August 2013 informed the Inquiry Officer that it was not “a compulsory practice” of the Council at that time to enforce the requirement and Councillor Larkin had not submitted reports in respect of the conferences. The letter stated that revised arrangements were introduced in March 2010 following the raising of the matter by the Local Government Auditor during the 2008 audit. The Commission concludes that in any given case, it is a matter in the first instance for the Council to assess whether there was proper attendance for the duration of a conference by a councillor as required by paragraph 8.2 of the Code and to enforce compliance with the obligation to report back to the Council in accordance with the Act. Against this background, the Commission is of the opinion that it would be inequitable to*

*adjudicate on Councillor Larkin in relation to his partial attendance at a conference when the regime for assessing a councillor's attendance and reporting thereon was not operated by the Council until 2010. In these circumstances, the alleged contraventions 4 to 6 are not established against Councillor Larkin."*

[aibhsiú curtha leis]

Cé go bhfuil difríochtaí móra idir cás Larkin agus an cás láithreach, baineann an dá cheann acu le Comhairle Chontae Dhún na nGall sa tréimhse roimh 2010 agus seasann an cinneadh

*"that it would be inequitable to adjudicate...in relation to his partial attendance at a conference when the regime for assessing a councillor's attendance and reporting thereon was not operated by the Council until 2010."*

Fágann sé sin go raibh an Seanadóir Ó Domhnaill saor le himeacht ar feadh tamaill ó chomhdháil a raibh sé ag freastal uirthi thar ceann na Comhairle Contae chun freastal ar ghnóthaí thar ceann an Údaráis má shíl sé go raibh an rogha sin fóinteach don phobal a raibh sé mar ionadaí orthu.

Míníonn sé sin an chúis nach leantar den ghearán faoi pháirt-neamhfheastal an tSeanadóir ar Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta John Hewitt ar feadh tamaill (roinnt uaireanta a'chloig ar an Aoine an 27 Iúil sara fhill sé níos déanaí an lá sin) chun freastal ar chruinniú de Bhord an Údaráis, cruinniú nár éiligh sé costais ar bith ina thaobh. Bhí an cruinniú i mbaile dúchais an tSeanadóir.

Ina theannta sin míníonn sé cinneadh an Choimisiúin gan aisíocaíocht iomlán a éileamh as páirt-neamhfheastal ar na trí chomhdháil faoi chaibidil anseo: Dún Dealgan, Carraig Mhacaire Rois agus Cairlinn.

Maidir leis Comhdháil Dhún Dealgan go sonrath deir Tuarascáil an Uasail Walsh in alt 10.1:

*"As originally presented, Senator Ó Domhnaill would not have been entitled to any of the an tÚdarás travel and subsistence allowance claims as these claims were in respect of periods for which Senator Ó Domhnaill had already submitted, and was paid, travel and subsistence allowances by Donegal County Council. After the Council raised queries with Senator Ó Domhnaill about the apparent conflicts in his claims, he gave explanations that changed some of the details on the claim forms. These revised details show that many journeys were made via his home. If the Commission takes the view that the original claim forms contain the correct details Senator Ó Domhnaill was not entitled to payments from an tÚdarás as follows:*

*"€93.27 – in respect of the DSP meeting on 10 March 2006"*

*"€76.95 – in respect of the DSP meeting on 27 April 2006"*

*"€76.95 – in respect of the Dungloe event on 27 April 2006"*

***"€253.54 – TOTAL"***

Is fearr plé leo seo ina gceann agus ina gceann.

Ag éirí as cinneadh agus dlí-eolaíocht an Choimisiúin seo i gcás Larkin, bhí an Seanadóir Ó Domhnaill saor le himeacht ar feadh tamaill ó chomhdháil Dhún Dealgan chun freastal ar chruinniú de Pháirtneireacht Spóirt Dhún na nGall thar ceann an Údaráis má shíl sé go raibh an rogha sin fóinteach don phobal a raibh sé mar ionadaí orthu, rud a rinne sé.

Tá dhá chuid ag baint leis an éileamh costais sin ar an Údarás a bhfuil deacracht leis dar le Tuairisc Walsh: €76.95 míleáiste agus €16.32 cothabháil<sup>5</sup>.

Ó tharla go mbaineann an t-éileamh : €76.95 ar mhíleáiste le turas óna theach agus óna oifig ar an bhFál Carrach/Gort a' Choirce agus ar ais arís ar an 10 Márta 2006 baineann sé le lá éagsúil agus turas éagsúil seachas an dá thuras ag éirí as Chomhdháil Dhún Dealgan ar íoc an Chomhairle Chontae míleáiste ina dtaobh: An Fál Carrach go Dún Dealgan ar an 9 Márta agus Dún Dealgan go dtí an Fál Carrach ar an 11 Márta. Níl éileamh dúbailte i gceist anseo ach dá éileamh éagsúla ar dhá chomhlacht phoiblí éagsúla as turasanna éagsúla ar laethanta éagsúla agus de bhun Cinneadh an Choimisiúin i gcás Larkin, bhí lán-chead ag an Seanadóir Ó Domhnaill an turas óna oifig ar an bhFál Carrach/Gort a' Choirce chuig Leitir Ceanainn agus ar ais arís ar an 10 Márta a dhéanamh.

Ní fíor do Thuairisc Walsh nuair a deir sé *"he gave explanations that changed some of the details on the claim forms"* maidir leis an turas seo. Tá firinne lom na dturasanna le fáil sna foirmeacha éilimh:

- Éilíonn foirm éilimh costaisí na Comhairle Contae<sup>6</sup> gur imigh sé ón bhFál Carrach ag 1pm an 9 Márta 2006 agus gur fhill sé ag 4:30pm an 11 Márta 2006 agus íocadh costais leis dá réir.
- Éilíonn foirm éilimh costaisí an Údaráis<sup>7</sup> gur imigh sé ón bhFál Carrach ag 3.30pm an 10 Márta 2006 agus gur fhill sé ag 9:00pm an lá céanna agus íocadh costais leis dá réir.

Leagann Tuarascáil Walsh am-líne an-úsáideach amach in alt 9.1.2<sup>8</sup>. Is leor imeachtaí an Aoine an 10 Márta a leagan amach anseo toisc gur leo a bhaineann an chonspóid:

*"Friday; 10 March*

*10:00am - morning session commences*

*1.00pm – he left the conference to return to Letterkenny for the DSP meeting at 5pm (see Appendix A, first bullet point on page 7).*

*3.30pm – he left home to attend the DSP meeting – per his an tÚdarás claim form – Appendix A1, page 3 (although it seems that he went to this meeting directly from Dundalk and went home afterwards.)*

*5.00pm – DSP meeting commenced – see Appendix D, page 14*

*8.00pm – DSP meeting finished (Appendix A10, paragraph 1) and he went home from the DSP meeting – per claim form.*

*9.00pm – arrived home from the DSP meeting – per claim form*

*10.30pm – left Falcarragh to return to Dundalk*

Éiríonn conspóid as mí-léamh an Uasail Walsh ar na foirmeach éilimh. In ainneoin gurb é an t-aon léamh ar thaisteal a thagann leis na foirmeacha éilimh ná gur imigh an Seanadóir Ó Domhnaill as Dún Dealgan (c. 1pm Dé hAoine) abhaile go dtí an Fál Carrach roimh an gcruinniú de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall agus gur imigh sé óna theach c.3:30 chun freastal ar an gcruinniú sin i Leitir Ceanainn, éilíonn Tuarascáil Walsh gur imigh an Seanadóir ó Dhún Dealgan c.1pm díreach chuig Leitir Ceanainn le haghaidh cruinniú ag 5pm. Níl ciall leis an leagan amach sin ná níl fianaise lena aghaidh.

---

<sup>5</sup> Leabhar Doiciméidí, lch 110.

<sup>6</sup> Leabhrán na Comhairle Contae lch 9.

<sup>7</sup> Leabhrán an Údaráis, lch 1.

<sup>8</sup> An Leabhar Doiciméidí, lch 109-110

Sin turas 2:56h dar le léarscáil an AA Route Planner a chuir an tUasal Walsh i bhfianaise, cé gur ghlac an tUasal Walsh faoi chros-cheistiú go bhféadfaí é a dhéanamh i 2:30h<sup>9</sup>. Ina theannta sin mar fhreagra ar an gcéad cheist a chuir an tUasal Walsh air i gcomhair a Thuarascála agus mar fhreagra ar: *“Did you wait for lunch on Friday?”* d’fhreagair an Seanadóir: *“No, I did not wait for lunch”*. (Tuarascáil Walsh, alt 9.1.20 ar lch 15.)<sup>10</sup>

Dar le Clár na Comhdhála<sup>11</sup> thosaigh an lón ag 12:30pm. Is fíor gur dhúirt an Seanadóir i litir uaidh chuig an gComhairle Chontae den 21 Márta 2012<sup>12</sup> gur imigh sé ó Dhún Dealgan ag 1pm, ach is é is dóchaí gur idir 12:30pm agus 1pm is ea a d’imigh sé. Fágann sé sin gur bhain an Seanadóir Leitir Ceanainn amach timpeall 3pm, rud a thabharfadh deis dó leanúint ar aghaidh abhaile chuig an mbaile agus an oifig aige chun freastal ar ghnóthaí toghlaigh agus a lucht vótála sara gcaithfeadh sé filleadh ar Leitir Ceanainn don chruinniú ag 5pm.

Dar le léarscáil AA Route Planner an Uasail Walsh, tógann sé 38 nóiméad dul ó Leitir Ceanainn go Fál Carrach ach ghéill sé le linn croscheistithe go bhféadfaí an turas a dhéanamh idir 25 agus 30 nóiméad<sup>13</sup>.

Faoi chroscheistiú, ghlac an tUasal Walsh nár iontach leis dá n-imeodh ball den Oireachtas abhaile ó Theach Laighean chuig Baile Phib roimh aghaidh a thabhairt ar chruinniú faoin tuath toisc an teach cónaithe a bheith in aice lámhe ó thaobh Theach Laighean de. Ghlac sé leis go bhféadfadh an meon céanna a bheith ag fear tuaithe faoin turas idir Leitir Ceanainn agus an Fál Carrach ó tharla an méid céanna ama a bheith i gceist leis an dá thuras<sup>14</sup>.

Pé scéal é, is é an leagan amach a bhí i gcónaí ag an Seanadóir ó chéad-rinne sé na héilimh ar chostais gur imigh sé as Dún Dealgan abhaile go dtí an Fál Carrach roimh an gcruinniú de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall agus gur imigh sé óna theach c.3:30 chun freastal ar an gcruinniú sin i Leitir Ceanainn agus go ndearna sé turas eile abhaile tar éis an chruinnithe (rud a nglacann an tUasal Walsh leis) gur bhain sé an baile amach timpeall 9pm chun plé le gnóthaí oifige agus pearsanta sarar thug sé aghaidh ar ais arís ar Dhún Dealgan ag 10:30 istóiche.

Is iad na foirmeacha éilimh an fhianaise is fearr agus is cóngaraí don eachtra ó thaobh ama de: Rinneadh éileamh ar an gComhairle Chontae an mhí chéanna an 20 Márta 2006. Rinneadh éileamh ar an Údarás, mar ba nós leis an Seanadóir seacht mí níos déanaí. Ní bhréagnaíonn aon fhoinsé eile an leagan amach sin agus sin é an fhianaise a thug an Seanadóir faoi mhóid don Choimisiún i rith an imscrúdaithe seo, fianaise gan bhréagnú.

Mhínigh an Seanadóir ina chuid fianaise ó bhéal go raibh an-phráinn le filleadh ar an oifig chomh minic agus ab fhéidir chun plé le hiarratais ón bpobal agus go raibh an-iomaíocht ann, chun é a chur go lom, chun an pobal a shásamh ar mhaithe le vótaí a bhailiú.

Mhínigh sé go sonrath ina chuid fianaise maidir leis an lá sin gur bhailigh sé postas agus gur pléigh sé le gnóthaí toghlaigh agus an tslí ar chuir sé an dá thuras abhaile in oiriúint don ghnó sin agus an gnó sin in oiriúint don dá thuras abhaile<sup>15</sup>.

---

<sup>9</sup> Trascríbhinn 146: 6 et seq

<sup>10</sup> Leabhar Doiciméidí, lch 114

<sup>11</sup> Leabhrán na Comhairle Contae, lch 2

<sup>12</sup> Leabhar Doiciméidí, lch 84: alt 1(i) *“I absented myself from the conference for the lunch period of the 10th day of March, 2006, which was scheduled between 1.00pm and 2.30pm....”*

<sup>13</sup> Trascríbhinn 136: 19 et seq

<sup>14</sup> Trascríbhinn 137: 3 et seq

<sup>15</sup> Trascríbhinn 173: 12 et seq

Mhínigh sé freisin an cóir leighis a bhíodhas á chur air i gcomhthéacs a chuid aclaíochta iomaíche. Mhínigh sé go sonrath an seisiún fisiteiripe c. 45 nóiméad a fuair sé sa bhaile ar an bhFál Carrach tar éis an chruinnithe de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall an 10 Márta 2006 sarar thug sé aghaidh arís ar Dhún Dealgan<sup>16</sup>.

Cuireann dhá litir ón Seanadóir chuig an gComhairle Chontae den 15 Nollaig 2011<sup>17</sup> agus den 21 Márta 2012<sup>18</sup> an tUasal Walsh amú beagán mar nach ndéanann sé iarracht iad a phósadh leis an gcuid eile den fhianaise. Deir an Seanadóir gur imigh sé ón gcomhdháil i nDún Deaglan le dul chuig an gcruinniú de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall. Is fíor sin. Ní fhágann sé as an áireamh go ndeachaidh sé chuig an gcruinniú via a bhaile agus a oifig ar an bhFál Carrach/Gort a' Choirce. Mar a chéile maidir leis na ceisteanna agus na freagraí ag alt 9.1.20 de Thuarascáil Walsh a leagann an tUasal Walsh béim orthu: ceisteanna agus freagraí 6 agus 15.

Mar aon leis an dá litir ní bhréagnaíonn na freagraí fianaise sheasta an tSeanadóir gur imigh sé ó Dhún Dealgan (c. 12:30-1pm) chuig an gcruinniú i Leitir Ceanainn ag 5pm via a theach agus a oifig ar an bhFál Carrach/Gort a' Choirce.

Béimníonn an Seanadóir i gcónaí nár éiligh sé ach costais taistil óna theach cónaithe chuig IT Leitir Ceanainn agus ar ais arís in ainneoin é a bheith as póca as an turas fillte ó Dhún Dealgan chuig an bhFál Carrach agus ar ais arís (nach raibh costais ag dul dó dá bharr, ar ndóigh). Cosnaíonn an Seanadóir i gcónaí feidhm agus tábhacht Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall. Labhraíonn na foirmeacha éileamh mar a cuireadh isteach iad ar a son féin agus ní léir aon soiléiriú a bheith ag teastáil.

Pléann sé sin leis an méid atá in alt 10.2 de Thuarascáil Walsh:

*“10.2 In any event, and despite the general explanations offered in relation to his travel arrangements, no explanation has been offered in relation to his attendance at the DSP meeting on 10 March 2006. Accordingly, it would seem that he was not entitled to the travel allowance of €76.95 and the subsistence allowance of €16.32 paid by an tÚdarás in respect of that meeting. Total €93.27”*

Ar ndóigh is léir ón bhfoirm éilimh ar chostais ar Údarás na Gaeltachta cén bunús a bhí leis. Níor bréagnaíodh riamh an t-éileamh sin. Ní nach ionadh ní raibh riamh agus níl aon fhadhb ag Údarás leis an éileamh ná leis na costais a d'íoc siad i leith an chruinnithe seo de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall. Lá na héisteachta ó bhéal an 9 Bealtaine 2016 thug an tUasal Ghearóid Breathnach, stiúrthóir seirbhísí corparáideacha fianaise thar ceann an Údaráis agus dheimhnigh sé nach raibh fadhb ar bith ag Údarás na Gaeltachta le héilimh an tSeanadóir maidir le costais i leith an chruinnithe ar an 10 Márta nó i leith éileamh costais ar bith a rinne an Seanadóir<sup>19</sup>.

I bhfianaise na fianaise go léir, d'fhéadfadh ceist a bheith ann faoin gcothabháil €16.32 a d'íoc an tÚdarás don 10 Márta 2006 agus liúntas thar oíche faighte ag an Seanadóir ón gComhairle Chontae don 10 Márta cheana ach aighnítear gur mar thaisme is fearr é sin a mhiniú agus iarratas á dhéanamh seacht mí tar éis na heachtra.

Aighnítear freisin gur ceist í don Údarás ar an gcéad dul síos agus gur ábhar iontais é go ndeachthas ar aghaidh leis an imscrúdú gan gearán nó údarú ón gcomhlacht poiblí a mhaítear a bheith thíos leis.

---

<sup>16</sup> Trascríbhinn Fianaise 173:23

<sup>17</sup> Leabhar Doiciméidí, lch 66 alt 1.

<sup>18</sup> Leabhar Doiciméidí, lch 84-85

<sup>19</sup> Trascríbhinn, lch 165.

### **Eachtra Charraig Mhacaire Rois (Gearáin 2, 5, 8)**

Eascaíonn an sárú líomhnaithe anseo as botún macánta ar an bhfoirm éileamh chuig an gComhairle Chontae<sup>20</sup>. Tugtar am fillte ar an teach cónaithe mar 8pm nuair is ceart do 3pm a bheith scríofa. As seo eascaíonn ró-íocaíocht cothabhála €16.32 ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Shoiléirigh an Seanadóir Ó Domhnaill an dearmad seo an chéad uair a scríobh an Chomhairle Chontae chuige ag éirí as an ngearán anaithind a chuir tús leis an bpróiseas seo go léir.

Sa litir thuasluaite a scríobh an Seanadóir chuig an gComhairle Chontae den 15 Nollaig 2011<sup>21</sup>, an chéad deis a bhí aige aghaidh a thabhairt ar an tsain-cheist seo ón gComhairle, soiléiríonn sé in alt 3 ar an gcéad leathanach agus é ag freagairt na gceisteanna san ord inar cuireadh iad mar seo a leanas: *“The return home time from Carrickmacross on 27th April [2006] should be 3pm and not 8pm and this was a genuine error”* agus míníonn sé an gnó oifigiúil a rinne sé maidir le postas srl. sarar thug sé aghaidh ar IT Leitir Ceanainn don chruinniú de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall ag 5pm dar leis an bhfoirm éilimh ar chostais ó Údarás na Gaeltachta<sup>22</sup>.

Tá mionbhotúin ar an bhfoirm éilimh seo agus thug an Seanadóir míniú agus ceartú a luaithe agus a tugadh ar aird do iad. Arís ina litir chuig an gComhairle Chontae den 15 Nollaig 2011<sup>23</sup>, an chéad deis a bhí aige aghaidh a thabhairt ar an tsain-cheist seo ón gComhairle, soiléiríonn sé in alt 3 gur ar an 27 Aibreán 2006 a bhí an cruinniú seachas an 24 Aibreán mar a bhí scríofa agus gur thug sé aghaidh ar an gcruinniú den Pháirtnéireacht Spóirt ag 4:30pm seachas ag 5pm.

Níorbh aon bhuntáiste don Seanadóir na botúin seo i bhfoirm an Údaráis. Ar an 24 Aibreán 2006 rinne sé freastal ar chomhdháil maidir le drámhaíl sna Dúnaibh i gContae Dhún na nGall óna 5pm an lá sin, rud a dhúisigh gearán ón duine anaithnid ach ar chinn an chomhairle chontae a bheith gan bhunús ó tharla an cruinniú den Pháirtnéireacht Spóirt a bheith ar siúl an 27 Aibreán 2006 seachas an 24ú mar a scríobh an Seanadóir ar dtús trí dhearmad<sup>24</sup>.

D’fhág an Seanadóir an Chomhdháil ar an gCarraig ag 12:40pm agus chaill sé 20 nóiméad de chaint a thosaigh ag 12:15pm mar aon le seisiún ceisteanna agus freagraí (15 nóiméad) agus lón na Comhdhála<sup>25</sup>. Ní mholann Tuarascáil Walsh go bhféadfaí iomlán na gcostas don Chomhdháil seo a aisghabháil ón Seanadóir as an bpáirt-neamhfheastal seo<sup>26</sup>. Molann sé áfach aisghabháil don Údarás in alt 10.1:

*“€76.95 – in respect of the DSP meeting on 27 April 2006.*

Ní léir aon bhunús a bheith leis seo. Ní raibh riamh agus níl aon fhadhb ag Údarás le an éileamh ná leis na costais a d’íoc siad i leith an chruinnithe seo de Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall. Costais taistil amháin atá i gceist leis an eachtra seo.

Is léir go raibh dhá chuairt éagsúla ar bun anseo de réir an eolais bhreise a tugadh:

- Turas (1) Dé Céadaoin 26 Aibreán 2006 ag 5pm imeacht ón bhFál Carrach chuig Carraig Mhacaire Rois agus ar ais abhaile 3pm an lá dár gcionn Déadaoin 27 Aibreán 2006.
- Turas (2): Déadaoin 27 Aibreán 2006 Imeacht as an bhFál Carrach ag 4:30pm go Leitir Ceanainn agus fillleadh 9pm an tráthnóna céanna.

<sup>20</sup> Leabhrán na Comhairle Contae, lch 21

<sup>21</sup> Leabhar Doiciméidí lch 66 et seq.

<sup>22</sup> Leabhrán Údarás na Gaeltachta, lch 3.

<sup>23</sup> Leabhar Doiciméidí lch 66 et seq.

<sup>24</sup> Leabhar Doiciméidí lch 86, alt 2

<sup>25</sup> Leabhar Doiciméidí lch 41

<sup>26</sup> Leabhar Doiciméidí lch 128.

In alt 10.3 de Thuarascáil Walsh cuirtear é seo go gonta:

*“The result of changing the time of his return home from the training seminar in Carrickmacross on 27 April 2006, from what he stated in the claim form, would seem to be that Senator Ó Domhnaill was not entitled to the payment of the 3 hour subsistence allowance of €16.32 paid by Donegal County Council.”<sup>27</sup>*

Ba léir don Chomhairle Chontae an ró-íocaíocht seo a bheith déanta ó shoiléirigh an Seanadóir an am-líne ina litir den 15 Nollaig 2011<sup>28</sup> ach níor thóg siad céim ar bith lena aisghábháil in ainneoin an chumhacht sin a bheith acu<sup>29</sup>.

Is pointe suimiúil teicniúil é nach cosúil go gcuimsíonn ailt 6, 18 agus 22 i gCúid II de Threoir an Aire Chomhshaoil LG49/2 a líomhnaítear gur sháraigh an Seanadóir iad maidir leis an eachtra seo, nach gcuimsíonn siad ró-íocaíocht den saghas seo.

Maidir le filleadh ar an bhFál Carrach tar éis an chruinnithe den Pháirtnéireacht Spóirt agus sarar thug sé aghaidh ar chruinniú de Bhord Údarás na Gaeltachta i gCiarraí an lá ina dhiaidh, mhínigh an Seanadóir go sonrach an seisiún fisiteiripe c. 45 nóiméad a fuair sé sa bhaile ar an bhFál Carrach timpeall 9:30pm tráth a raibh teacht ar an bhfisiteiripeoir/gcóitseálaí, rud a bhí riachtanach agus gortú á iompar aige agus rás tábhachtach ag teannadh leis sa Mheitheamh<sup>30</sup>.

### **Eachtra Chairlinne (Gearáin 3, 6, 9)**

Eascaíonn an sárú líomhnaithe anseo as cinneadh an tSeanadóir gan fhreastal ar chuid an tráthnóna den chomhdháil seo ar thuarasóireacht mhara an 31 Bealtaine 2006. Chaill sé amach de réir chláir na comhdhála<sup>31</sup> ar an méid seo a leanas:

*“3.30-3.50      Speaker’s Panel Q&A*

*“4.00-5.00      A Visit to the Carlingford Oyster Company  
With Guinness, oysters & mussels served on site.*

*“6.45-10.30     Sailing & Dinner on Tall Ship ‘Artemis’  
Depart Warrenpoint”*

Ó tharla an cead a bheith aige imeacht agus freastal ar sheoladh de chuid Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall a raibh sé fós an uair sin ina chathaoirleach air seachas fanacht thoir do na seisiún seo is deacair tacú leis an tuairim i dTuarascáil Walsh go bhféadfaí aisíocaíocht ar iomlán na gcostas a éileamh air maidir leis an gComhairle Chontae.<sup>32</sup>

Ardaítear an cheist faoi na costais a fuarthas ón Údarás ag alt 10.1. Ó tharla go mbaineann an t-éileamh : €67 ar mhíleáiste le haghaidh turas óna theach agus óna oifig ar an bhFál Carrach/Gort a’ Choirce go dtí an Clochán Liath agus ar ais arís ar an 31 Bealtaine 2006 – baineann sé le lá éagsúil agus turas éagsúil seachas an dá thuras ag éirí as Chomhdháil Chairlinne ar íoc an Chomhairle Chontae míleáiste ina dtaobh: An Fál Carrach go Cairlinn ar an 30 Bealtaine agus Cairlinn go dtí an Fál Carrach ar an 1 Meitheamh.

<sup>27</sup> Cf. Tuarascáil Walsh alt 9.2.5 don tuairim chéanna.

<sup>28</sup> Leabhar Doiciméidí, Ich 66 alt 1.

<sup>29</sup> Alt 6 i gCúid III de Threoir an Aire Chomhshaoil LG49/2

<sup>30</sup> Trascríbhinn Fianaise 177:26 et seq.

<sup>31</sup> Leabhrán na Comhairle Contae, Ich 29, Oscailt 16.

<sup>32</sup> Tuairisc Walsh alt 10.4 Leabhar Doiciméidí, Ich 128.

Níl éileamh dúbailte i gceist anseo ach dá éileamh éagsúla ar dhá chomhlacht poiblí éagsúla as turasanna éagsúla ar bhóithre éagsúla ar laethanta éagsúla agus de bhun Cinneadh an Choimisiúin seo i gcás Larkin, bhí lán-chead ag an Seanadóir Ó Domhnaill an turas óna oifig ar an bhFál Carrach/Gort a' Choirce chuig an gClochán Liath agus ar ais arís ar an 31 Bealtaine a dhéanamh.

Ardaíodh an cheist le linn fhianaise an Uasal Walsh ag an éisteacht poiblí an 9 Bealtaine 2016 ar an mbóthar a thug an Seanadóir air féin abhaile agus ar aghaidh chuig an gClochán Liath: an N56 seachas dul thar na sléibhte.

Is ar a chostas féin a d'imigh an Seanadóir abhaile an 31 Bealtaine agus cead aige an bóthar is fearr agus is sábháilte a roghnú chuige. Bhí an cead céanna aige an bóthar náisiúnta sin a roghnú agus é ag filleadh ar a chostas féin ón bhFál Carrach chuig Cairlín<sup>33</sup>.

I bhfianaise na fianaise go léir, d'fhéadfadh ceist a bheith ann faoin gcothabháil €16.32 a d'íoc an tÚdarás don 31 Bealtaine 2006 agus liúntas thar oíche faighte ag an Seanadóir ón gComhairle Chontae don 31 Bealtaine cheana ach aighnítear gur mar thaisme is fearr é sin a mhiniú agus iarratas á dhéanamh cúig mhí tar éis na heachtra<sup>34</sup>.

Lá na héisteachta ó bhéal an 9 Bealtaine 2016 thug an tUasal Gearóid Breatnach fianaise thar ceann an Údaráis agus dheimhnigh sé nach raibh fadhb ar bith ag Údarás na Gaeltachta le héilimh an tSeanadóir maidir le costais i leith an chruinnithe ar an 31 Bealtaine nó i leith éilimh chostais ar bith a rinne an Seanadóir.

Aighnítear freisin gur ceist í don Údarás ar an gcéad dul síos agus gur ábhar iontais é go ndeachthas ar aghaidh leis an imscrúdú gan gearán nó údarú ón gcomhlacht poiblí a mhaítear a bheith thíos leis.

Tá arís ar ais botúin ar fhoirm éilimh na Comhairle Contae<sup>35</sup>. Tugadh dáta an éilimh mar an 13/4/2006 nuair ba chóir an dáta an 13/6/2006 a bheith tugtha. Is botún é seo a cheartaigh an Seanadóir ina litir thuasluaite chuig an gComhairle Chontae den 15 Nollaig 2011<sup>36</sup>, an chéad deis a bhí aige aghaidh a thabhairt ar an tsain-cheist seo ón gComhairle. Sa litir chéanna cheartaigh sé an dara botún sa bhfoirm éilimh seo .i. gur fhill sé 2pm an 1 Meitheamh 2006 seachas 2pm an 2 Meitheamh 2006 mar atá ar an bhfoirm. Ní éiríonn aon ghearán ó cheachtar den dá bhotún seo agus is cosúil go nglactar le bona fides an tSeanadóir ina dtaobh.

Dúisíodh ceisteanna faoi shocruithe taistil an tSeanadóir taobh amuigh de na sárúithe líomhnaithe seo. Ba chosúil gur dúisíodh iad chun inchreidteacht an tSeanadóir a thástáil agus bhí deis ag an abhcóide sin a bhí ag cur na sárúithe líomhnaithe chun cinn an tástáil sin a dhéanamh agus níor cuireadh isteach air. Aighnítear gur finné iontaofa é an Seanadóir.

## **Tátal**

Aighnítear nach dtagann an fhianaise a cuireadh os comhair an Choimisiúin le duine a raibh sé i gceist aige buntáiste a bhreith ar chóras costais dá eagraíocht ar leith a raibh sé ina mball díobh.

Bhí saoirse agus cead aige bheith as láthair ó chuid de chomhdhála a ndearna sé freastal orthu chun freastal ar ghnóthaí eile mar ionadaí poiblí agus é diongbháilte den tuairim, mar a thug sé le fios ina chuid fianaise don Choimisiún, gurbh fhearr a chuid ama a chaitheamh leis na gnóthaí sin.

---

<sup>33</sup> Trascríbhinn 118 et seq

<sup>34</sup> Leabhrán an Údaráis, lch 6.

<sup>35</sup> Leabharán na Comhairle Contae, lch 37.

<sup>36</sup> Leabhar Doiciméidí lch 66 et seq.



Go deimhin bhí oiread costais - idir artola agus eile - ag baint le filleadh abhaile go bhféadfadh sé freastal mar is ceart ar ghnóthaí na Páirtnéireachta Spóirt gur mhó iad ná aon éileamh ar chostais as taisteal ón mbaile chuig imeachtaí na Páirtnéireachta Spóirt.

Tugadh an-léargas dúinn ar shaol gnóthach an ionadaí poiblí tuaithe i gceantar iomaíoch a éilíonn caighdeán ard seirbhíse óna chuid ionadaithe poiblí – galar Éireannach b'fhéidir. B'fhacthas a brú filleadh ar an oifig/baile agus tú in aice láimhe chun plé le gnóthaí toghlaigh chun tosaigh ar na hiomaitheoirí mar aon leis an mbrú fisiciúil ar an ionadaí poiblí óg atá ag iarraidh fanacht aclaí agus leanacht a bheith páirteach i gcúrsaí spóirt ag an am céanna agus na heilimh áirithe chóir leighis a eascraíonn as sin.

Is fuarasta a thuiscint conas a rachfaí amú de bheagán ar fhoirmeacha éilimh san atmasféir ard-bhrú seo ach ní hionainn sin agus an chamastaíl a chuirtear i leith an tSeanadóira anseo. Léiríonn na dearmaid nach raibh impleachtaí leo, olc ná maith, nach bhfuil an saol cosúil le saotharlann agus go dtarlaíonn a leithéid de thaisme an t-am ar fad ar fud na cruinne.

Mar a dúirt an t-abhcóide sinsir a chur na sárúithe líomhnaithe i láthair ní hé méad nó laghad na suimeanna i gceist atá tábhachtach ach an meon, macánta nó eile, taobh thiar de (*an mens rea*<sup>37</sup>). Aighnítear nach mbeadh sé cothromasach agus an scéal amhlaidh i bhfianaise na fianaise go léir breith nó cinneadh diúltach a thabhairt i leith an tSeanadóira Ó Domhnaill.

Ó tharla an Seanadóir Ó Domhnaill ina bhall, an uair sin, den dá chomhlacht phoiblí .i. Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Contae Dhún na nGall, b'éigean dó plé le coimhlint ar bith idir socruithe a dhéanadh an dá eagraíocht faoi seach. Baineann gach sárú líomhnaithe le cruinnithe thar cheann an dá eagraíocht a tháinig salach ar a chéile agus an tUasal Ó Domhnaill i dteideal an dá thrá a fhreastal.

De réir na fianaise a thug an Seanadóir Ó Domhnaill don Choimisiún bhain ciall agus réasún le gach cinneadh a rinne se nuair a tharla coimhlint idir cruinnithe dá leithéid, go háirithe agus é ina chathaoirleach ar Pháirtnéireacht Spóirt Dhún na nGall. Níor bréagnaíodh míniú ar bith a thug sé maidir leis na roghanna éagsúla sin.

Níl aon ghearán déanta ná á dhéanamh ag ceann amháin den dá eagraíocht i gceist .i. Údarás na Gaeltachta. Féach fianaise gan bhréagnú Ghearóid Breathnach (*supra*).

Is ceart an foirceadal *de minimus non curat lex* a chur i bhfeidhm maidir le na héilimh chothabhála €16.32 ó tharla an mhoill a bhain leis na héilimh a chur isteach agus gan aon ghearán a bheith déanta ag Údarás na Gaeltachta ina thaobh agus gan aon iarratas ar aisíocaíocht a bheith déanta ag Comhairle Contae Dhún na nGall, rud is ceadmhach dóibh a dhéanamh fós.

Tá dualgas dearfach ar an gCoimisiún seo cáil an tSeanadóira mar ionadaí poiblí a shlánú i bhfianaise na poiblíochta a bhain leis an éisteacht os a chomhair a shíolraigh i ndáiríre i dtús ama ó ghearán gan ainm, rud ar ghlac an tUasal Walsh leis<sup>38</sup>.

Freisin ó thaobh chostais na héisteacha de, aighnítear gur cuí faoi na himtosca go léir, gur cuí go n-aisghábhálfadh an Seanadóir a chuid costas agus go ndéanfaí iad a fhomhas ceal iad a aontú.

**Dáithí Mac Cárthaigh BL**  
**Séamas Ó Tuathail AS**

**Arna shíniú**

**Seán Ó Canainn, Atornae le Dlí, Gort a' Choirce, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.**

<sup>37</sup> Trascríbhinn 25:3

<sup>38</sup> Trascríbhinn lgh 107-08.